# SOLÁTHAR REATHA SNA hAONAID LÁN-GHAEILGE: SAINCHEISTEANNA A BHAINEANN LE BUNÚ, BAINISTIÚ AGUS BUANÚ

## TUARASCÁIL TAIGHDE

T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire & Máire Uí Chonghaile

Taighde arna mhaoiniú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Feabhra 2024

## CLÁR ÁBHAR


ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ........ 4

CAIBIDIL 1: INTREOIR ........ 6

RÉAMHRÁ ........ 6
COMHTHÉACS AN TAIGHDE ........ 6
SAINMHÍNITHE ........ 6
AN CÚLRA STAIRIÚIL ........ 7
RÉASÚNAÍOCHT AN TAIGHDE ........ 7
CEISTEANNA TAIGHDE ........ 8
STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA TAIGHDE ........ 8
CONCLÚID ........ 8

CAIBIDIL 2: LÉIRBHREITHNIÚ AR AN LITRÍOCHT ........ 9

RÉAMHRÁ ........ 9
AN TUMOIDEACHAS ........ 9
AN TUMOIDEACHAS LÁN-GHAEILGE ........ 10
AN TAONAD LÁN-GHAEILGE ........ 11
CONCLÚID ........ 13

CAIBIDIL 3: MODHEOLAÍOCHT ........ 14

RÉAMHRÁ ........ 14
AN CHEIST TAIGHDE ........ 14
SAMPLA AN TAIGHDE ........ 14
MODHEOLAÍOCHT AN TAIGHDE ........ 15
TEORAINNEACHA AN TAIGHDE ........ 19
CONCLÚID ........ 19

CAIBIDIL 4 : PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN ANAILÍS AR SHONRAÍ ..... 20

RÉAMHRÁ ..... 20
BUNÚ AGUS BUANÚ ..... 20
AN BHAINISTÍOCHT ..... 25
SOLÁTHAR ..... 46
ACHOIMRE ..... 56

CAIBIDIL 5: CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ DO NA hAONAID REATHA ..... 57

RÉAMHRÁ ..... 57
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ MAR A BHAINEANN LEIS NA HAONAID REATHA ..... 57
CONCLÚID ..... 78

CAIBIDIL 6: MÚNLA ATHCHOINCHEAPAITHE DON TODHCHAÍ ..... 79

RÉAMHRÁ ..... 79
MOLTAÍ A BHAINEANN LEIS AN MÚNLA ATHCHOINCHEAPAITHE ..... 79
TÁSCAIRÍ I DTREO FEABHSÚCHÁIN A BHAINEANN LEIS AN MÚNLA ATHCHOINCHEAPAITHE ..... 82
CONCLÚID ..... 90

TAGAIRTÍ ..... 91

AGUISÍN 1 ..... 95

## Achoimre Feidhmiúcháin

Múnla oideachais dhátheangaigh is ea an tumoideachas ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltaí trí mheán an dara teanga, teanga iasachta, teanga oidhreachta nó teanga dhúchais (Tedick, & Lyster, 2020). Is iomaí tír ar fud an domhain sa lá atá inniu ann a chuireann cláir thumoideachais i bhfeidhm. Is iomaí cineál cláir atá ann, agus bíonn go leor éagsúlachtaí eatarthu. Téann an comhthéacs sochtheangeolaíoch agus cultúrtha i bhfeidhm ar gach clár. Bíonn teangacha éagsúla, spriocanna éagsúla agus foghlaimeoirí éagsúla ag cláir.

Is múnla saibhriúcháin dhátheangaigh é an múnla tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn .i. is é an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht an aidhm atá leis, mar aon leis an mionteanga agus an cultúr mionlaigh a fhairsingiú agus a athbheochan i measc an phobail agus go náisiúnta. Tá fás mór tagtha ar an oideachas sin ó na 1970idí agus tá 66,979 dalta (.i. 7%) ag gabháil dó i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn faoi láthair: 60,643 dalta i bPoblacht na hÉireann agus 6,436 dalta i dTuaisceart Éireann (www.gaeloideachas.ie). Maítear go comhsheasmhach sa taighde ar an tumoideachas gur modh iontaofa atá ann chun teangacha a theagasc, chun ábhar a theagasc, agus chun iad sin a dhéanamh go rathúil gan dochar a dhéanamh do chéad teanga na bhfoghlaimeoirí (Genesee et al., 2006; Hunt, 2011; Tedick & Lyster, 2020). Tá ár mbonn eolais maidir leis an tumoideachas ag méadú de shíor, agus tá buntacaíocht ann i gcónaí don tumoideachas i measc tuismitheoirí/caomhnóirí, lucht oideachais, agus lucht déanta beartas ar gach leibhéal. Dá mhéad an rath ar an gcóras tumoideachais in Éirinn, ó thaobh fhás líon na soláthraithe de, is mó an dúshlán a bhaineann le gnéithe den éagsúlacht a eascraíonn as an mborradh sin.

Is aonad oideachais iar-bhunleibhéil é an t-aonad lán-Ghaeilge, ina leantar curaclam arna leagan síos ag an Roinn Oideachais, agus ina gcuirtear múnla an tumoideachais i bhfeidhm. Feidhmíonn aonad lán-Ghaeilge faoi bhainistíocht agus faoi uimhir rolla óstscoile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. In ainneoin an chorpais fhairsing taighde ar an tumoideachas, níor sainaithníodh go sonrach i staidéir ná i dtreoirlínte curaclaim ar bith na sainriachtanais soláthair a bhaineann go sonrach leis na haonaid lán-Ghaeilge.

Is é aidhm an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar an soláthar oideachais reatha trí mheán na Gaeilge atá le fáil sna haonaid atá nasctha le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Baineadh leas as ceistneoir fairsing ar líne, agallaimh aonair agus as fóraim plé ar líne chun sonraí ó na príomhpháirtithe leasmhara a ghiniúint, i. príomhoidí óstscoileanna, múinteoirí i bhfeighil, bunaitheoirí aonaid, eagrais Ghaeilge agus pátrúin. Rinneadh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar na sonraí a bailíodh agus tháinig trí théama leathana chun cinn – bunú agus buanú, bainistiú, agus soláthar.

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil tionchar dearfach ar bhonn inmharthana ag na haonaid ar an nGaeilge mar theanga bheo agus ar an gcultúr Gaelach san hóstscoileanna. Ach é sin ráite, deimhníonn an taighde seo go láidir go bhfuil deacrachtaí agus dúshláin shuntasacha fós le sárú sna haonaid lán-Ghaeilge atá faoi bhainistíocht scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Léirítear easpa béime ar fhís shoiléir a chruthú don tumoideachas laistigh den óstscoil, mar aon le hiarrachtaí neamhleora chun dul i ngleic le dúshláin aitheanta. Aithníodh roinnt catalaígh chomónta atá easnamhach ach riachtanach chun cáilíocht an tsoláthair tumoideachais in aonaid a dheimhniú. Aithnítear chomh maith gur ann do mhórán deacrachtaí bainistíochta, ar deacrachtaí iad a chuireann srian le riar éifeachtach an aonaid. Leagtar béim ar easpa comhsheasmhachta i leith róil an mhúinteora i bhfeighil, mar aon leis an réimse freagrachtaí uaillmhianacha atá le comhlíonadh. Sonraítear nach mbíonn dóthain ama  ann le díriú ar chur chun cinn na Gaeilge agus dá thoradh sin, braitear nach bhfuil an soláthar tumoideachais ar chaighdeán sách ard. Tosca amhail líon na scoláirí, fáil ar mhúinteoirí, agus inniúlacht teanga na scoláirí a théann i gcion ar acmhainneacht an aonaid ábhair a sholáthar trí Ghaeilge. Is easnamhach go háirithe an fhorbairt ghairmiúil in oideolaíochtaí an tumoideachais agus san inniúlacht sa Ghaeilge. Níl forbairt déanta fós ar straitéis chuimsitheach chun feabhas a chur ar inniúlacht teanga na scoláirí, béim a leagan ar an nGaeilge i measúnuithe, gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a chur chun cinn, agus an Ghaeilge a spreagadh mar phríomhtheanga na cumarsáide. I bhfianaise an taighde seo, cuirtear locht ar cheannaireacht na Roinne Oideachais toisc nach leagtar luach ar an gcóras tumoideachais mar mhúnla oideachais creidiúnach chun ábhar agus teanga a shealbhú go comhuaineach.

Le fócas ar na haonaid reatha agus i bhfianaise thorthaí an taighde seo, cuirtear conclúidí agus moltaí ábhartha i láthair agus rianaítear táscairí i dtreo feabhsúcháin a bhaineann le múnla nua athchoincheapaithe tumoideachais.

## Caibidil 1: Intreoir

### Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar chúlra an taighde agus ar an réasúnaíocht a bhaineann leis. Tugtar léargas ar cheisteanna an taighde, agus mínítear an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an taighde seo a chur i gcrích. Ar deireadh, leagtar amach struchtúr na tuarascála.

### Comhthéacs an taighde

Is cuid thábhachtach de sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge ó lár n-ochtóidí é aonaid a bhunú i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla mar rogha eile ar scoileanna neamhspleácha lán-Ghaeilge. In ainneoin an éilimh mhéadaithe ar na cláir sin agus an rath réasúnta a bhíonn orthu, bíonn sé casta na cláir sin a chur i bhfeidhm. Faoi láthair, tá an Roinn Oideachais ag forbairt polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé den tábhacht, mar sin, sainriachtanais na n-aonad lán-Ghaeilge a chur san áireamh sa pholasaí sin. Is é cuspóir an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar na sainriachtanais a bhaineann le soláthar oideachais reatha na n-aonad. Tá sé i gceist torthaí an taighde seo a roinnt leis an Roinn Oideachais mar bhonn eolais d'fhorbairt polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

### Sainmhínithe

Níl aon pholasaí oifigiúil ag an Roinn Oideachais go dáta chun na haonaid/sruthanna lán-Ghaeilge a threorú. Dá thoradh sin, tá sé deacair teacht ar shainmhíniú aontaithe ar aonad lán-Ghaeilge nó ar shruth. Mar sin féin, caithfear a chur san áireamh go bhfuil sainriachtanais ar leith ag na haonaid agus ag na sruthanna.

An sainmhíniú a úsáidtear sa taighde reatha seo ná gur aonad oideachais iar-bhunleibhéil é an t-aonad lán-Ghaeilge ina leantar curaclam atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus ina gcuirtear múnla an tumoideachais i bhfeidhm. Feidhmíonn an t-aonad lán-Ghaeilge faoi bhainistíocht agus faoi uimhir rolla na scoile a sholáthraíonn oideachas trí mheán an Bhéarla, i. an t-óstscoil. Tuigtear go múintear roinnt ábhar trí mheán na Gaeilge san aonad. Go hiondúil, tairgeann an t-aonad níos mó ábhair trí Ghaeilge ag an tSraith Shóisearach ná mar a thairgeann siad ag an tSraith Shinsearach. De ghnáth, is múinteoirí ón óstscoil a mhúineann na ranganna san aonad agus níos mince ná a mhalairt, bíonn an t-aonad lán-Ghaeilge lonnaithe i seomraí ar leith ar shuíomh na scoile nó gar di.

Feidhmíonn sruth lán-Ghaeilge laistigh den óstscoil a sholáthraíonn an t-oideachas trí mheán an Bhéarla agus ina ndéantar líon beag ábhar a sheachadadh trí mheán na Gaeilge. Tuigtear chomh maith nach bhfuil ionchas ann go mbeadh na scoláirí tumtha go hiomlán sa Ghaeilge nuair atá sruth i gceist. Ós rud é nach bhfaigheann an chuid is mó de na sruthanna tacaíocht airgeadais sa bhreis ón Roinn Oideachais, ní gá dóibh aitheantas oifigiúil a lorg. Sa tuarascáil seo, bainfear úsáid as an téarma "aonad" chun tagairt a dhéanamh don dá mhúnla oideachais - aonad agus sruth.

## An Cúlra Stairiúil

Bunaíodh an chéad aonad lán-Ghaeilge i dTrá Lí, Co. Chiarraí sa bhliain 1986 mar thoradh ar iarratas ó thuismitheoirí/caomhnóirí le haghaidh oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge do scoláirí a d'fhreastail ar an ngaelscoil áitiúil. Mheas an Roinn Oideachais nach raibh dóthain scoláirí ann chun scoil neamhspleách a bhunú. Ní raibh na tuismitheoirí[1] sásta leis an gcoincheap a bhain le sruth agus, mar chomhréiteach, bunaíodh aonad lán-Ghaeilge.

Is é an t-aonad lán-Ghaeilge an múnla a mholtar nuair a mheastar nach bhfuil dóthain éilimh ann ón ngaelscoil áitiúil. Rinneadh iarrachtaí suntasacha i bhforbairt aonad lán-Ghaeilge le freastal ar scoláirí ar mian leo a bheith tumtha sa teanga agus staidéar a dhéanamh ar ábhar trí mheán na Gaeilge. Ní i gcónaí, faraor, a bhí rath ar na hiarrachtaí sin. Theip ar líon áirithe aonad lán-Ghaeilge ar chúiseanna éagsúla. In ainneoin na neamhrathúlachta sin, tá aonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge ag feidhmiú in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ar fud na tíre.

Sonraítear nach bhfuil eolas cruinn ar fáil ag an Roinn Oideachais mar a thuairiscítear anseo "*tá seans ann go bhfuil líon na scoileanna le haonaid níos ísle ná an líon a luaitear*" (An Roinn Oideachais, 2022, lch 23). Chomh maith leis sin, "*níl sonraí iontaofa ar fáil go lárnach ar líon beacht na scoláirí laistigh d'iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla a fhreastalaíonn ar na haonaid féin*" (An Roinn Oideachais, 2022, lch 23). Aithnítear chomh maith go bhféadfadh tuilleadh sruthanna a bheith ann nach bhfuil san áireamh i dtaifid na Roinne. Sa chaipéis is deanaí, ní dhéantar aon tagairt do líon na sruthanna atá ag soláthar oideachas trí mheán na Gaeilge (An Roinn Oideachais, 2022).

## Réasúnaíocht an taighde

Faoin Acht Oideachais, 1998, tá freagracht ar an Roinn Oideachais forbairt an ghaeloideachais a spreagadh agus a éascú. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais polasaí soiléir a fhorbairt ar bhunú agus ar inbhuanaitheacht aonaid lán-Gaeilge in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a neartú. Chuige sin, tá taighde coimisiúnaithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun iniúchadh a dhéanamh ar na sainriachtanais a bhaineann le soláthar reatha sna haonaid lán-Ghaeilge. Go nuige seo, tá an taighde ar na haonaid lán-Ghaeilge teoranta go maith. Mar sin, dhírigh an taighde seo go príomha ar an soláthar oideachais reatha atá le fáil sna haonaid atá faoi bhainistíocht iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

[1] Cé go n-úsáidtear an téarma 'tuismitheoir(í)' sa tuarascáil seo, is ionann é agus 'tuismitheoir(í)/caomhnóir(í)'

## Ceisteanna Taighde

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar an soláthar oideachais reatha atá le fáil sna haonaid atá nasctha le hóstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Is í príomhcheist an taighde ná:

- Cad é an soláthar oideachais reatha atá ar fáil trí mheán na Gaeilge sna haonaid atá nasctha le hóstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla?

Ar mhaithe le léargas níos doimhne a fháil, fiosraítear na focheisteanna taighde seo a leanas:

- Cad iad na dúshláin a bhaineann le bunú agus le buanú aonaid lán-Ghaeilge?
- Cad é ról, freagracht agus tionchar na bainistíochta ar an soláthar reatha sna haonaid?
- Cad é an soláthar oideachais reatha atá le fáil sna haonaid le béim ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge?

Baineadh leas as modhanna measctha chun imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna an taighde. Bailíodh sonraí cainníochtúla trí cheistneoir a riar ar phearsa na scoileanna a bhí páirteach sa taighde. Úsáideadh modhanna cáilíochtúla, agallaimh agus fóraim plé san áireamh, chun léargas cuimsitheach a fháil ar thuiscintí, ar shainbhríonna agus ar eispéiris na rannpháirtithe maidir le soláthar oideachais sna haonaid lán-Ghaeilge.

## Struchtúr na Tuarascála Taighde

Tugann caibidil a haon forbhreathnú ar an tionscadal taighde seo ina léirítear cúlra an staidéir, ceisteanna taighde agus struchtúr na tuarascála. I gcaibidil a dó, déantar iniúchadh ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá bainteach leis an soláthar oideachais atá le fáil sna haonaid lán-Ghaeilge. I gcaibidil a trí, tugtar spléachadh ar an gceist taighde agus mínítear na cúiseanna a roghnaíodh na cuir chuige éagsúla. Soiléirítear sa chaibidil chéanna an sampla, na ceisteanna agus na modhanna taighde, pléitear an cur chuige anailíseach agus gnéithe sonracha eiticiúla, agus sainítear teorainneacha an taighde. I gcaibidil a ceathair, déantar plé ar na torthaí de réir na dtéamaí agus na bhfothéamaí a tháinig chun cinn le linn an taighde. Cláraítear torthaí mar a bhaineann leis an soláthar oideachais sna haonaid lán-Ghaeilge atá nasctha le hiar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. I gcaibidil a cúig, déantar sintéis ar thorthaí an taighde i bhfoirm conclúidí agus moltaí. I gcaibidil a sé, aithnítear múnla nua tumoideachais mar thoradh na hanailíse a rinneadh ar shonraí an taighde agus cuirtear moltaí ábhartha i láthair. Chomh maith leis sin, rianaítear táscairí mar threoir don mhúnla nua.

## Conclúid

Tugann an chaibidil seo comhthéacs don taighde mar a bhaineann le soláthar trí mheán na Gaeilge sna haonaid lán-Ghaeilge a fheidhmíonn faoi bhainistíocht óstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Déanfar scagadh sa chéad chaibidil eile ar an litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an gceist taighde seo.

## Caibidil 2: Léirbhreithniú ar an litríocht

### Réamhrá

Déantar iarracht sa léirbhreithniú seo, iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar éifeachtacht na n-aonad lán-Ghaeilge agus ar na dúshláin agus na torthaí a bhaineann leo. Teagmháil mharthanach leis an nGaeilge laistigh de shuíomh oideachais iar-bhunscoile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla is saintréith don mhúnla tumoideachais sin. Ar dtús, tugtar sainmhíniú ar an tumoideachas agus déantar scagadh ar bhuanna agus ar dhúshláin an tumoideachais in Éirinn. Ansin, déantar plé ar choincheap an aonaid lán-Ghaeilge agus tugtar spléachadh ar thaighde ábhartha atá déanta go nuige seo in Éirinn. Ina dhiaidh sin, déantar scagadh ar mhacasamhail an aonaid in Albain, i gCeanada agus ar Oileán Haváí. Ar deireadh, léirítear an bhearna thaighde mar a bhaineann le staid reatha na n-aonad lán-Ghaeilge.

### An tumoideachas

Múnla oideachais dhátheangaigh is ea an tumoideachas ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltaí trí mheán an dara teanga, teanga iasachta, teanga oidhreachta nó teanga dhúchais (Tedick & Lyster, 2020). Áitíonn an lucht léinn gur mó i bhfad a bhíonn i gceist leis an tumtheagasc ná díreach teanga a theagasc nó ábhar a theagasc: bíonn bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíocha ar leith ag teastáil lena ndéantar an t-ábhar, an teanga agus an litearthacht a chomhtháthú sa teagasc (Cammarata & Haley, 2018; Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Lyster, 2007; Ó Ceallaigh et al., 2019; Tedick & Lyster, 2020). Téann stair na gclár tumoideachais siar chomh fada le Ceanada sna 1960idí ar a laghad, áit ar ceapadh iad chun cur ar chumas scoláirí, arbh é an Béarla a máthairtheanga, inniúlacht sa Fhraincis a bhaint amach (Lambert & Tucker, 1972). Is feiniméan domhanda anois comhthéacsanna tumoideachais inar teanga iasachta an meán teagaisc agus é mar aidhm leo leibhéil oilteachta níos airde sa sprioctheanga a bhaint amach. Ón Áis go dtí an Eoraip go Meiriceá Thuaidh agus níos faide i gcéin, tá borradh faoi chláir thumoideachais chun saoránaigh dhátheangacha nó ilteangacha a fhorbairt agus chun teangacha bundúchasacha nó dúchasacha a athbheochan. Mar sin féin, bíonn éagsúlacht mhór ag baint leis na cuir chuige oideachais i gcomhthéacsanna éagsúla maidir le cur chun cinn an t-ilchultúrachas, forbairt na féiniúlachta dátheangaí, an dátheangachas, an délitearthacht agus rath acadúil do dhaltaí dátheangacha (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020). Is iad na micrea-chomhthéacsanna a chinneann nádúr uathúil agus rath gach seomra ranga tumoideachais. Is le cuspóir sonrach an mhúnla tumoideachais, le gnéithe uathúla de phobail teanga ar leith, agus leis an éagsúlacht tosca i gclár scoile ar leith, a chinntear cineál na gclár sa tumtheanga. Is ar an ábhar sin, nach mbíonn aon chlár díreach cosúil le clár ar bith eile. Níl aon amhras ann ach gurb é an bonn taighde láidir lena léirítear tairbhí an tumoideachais go comhsheasmhach ceann de na príomhchúiseanna atá leis an mborradh sin (Cammarata & Haley, 2018; Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Genesee & Lindholm-Leary 2013; Ó Duibhir, 2018; Swain & Johnson, 1997; Tedick & Lyster, 2020).

## An tumoideachas lán-Ghaeilge

Is múnla saibhriúcháin dhátheangach é an múnla tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn. Is é an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht an aidhm atá leis an tumoideachas lán-Ghaeilge, mar aon leis an mionteanga agus an cultúr mionlaigh a fhairsingiú agus a athbheochan i measc an phobail agus go náisiúnta. Maítear go comhsheasmhach sa taighde go mbaineann foghlaimeoirí i gcoitinne ardchaighdeán agus ardghnóthachtáil acadúil amach i suíomhanna tumoideachais lán-Ghaeilge (Harris et al., 2009; Ó hAiniféin, 2007; Ní Longaigh, 2016; Ó Ceallaigh et al., 2016; Ó Cathalláin et al., 2016). Éiríonn le daltaí an tumoideachais leibhéil i bhfad níos airde sa dara teanga (an sprioctheanga, m.sh. an Ghaeilge sa chóras oideachais in Éirinn) a bhaint amach ná mar a éiríonn le daltaí nach bhfuil sa chóras tumoideachais a dhéanann staidéar ar an dara teanga mar ábhar scoile (Harris et al., 2009; Ó hAiniféin, 2007). Bíonn foghlaimeoirí tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde le foghlaimeoirí ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha (Ó hAiniféin, 2007; Gilleece et al., 2012; Ní Chlochasaigh et al., 2020).

Gan beann ar fhorbairtí i soláthar an oideachais lán-Ghaeilge, bíonn sé deacair cláir thumoideachais a chur i bhfeidhm agus bíonn dúshláin shainiúla ag baint leo do mhúinteoirí, fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí araon (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017, 2021; Ó Duibhir, 2018). Léirítear go seasta sa taighde le tamall de bhlianta anuas nach mbíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais ag teacht le noirm theanga i réimsí amhail cruinneas agus castacht na gramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch (Maguire, 1990; Ó Duibhir, 2018; Walsh, 2007). Mar thoradh air sin, tá spéis níos mó á cur i sainaithint an bhoinn eolais bhunriachtanaigh agus na gcleachtas teagaisc a ghabhann leis do chomhthéacsanna tumoideachais, rud a chuirfidh ar chumas dhaltaí leibhéal ard inniúlachta a bhaint amach sa sprioctheanga. Tá dúshláin iomadúla an tumoideachais rianaithe go cuimsitheach ag Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) lena n-áirítear easnaimh teanga foghlaimeoirí, úsáid iomarcach na máthartheanga (T1), ullmhú easnamhach múinteoirí don tumoideachas, deacrachtaí maidir le comhtháthú ábhair agus teanga, easpa acmhainní ábhartha, measúnú ar fhorbairt na délitearthachta. Le bheith éifeachtach, ní mór cláir tumoideachais Ghaeilge a chur i bhfeidhm go sciliúil, lena gcuimsítear aitheantas don ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí mar aon le forbairt ghairmiúil chun tacú leo cuid de na dúshláin a shárú maidir le hábhar a theagasc i dteanga nach bhfuil eolas iomlán ag na scoláirí uirthi. Go sonrach, ní mór do mhúinteoirí a bheith oilte ar fhoghlaim an ábhair a scafláil agus forbairt leanúnach na sprioctheanga á cinntiú ag an am céanna (Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023). Ina theannta sin, aontaíonn taighdeoirí go bhfuil oilteacht sa sprioctheanga, lena mbaineann raon leathan ardscileanna teanga, de dhíth ar mhúinteoirí mar fheithicil chun inniúlachtaí oideolaíocha tumoideachais a chur chun cinn (Mhic Aoidh, et al., 2016; Ó Ceallaigh, et al., 2018; Ó Duibhir, 2018). Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag an ullmhú

múinteoirí agus ag an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí i rath leanúnach na gclár oideachais lán-Ghaeilge (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018).

## An tAonad lán-Ghaeilge

Is aonad oideachais iar-bhunleibhéil é an t-aonad lán-Ghaeilge, ina leantar curaclam arna leagan síos ag an Roinn Oideachais, agus ina gcuirtear múnla an tumoideachais i bhfeidhm. Feidhmíonn aonad lán-Ghaeilge faoi bhainistíocht agus faoi uimhir rolla óstscoile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Ó thaobh físe agus idé-eolaíochta de, is é an dátheangachas suimitheach sprioc an aonaid lán-Ghaeilge. Thar na blianta, bunaíodh aonaid chun freastal ar éileamh tuismitheoirí agus geallsealbhóirí eile ar thumoideachas do scoláirí iar-bhunleibhéil, nuair nach raibh sé indéanta, ar chúinsí difriúla, iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú. Is ilchineálach tírdhreach na n-aonad lán-Ghaeilge laistigh de hiar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Cuimsítear leis, múnlaí agus cuir chuige éagsúla atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais pobal éagsúil scoláirí agus comhthéacsanna scoileanna éagsúla.

I gcomparáid le taighde ar an tumoideachas i gcoitinne a bhfuil borradh faoi le roinnt blianta anuas (Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2016; 2021; Ó Duibhir, 2018; Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023), is tearc staidéar atá déanta ar fhorbairt agus ar fhás na n-aonad lán-Ghaeilge. Tá an-ghealladh faoi aonaid lán-Ghaeilge chun an dátheangachas agus an inniúlacht chultúrtha a chur chun cinn ach, mar sin féin, aithnítear dúshláin atá le sárú fós chun cáilíocht an tsoláthair sna haonaid lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm go rathúil. Ag tarraingt ar thaighde go dáta, tugtar achoimre ar dhúshláin a bhaineann le múnla an aonaid lán-Ghaeilge i dtábla 1 thíos:

**Tábla 1: Achoimre ar dhúshláin a bhaineann le samhail an aonaid lán-Ghaeilge**

| Achoimre ar dhúshláin a bhaineann le samhail an aonaid lán-Ghaeilge | |
|---|---|
| Dúshlán | Tagairt |
| **Teannas inmheánach na bainistíochta**<br><br>Bíonn teannas inmheánach maidir le dáileadh acmhainní idir an t-aonad agus an óstscoil. Is dúshlán é do bhainistíocht na scoile uile chomh maith cothromaíocht a léiriú idir an dá thaobh den scoil. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Cathalláin et al., 2016; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Polasaí tumoideachais iomláin easnamhach**<br><br>Tá dúshláin ar leith ag baint le polasaí an tumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm sna haonaid chun féiniúlacht ar leith a chruthú agus a chothú, lena n-áirítear earcú múinteoirí agus foirne a bhfuil Gaeilge mhaith acu; easpa Gaeilge na dtuismitheoirí; easpa téacsleabhar oiriúnach Gaeilge, agus daltaí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Cathalláin et al., 2016; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |

| | |
|---|---|
| **Soláthar teoranta trí mheán na Gaeilge**<br><br>Tá acmhainn na n-aonad chun ábhair a sholáthar trí mheán na Gaeilge teoranta agus mar sin, tá raon teoranta ábhar ar fáil do scoláirí na n-aonad. Tugtar tosaíocht do riachtanais uile na hóstscoile sa phróiseas earcaíochta foirne, rud a fhágann nach múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge sna haonaid. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Ról agus stádas doiléir an mhúinteora i bhfeighil**<br><br>Tá ualach riaracháin an-trom ag comhordaitheoirí nó na múinteoirí i bhfeighil agus go minic, mothaíonn siad nach bhfuil oiliúint chuí faighte acu chun an post a dhéanamh. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Suíomh an tsoláthair agus úsáid theoranta na tumtheanga**<br><br>Bíonn T1 in úsáid ag scoláirí i gcomhthéacsanna inar gá an Ghaeilge (T2) a úsáid. Fiú má úsáidtear an tumtheanga san aonad lán-Ghaeilge, imríonn timpeallacht an Bhéarla tionchar ar úsáid theoranta na Gaeilge i measc na scoláirí. Bíonn socruithe ag am lóin agus am sosa ina gconstaicí d'úsáid na Gaeilge mar bíonn an spás comhroinnte le scoláirí an phobail Bhéarla. Cuirtear gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil trí Bhéarla, rud a laghdaíonn teagmháil leis an teanga chomh maith. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Easnaimh theangeolaíocha na scoláirí**<br><br>Ní bhíonn scoláirí na n-aonad in ann iad féin a chur in iúl sa sprioctheanga chomh maith lena gcomhscoláirí i suíomhanna iomlána gaeloideachais. Tá sé léirithe nuair nach ndéantar breis agus 70% den teagasc trí mheán na sprioctheanga go gcuireann sé sin isteach ar ghnóthachtáil teanga na scoláirí. | Ó Freaghaile, 2021 |
| **Ullmhú easnamhach múinteoirí le haghaidh an tumoideachais**<br><br>Tá easpa sa tsainoiliúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do mhúinteoirí na n-aonad chun déileáil leis an suíomh ina bhfuil siad ag obair. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Easpa tacaíochta maidir le hinniúlacht múinteoirí sa Ghaeilge**<br><br>Múinteoirí ar cainteoirí dúchais iad agus múinteoirí nach cainteoirí dúchais iad, tugann siad araon le fios go mbíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil uathu ar mhaithe lena n-inniúlacht féin sa tumtheanga. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Freaghaile, 2021; Ó Duibhir et al., 2017 |
| **Easpa freagrachta agus córas tacaíochta ón Roinn Oideachais**<br><br>Bíonn easpa tacaíochta (beartais/treoracha) agus easpa maoinithe ar leibhéal an stáit chun tacú leis an gcóras tumoideachais sna haonaid. | An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Cathalláin et al., 2016; Ó Duibhir et al., 2017 |

Ina theannta sin, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil neamhaird ar na haonaid sna meastóireachtaí scoile a dhéanann an Roinn Oideachais. Cé go ndéantar tagairt don aonad i gcúpla cás, léirítear nach bhfuil meastóireacht déanta ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i gcoitinne. Den chuid is mó, áfach, is tuairisciú atá curtha faoi bhráid an léitheora. Tá tuilleadh eolais faoin ábhar sin le fáil in Aguisín 1.

Feictear go hidirnáisiúnta go bhfuil aonaid teangeolaíochta, macasamhail an aonaid ina ndéantar daltaí a thumadh sa dara theanga, le fáil i dtíortha áirithe; ach, murab ionann is an tír seo, bíonn siad níos comónta ag leibhéal na bunscolaíochta. In Albain, mar shampla, cuirtear tumoideachas ar fáil in aonad nó i sruth Gàidhlig laistigh de bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. In Oileán Haváí, tá macasamhail an aonaid ann chun daltaí bunscoile a thumadh sa Haváis agus i gCeanada leis, is ann do chláir thumoideachais dériain, i. aonaid Fraincise ceangailte le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tugtar le tuiscint leis an taighde go mbíonn cinntí oideolaíocha níos casta le déanamh ag múinteoirí i gcláir den sórt sin maidir leis an teagasc teanga agus go mbíonn easpa tacaíochta agus acmhainní ag baint leis na cláir sin, lena n-áirítear teacht ar mhúinteoirí atá iomlán líofa sa tumtheanga agus a bhfuil eolas acu ar chuir chuige an tumoideachais (Alencastre & Kawaiaea, 2018; Brown & Bennett, 2017; Hill, 2022; Ó Hanlon et al., 2010).

## Conclúid

In ainneoin go bhfuil roinnt taighde déanta ar an tumoideachas i gcás na tíre seo (Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2016; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021; An Roinn Oideachais & Scileanna, 2015), is beag taighde atá déanta go sonrach ar na haonaid lán-Ghaeilge atá lonnaithe laistigh den fhoirgneamh céanna le hóstscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Cé go bhfuil buntáistí áirithe ann don óstscoil, léirítear deacrachtaí suntasacha (An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, 2004; Ó Duibhir et al., 2017; Ó Freaghaile, 2021), lena n-áirítear earcú múinteoirí, an t-ualach trom riaracháin a bhíonn ar mhúinteoirí i bhfeighil, cothú na féiniúlachta san aonad, cur chun cinn na Gaeilge i dtimpeallacht Bhéarla agus raon teoranta ábhar a bheith á soláthar. Is léir, mar sin, go bhfuil géarghá le taighde goirt ar staid reatha na n-aonad chun tuairisciú a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na buanna féideartha ó thaobh an tumoideachais de, agus is chuige sin an taighde áirithe seo.

## Caibidil 3: Modheolaíocht

### Réamhrá

Tugann an chaibidil seo léiriú ar an bpróiseas modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm le linn an taighde. Soiléirítear príomhcheist agus focheisteanna an taighde. Déantar cur síos ar dhearadh, ar shampla agus ar mhodheolaíocht an taighde. Ina dhiaidh sin, pléitear an cur chuige anailíseach agus gnéithe sonracha eiticiúla. Ar deireadh, sainítear teorainneacha an taighde agus tugtar achoimre ghairid ar ábhar na caibidle sa chonclúid.

### An Cheist Taighde

Áitíonn White (2017) gur minic ceist taighde a bhunú ar bhearna eolais atá le líonadh. Díríonn príomhcheist an taighde seo ar an mbearna úd.

An cheist taighde atá le fiosrú ná:

- Cad é an soláthar oideachais reatha trí mheán na Gaeilge atá le fáil sna haonaid atá nasctha le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla?

Laistigh den cheist taighde sin, cíoradh na focheisteanna seo a leanas chun léargas cuimsitheach a thabhairt ar an soláthar reatha sna haonaid:

- Cad iad na dúshláin a bhaineann le bunú na n-aonad?
- Cad é ról, freagracht agus tionchar na bainistíochta ar an soláthar reatha sna haonaid?
- Cad é an soláthar oideachais reatha atá le fáil sna haonaid le fócas ar leith ar theagasc agus ar fhoghlaim trí mheán na Gaeilge?
- Cad iad na dúshláin a bhaineann le buanú na n-aonad?

### Sampla an taighde

Léirítear i dtábla 2 thíos na rannpháirtithe éagsúla a ghlac páirt sa taighde seo.

**Tábla 2: Rannpháirtithe an taighde**

| Rannpháirtithe an taighde | Líon |
|---|---|
| Príomhoidí/Leas-phríomhoidí/Iar-phríomhoidí na n-óstscoileanna | 19 |
| Príomhoidí/Iar-phríomhoidí bunscoileanna lán-Ghaeilge | 3 |
| Bunaitheoirí aonaid | 1 |
| Coistí agus eagrais Ghaeilge | 2 |
| Pátrúin na n-óstscoileanna/n-aonad | 2 |

Úsáideadh ainmneacha cleite chun rúndacht agus anaithnideacht na rannpháirtithe uile a chinntiú. De réir líosta oifigiúil na Roinne Oideachais de na haonaid[2], tugadh cuireadh do na hóstscoileanna ina bhfuil aonaid nasctha leo le bheith rannpháirteach sa taighde seo. Iarradh orthu chomh maith

[2] Is córas féinaitheantais atá i gceist le liosta oifigiúil na Roinne Oideachais de na haonaid.

ceistneoir a líonadh. Na scoileanna a d'fhreagair an ceistneoir, tugadh cuireadh dóibh siúd agallamh a dhéanamh. Ghlac grúpaí éagsúla, atá lárnach sa soláthar oideachais sna haonaid, páirt in agallaimh leath-struchtúrtha chomh maith.

### Modheolaíocht an taighde

Sa taighde seo, baineadh úsáid as modhanna measctha a chomhcheanglaíonn an dá phríomh-mhodh thaighde, mar atá an modh cainníochtúil agus an modh cáilíochtúil. Le comhtháthú éifeachtach modhanna cainníochtúla agus modhanna cáilíochtúla, cuirtear an deis is fearr ar fáil d'imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe oibiachtúla agus ar ghnéithe suibiachtúla na gceisteanna taighde ag leibhéal áitiúil (Johnson & Onwuegbuzie, 2004). Rinneadh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar na sonraí a bailíodh. Baineadh úsáid as sonraí a d'eascair ón iliomad foinsí chun tuiscint níos doimhne agus peirspictíocht níos iomláine a fháil ar an gceist taighde.

### Ceistneoir

Baineadh úsáid as ceistneoir chun tuiscint níos fearr a fháil ar na sainriachtanais a bhaineann le soláthar oideachais reatha an aonaid nasctha le hóstscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. In Earrach na bliana 2022, seoladh litir chuig 28 scoil ina raibh aonad lonnaithe de réir liosta na Roinne Oideachais. Chomhlánaigh 19 scoil an ceistneoir, ach fágadh cuid de na ceisteanna gan freagra.  12 scoil a d'fhreagair gach ceist. Rinneadh teagmháil le 9 scoil eile ina dhiaidh sin. Léirigh 4 cinn acu nach raibh soláthar aonaid sna scoileanna a thuilleadh. Cé nár líon trí scoil eile an ceistneoir, ghlac siad páirt in agallaimh níos deanaí agus bhí dhá scoil ann nár ghlac páirt sa taighde in aon chor. Ceithre mhír a bhí sa cheistneoir le trí cheist is daichead le freagairt. Bhí na ceisteanna bunaithe ar na réimsí atá sonraithe i dtábla 3:

**Tábla 3: Réimsí an cheistneora**

| Réimsí an cheistneora | Líon na gceisteanna le freagairt |
|---|---|
| Próifíl an aonaid/an tsrutha | 15 |
| Féiniúlacht Ghaeilge an aonaid/an tsrutha | 9 |
| Ceannaireacht an aonaid/an tsrutha | 12 |
| Soláthar an aonaid/an tsrutha | 7 |
| Iomlán | 43 |

Go hiondúil, bíonn buntáiste ag baint le ceistneoir a úsáid mar uirlis taighde d'fhonn sonraí a bhailiú ó shampláil leathan (Cohen et al., 2007). Bhí ilroghanna ag na rannpháirtithe i bhfreagairt na míre le roinnt ceisteanna oscailte chun deis a thabhairt dóibh tuairimí breise a nochtadh. Maíonn Cohen et al., (2007) go dtugann an cur chuige sin léargas níos fearr don taighdeoir ar thuiscintí agus ar dhearcthaí na rannpháirtithe. Chuir sonraí cainníochtúla na gceistneoirí bunlíne eolais ar fáil arbh fhéidir forbairt a dhéanamh orthu le linn na n-agallamh leathstruchtúrtha.

Chun tús a chur leis an dara cuid den taighde, seoladh litir chuig na hóstscoileanna in Earrach na bliana 2023 chun socruithe a dhéanamh agallamh a chur ar phríomhoide na hóstscoile agus ar an múinteoir i bhfeighil. Bailíodh sonraí cáilíochtúla trí agallamh a chur ar na rannpháirtithe ar dhá bhealach:

- Agallamh le linn na gcuairteanna ar na hóstscoileanna
- Agallamh ar líne.

### Cuairteanna ar óstscoileanna agus ar aonaid

Tugadh cuairt ar 14 óstscoil le linn an tionscadail taighde mar atá léirithe i dtábla 4 thíos.

**Tábla 4: Léargas ar óstscoileanna agus ar aonaid rannpháirteacha**

| Cúige | Líon na n-óstscoileanna/na n-aonad/sruthanna ar tugadh cuairt orthu | Léargas ar leith |
|---|---|---|
| **Cúige Mumhan** | óstscoil/aonad * 7 | • Trí óstscoil ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, lonnaithe i gcathracha éagsúla agus aonaid nasctha leo<br>• Trí óstscoil ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla i mbruachbhailte agus aonaid nasctha leo<br>• Óstscoil amháin ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, i mbaile tuaithe agus aonad nasctha léi |
| **Cúige Chonnacht** | óstscoil/aonad * 4 | • Iar-bhunscoil Gaeltachta a d'aistrigh ó aonad go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge neamhspleách<br>• Dhá óstscoil ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla i gceantar Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais<br>• Óstscoil ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, taobh amuigh den Ghaeltacht agus aonad nasctha leis |
| **Cúige Uladh** | óstscoil/aonad * 2 | • Óstscoil amháin ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla i gceantar Gaeltachta, sruth nasctha leis an óstscoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais<br>• Óstscoil amháin ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla i gceantar Gaeltachta atá páirteach sa Scéim Aitheantais |
| **Cúige Laighean** | óstscoil/aonad * 1 | • Gaelcholáiste i gceantar Galltachta, a d'aistrigh ó aonad go coláiste lán-Ghaeilge neamhspleách |
| **Iomlán** | óstscoil/aonad * 14 | |

Ba é aidhm na gcuairteanna tuiscint a fháil ar an soláthar oideachais sna haonaid agus iad faoi údarás na n-óstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bhí deis ag na taighdeoirí saol laethúil sna haonaid a bhlaiseadh le linn na gcuairteanna. Scríobhadh nótaí fairsinge le linn na gcuairteanna chun cur leis na sonraí a bhí bailithe cheana féin.

### Agallaimh leath-struchtúrtha

Eagraíodh agallaimh leath-struchtúrtha le daoine aonair ar láthair na scoile nó ar líne chun tuiscint níos doimhne a fháil ar a dtuairimí agus ar a meonta maidir leis an soláthar oideachais reatha atá le fáil sna haonaid lán-Ghaeilge. Rinne na rannpháirtithe agallamh leath-struchtúrtha 45-55 nóiméad agus rinneadh taifeadadh fuaime air. Fuarthas tuairimí na rannpháirtithe maidir leis na tosca a mhúnlaíonn an soláthar sna haonaid mar aon le gnéithe le forbairt a aithint.

### Fóram plé ar líne

Eagraíodh cruinniú ar líne le Coiste Tuismitheoirí na Scoileanna Gaeltachta chun deis a thabhairt dóibh a dtuairimí agus a n-éispéiris i leith an tsoláthair oideachais sna haonaid a nochtadh. Pléadh mórcheist agus focheisteanna an taighde agus glacadh nótaí fairsinge le linn na n-agallamh.

### Fóram plé le hoideachasóirí agus le heagrais Ghaeilge éagsúla

Bhí deis ag na taighdeoirí cur i láthair agus plé a dhéanamh ag comhdhálacha éagsúla seo a leanas:

- Comhdháil Taighde uile-Oileánda ar an Tumoideachas, i gColáiste Mhuire gan Smál ar an Aoine, 10 Meitheamh 2022, le tuairim is 50 duine i láthair
- Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta: Foghlaim, Forbairt agus Feabhas in Earnáil na Gaelscolaíochta ar an 30 Meán Fómhair 2022 i mBéal Feirste le tuairim is 60 duine i láthair
- Cruinniú le baill an Bhoird den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) sa Daingean ar an 9 Nollaig 2022.

Leagtar amach amlíne an tionscadail i dtábla 5 thíos.

**Tábla 5: Amlíne an tionscadail**

| Tréimhse ama | Gníomhartha |
|---|---|
| Earrach 2022 | • Teagmháil leis an Roinn Oideachais chun liosta na n-aonad a fháil<br>• Teagmháil le príomhoidí na n-óstscoileanna chun a rannpháirtíocht sa tionscadal taighde a dheimhniú<br>• Ceistneoir ar líne comhlíonta ag roinnt príomhoidí agus múinteoirí i bhfeighil sna scoileanna rannpháirteacha. |

| | |
|---|---|
| **Earrach-Fómhair 2023** | • Seoladh litir chuig scoileanna ag iarraidh socruithe a dhéanamh cuairt a thabhairt ar an scoil nó agallamh a dhéanamh ar line<br>• Teagmháil le scoileanna agus aonaid rannpháirteacha chun socruithe a dhéanamh cuairt a thabhairt orthu chun agallamh a dhéanamh leis na príomhoidí agus leis an múinteoir i bhfeighil an aonaid<br>• Cuairteanna ar roinnt scoileanna agus aonaid rannpháirteacha. Agallaimh déanta leis na príomhoidí agus leis na múinteoirí i bhfeighil<br>• Agallaimh ar líne le scoileanna rannpháirteacha |
| **Earrach-Samhradh 2023** | • Leanúint leis na hagallaimh ar líne agus leis na cuairteanna ar scoileanna |
| **Samhradh-Fómhair 2023** | • Sraith agallamh leis na heagrais Ghaeilge agus leis na Pátrúin |
| **Feabhra 2024** | • Foilsiú |

## Eitic

Soláthraíodh faisnéis i scríbhinn do phríomhoide na hóstscoile agus do cheannairí na n-aonad. Cuireadh sonraí teagmhála na taighdeoirí ar fáil chun deis a thabhairt do na rannpháirtithe ceisteanna a ardú. Cuireadh in iúl go raibh rannpháirtíocht sa taighde go hiomlán deonach agus go bhféadfadh rannpháirtithe tarraingt siar ón taighde am ar bith, gan chúis a sholáthar, agus nach mbeadh iarmhairt dhíobhálach mar thoradh ar an aistarraingt. Cuireadh sonraí na mbileog faisnéise in iúl do rannpháirtithe arís ó bhéal sular cuireadh tús le hagallamh.

## Anailís ar shonraí

Rinneadh anailís chainníochtúil ar thorthaí na gceistneoirí chun torthaí na míreanna a thomhas go cruinn. Roinneadh na míreanna comhghaolta ina bhfothacair d'fhonn patrúin agus téamaí a aimsiú (Dornyei & Csizer, 2012). Rinneadh na hagallaimh uilig a thras-scríobh ina n-iomláine. Ainmníodh téamaí agus rinneadh cros-seiceáil ar na sonraí d'fhonn cosúlachtaí agus difríochtaí a iniúchadh. Rinneadh anailís go dtí gur sroicheadh pointe sáithithe (Dornyei, 2007, lch 244). Ar deireadh, rinneadh na téamaí lárnacha comhaontaithe i ndáil le heispéiris agus torthaí na rannpháirtithe a bheachtú agus a lipéadú. Neartaíodh iontaofacht na dtorthaí le triantánú thar na foinsí chun patrúin laistigh den tacar sonraí a dhearbhú (Guba, 1981; Skenton, 2004). Ag eascairt as sonraí iomlána an taighde, aithníodh ceithre mhór-théama mar aon le fothéamaí taobh istigh de na mórthéamaí sin mar atá léirithe i dtábla 6.

**Tábla 6: Téamaí agus fothéamaí na hanailíse**

| Mórthéamaí | Fothéamaí |
|---|---|
| **Bunú aonaid** | Sainmhíniú; Éileamh; Fís; Feasacht agus cumarsáid; Pátrún; An Roinn Oideachais |
| **An Bhainistíocht** | Múinteoir i bhfeighil; Príomhoide na hÓstscoile; Bord Bainistíochta; Na Pátrúin; An Roinn Oideachais; Na hEagrais Éagsúla |
| **Soláthar** | Soláthar ábhair; Foireann teagaisc an aonaid; Foghlaim na scoláirí |

| | |
|---|---|
| **Buanú aonaid** | Éileamh; Feasacht agus cumarsáid; Fís agus féiniúlacht; Polasaithe agus pleanáil; Bainistiú ar athruithe agus inbhuanaitheacht |

## Teorainneacha an Taighde

Cé gur ghlac líon áirithe rannpháirtithe páirt sa taighde, b'fhearrde rannpháirtíocht ní ba leithne lena gcuimseofaí raon ní b'fhairsinge d'eispéiris rannpháirtithe san earnáil. Cé gur seoladh ríomhphoist cúpla babhta agus go ndearnadh iarrachtaí labhairt le príomhoidí na n-óstscoileanna nó le múinteoirí i bhfeighil, ní i gcónaí a bhí rath ar an teagmháil ná ní i gcónaí a glacadh leis an gcuireadh. Cúinse eile a chuir teorainn le torthaí an taighde seo ná easpa ionchuir ó scoláirí na n-aonad mar aon le ceal deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil páistí acu sna haonaid.

## Conclúid

Ba é cuspóir an taighde seo fiosrú a dhéanamh ar an soláthar oideachais atá le fáil sna haonaid atá nasctha le hóstscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Sa chaibidil seo, tugadh léargas mionsonraithe ar an gcur chuige modheolaíochta a glacadh le himscrúdú a dhéanamh ar an gceist taighde agus an réasúnaíocht a bhaineann leis. Cloíodh le gnéithe sonracha eiticiúla. Pléadh cur chuige anailíseach na sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, sainíodh na teorainneacha a bhain leis an taighde agus leagadh amach amlíne an tionscadail.

## Caibidil 4 : Príomhthorthaí ón anailís ar shonraí

### Réamhrá

Sa chaibidil seo, tugtar léargas ar thorthaí an taighde mar a bhaineann le bunú agus buanú, bainistiú, agus soláthar an aonaid. I ngach mír, cuirtear na torthaí faoi bhráid an léitheora i bhfoirm ceisteanna ábhartha ar mhaithe le soiléireacht, struchtúr agus comhsheasmhacht a chur chun cinn. Baineadh úsáid as sonraí a d'eascair as anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil chun tuiscint níos doimhne agus peirspictíocht níos iomláine a fháil ar phríomhcheist an taighde.

## Bunú agus buanú

### Réamhrá

De réir na fianaise ó rannpháirtithe an staidéir seo, bíonn roinnt catalaígh chomónta i gceist nuair a thagann sé chomh fada le haonad a bhunú, mar shampla: éileamh, feachtas feasachta agus cumarsáide, agus fís fhadradharcach lucht a bhunaithe. Feictear chomh maith go bhféadfadh trá a theacht i leaba a chéile ar fhís thumoideachais lucht bunaithe an aonaid agus ar an bhfuinneamh a ghabhann léi ar chúinsí éagsúla, rud a chuireann buanú an aonaid i mbaol.

### Saincheisteanna a bhaineann le héileamh

**Cén fáth ar bunaíodh aonad sa chéad áit?**

Éileamh a chuir tús le bunú aonaid de réir thaithí fhormhór na rannpháirtithe. Tá fianaise láidir sa taighde seo gur rogha tuismitheoirí a bhíonn i gceist i mbunú aonaid nuair a bhíonn bunscoil nó bunscoileanna lán-Ghaeilge ag feidhmiú cheana féin i gceantar áirithe. I mbeagnach gach cás[3], coiste tuismitheoirí a bhíonn páirteach i mbunú gaelscoile sa cheantar agus is é an coiste céanna a bhíonn i gceist de ghnáth i mbunú aonaid lán-Ghaeilge. Bíonn brú, dá réir, ag teacht ó thuismitheoirí daltaí gaelscoileanna go gcuirtear soláthar iomlán trí mheán na Gaeilge ar fáil ag an iar-bhunleibhéal.

Dearbhaítear go bhfuil easpa polasaithe agus critéir thrédhearcacha ag an Roinn Oideachais ann maidir le bunú aonaid. Mar a luaigh pátrún amháin

> *Níl aon treoir sna treoirlínte faoi seo faoi conas go mba cóir aonad a bheith tógtha san áireamh i bhfoirgneamh scoile… sé ár ndearcadh go gcaithfidh plean nó polasaí a bheith ag an Roinn maidir le Gaelcholáistí a bhunú ar an gcéad dul síos… tá gá le critéir agus rialacha ón Roinn maidir le bunú, maoiniú, acmhainniú agus bainistiú"*

[3] Níos mó na 90%

(Agallamh, Pátrún).

Níl aon chomhaontú coiteann ann, ach oiread, maidir leis an rollachán nó an líon scoláirí is gá a bheith ann sula dtugtar faomhadh do bhunú aonaid. Is léir nach bhfuil líon scoláirí ar leith aitheanta ag an Roinn Oideachais chun aonad a bhunú. Luaigh pátrún amháin mar shampla – *"Úsáideann muidne an figiúr sin, 120 mar go n-eascraíonn sé sin as comhráite neamhfhoirmeálta a bhí againn nuair a bhíomar ag bunú Ghaelcholáiste (ainm na scoile)"* (Agallamh, Pátrún).

## Saincheisteanna a bhaineann le feachtas feasachta agus cumarsáide

### Cén ról atá ag feachtas feasachta agus cumarsáide i mbunú aonaid?

Bíonn comhdhéanamh, téarmaí tagartha agus coinníollacha choiste bunaithe an aonaid á dtreorú ag athróga éagsúla. Sonraítear sa taighde seo go bhfuil easpa eolais ag coistí bunaithe mar aon le heaspa treorach ón Roinn Oideachas maidir le céimeanna an phróisis aitheantais. I gcúpla cás, thosaigh an coiste bunaithe le múinteoirí agus príomhoide a bhí sásta pleanáil a dhéanamh chun aonad a bhunú. *"We had what I called a coiste comhairleach and I was cathaoirleach of it. We brought parents on board and we started canvassing, promoting and we did all sorts of marketing with the kids to encourage them to come in, and our first year we had twenty-two" (*Agallamh, MibhF[4]).

Chun aonad a bhunú, bhí an-tábhacht ag baint le bolscaireacht agus le feachtas feasachta chun tuismitheoirí a mhealladh lena gcuid páistí a ionrollú. Is léir, i gcás thromlach na n-aonad a ghlac páirt sa taighde seo, go ndearnadh tréaniarracht scoláirí a mhealladh trí chuairteanna a thabhairt, ní hamháin ar ghaelscoileanna agus ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ach ar theaghlaigh aonair chomh maith céanna. Fiú le feachtas feasachta mar aon le straitéis mhargaíochta, tuairiscítear go mbíonn sé dúshlánach dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais chun aitheantas aonaid a chinntiú. I líon beag cásanna, ní raibh rath ar an bhfeachtas feasachta agus léirítear go raibh sé deacair an t-aonad *"a streachailt amach ón Roinn*" (Agallamh, Iar-PO[5]). Tá blas na ceannródaíochta agus na díograise le sonrú ar an gcuntas seo ó rannpháirtí amháin agus í ag cur síos ar bhunú aonaid, *"…chuaigh tuismitheoir agus an múinteoir i bhfeighil amach go dtí ceithre thigh agus fuaireamar seachtar. Chuaigh siad ar cuairt chuig tuistí. Bhí muid i gcónaí ag fáil duine nó dhó ó scoileanna Béarla ag an am…"* (Agallamh, PO[6]).

Déantar tagairt go minic d'oícheanta oscailte, do chuir i láthair, do thráthnónta blasaithe, campaí samhraidh agus obair leanúnach bholscaireachta a bheith á déanamh ní hamháin chun scoláirí a mhealladh sa chéad áit ach chun féachaint chuige, ag an am céanna, nach gcúlódh an tinreamh.

---

[4] Múinteoir i bhfeighil
[5] Iar-phríomhoide
[6] Príomhoide

Cuirtear in iúl sa taighde seo, nach i gcónaí go raibh tuiscint ag an té a d'imigh amach chuig bunscoileanna ar phrionsabail ná ar bhuntáistí an tumoideachais. Tuairiscíodh, áfach, go gcuireann tacaíocht an phátrúin go mór le hiarrachtaí an choiste bunaithe aitheantas aonaid a dheimhniú ón Roinn Oideachais. Mhothaigh formhór na rannpháirtithe gur thacaigh an pátrúin leo aonad a bhunú mar *"tuigeann siad an suíomh ina bhfuil muid"* (Agallamh, MibhF).

### Saincheisteanna a bhaineann le fís agus féiniúlacht an aonaid


#### Cad faoi fhís agus tiomantas na ceannaireachta i mbunú aonaid?

Bíonn fís agus tiomantas na ceannaireachta fíorthábhachtach maidir le bunú aonaid. De ghnáth, bíonn "fís" tumoideachais ag duine nó beirt agus éiríonn leo an fhís sin a roinnt. An fuinneamh pearsanta, an fhís fhadradharcach agus an tiomantas a thiomáineann na hiarrachtaí go léir. I bhfocail eile, laistiar de bhunú aonaid, duine nó beirt a bhfuil díograis agus stuacántacht acu, leanann siad ar aghaidh go misniúil cróga in ainneoin na ndúshlán. Go mion minic, is léir go n-eascraíonn an fuinneamh, an díograis, an misneach agus an tiomantas ón ngrá a bhíonn ag an duine aonair don Ghaeilge – *"Déanaimid é le lán ár gcroí toisc an meas atá againn ar an nGaeilge agus ar ár gcultúr Gaeilge"* (Agallamh, iar-PO). Bíonn gá le síor-mhisneach chun an fhís a thabhairt chun críche.

#### Conas a chothaítear féiniúlacht san aonad?

Tá sé an-tábhachtach éiteas na féiniúlachta a chothú. Léirítear i sonraí an cheistneora go bhfuil gnéithe ar leith riachtanach chun féiniúlacht an aonaid a chur chun cinn. Tá léargas ar na sainghnéithe mar a bhaineann leis na haonaid a bhí páirteach sa taighde seo le fáil i bhfíor 1 thíos.

Fíor 1: Féiniúlacht an aonaid





## Saincheisteanna a bhaineann le polasaithe agus pleanáil

**Cén fheidhm a bhaineann le polasaí agus le plean teanga an aonaid?**

I gcás thromlach na n-aonad, bíonn polasaí teanga acu a bhaineann go sonrach leis an aonad, fíric a tháinig chun solais sa cheistneoir (féach fíor 2 thíos). Tuairiscítear, áfach, nach mbíonn aon bhaint ag an múinteoir i bhfeighil ná ag foireann an aonaid le dréachtadh polasaithe i gcoitinne. Is díol suntais ráiteas múinteora amháin faoin easpa ionchuir i gceapadh polasaithe – – *"Ba bhreá liom dá mbeadh polasaí ann a deir cad é go díreach muid, cad go díreach a dhéanaimid agus cad leis a bhfuil muid ag súil"* (Agallamh MibhF). D'admhaigh múinteoir i bhfeighil eile agus í ag tagairt do pholasaí – *"Fiú dá ndéanfaimis polasaí, bheadh orainn é a scríobh as Béarla ionas go dtuigfeadh gach duine"*. Cé go mbíonn polasaithe ann, ní i gcónaí a chuirtear i bhfeidhm iad go héifeachtach mar a léirítear anseo – *"...tá polasaí againn, an bhfuil sé i bhfeidhm, sin ceist"* (Agallamh, MibhF). Chuige sin, aibhsítear sa taighde seo go bhfuil pleananna agus polasaithe tumoideachais riachtanach chun féiniúlacht an aonaid a threisiú.

**Fíor 2: Polasaí teanga an aonaid**




## Saincheisteanna a bhaineann le bainistiú ar athruithe agus ar inbhuanaitheacht

**Conas a théann bainistiú athruithe i bhfeidhm ar bhuanú aonaid?**

Bítear lán le fuinneamh na físe i dtosach ach feictear go dtránn an díograis i leaba a chéile uaireanta de réir mar a thugann éabhlóid ar chúrsaí agus ar riarachán an aonaid. Agus í ag breathnú siar, luaigh iar-mhúinteoir i bhfeighil – *"Bhíomar lán le fuinneamh don aonad ar feadh dhá bhliain ach ansin n'fheadar an raibh an fuinneamh céanna toisc go raibh riachtanais eile tar éis teacht isteach agus bhí daoine ag dul i dtreoanna éagsúla"* (Agallamh, Iar-MibhF). Tuairiscíodh chomh maith go raibh tionchar ag athruithe gan choinne ar mhúinteoirí i bhfeighil i gcoitinne – *"Ag an bpointe seo, tá mise ag cailliúint an fhuinnimh mar go mbíonn an oiread sin de bhacanna i mo bhealach"* (Agallamh, MibhF).

Athruithe pearsanra a luadh go minc sa taighde seo mar bhac ar fhorbairt an aonaid. D'fhéadfadh imeacht múinteora aonair ón scoil, mar shampla, cur isteach ar leanúnachas agus i gcásanna áirithe *"...cuireadh chun báis"* iad (Agallamh, Iar-PO). Is léir mar sin go bhfuil impleachtaí tromchúiseacha ag baint le cursaí pearsanra agus athruithe gan choinne ar rathúlacht an aonaid.

## Conclúid

Sa mhír seo, rinneadh plé ar roinnt catalaígh chomónta a bhaineann le bunú agus buanú aonaid, mar shampla: éileamh, feachtas feasachta agus cumarsáide, fís fhadradharcach lucht a bhunaithe, cothú na féiniúlachta, agus bainistiú ar athruithe. Sonraíodh go bhfuil na gnéithe sin riachtanach chun cáilíocht an tsoláthair tumoideachais in aonad atá lonnaithe in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a dheimhniú.

## An bhainistíocht

### Réamhrá

Sa mhír seo, tugtar spléachadh ar bhainistíocht an aonaid mar a bhaineann leis an múinteoir i bhfeighil, príomhoide na hóstscoile agus an bord bainistíochta. Chomh maith leis sin, féachtar ar ról na bpátrún agus na Roinne Oideachais i mbainistiú na n-aonad reatha. Tugtar cuntas ar fheidhm na n-eagras Gaeilge i stiúradh agus i gcur chun cinn na Gaeilge sna haonaid. Ag an deireadh, tugtar achoimre ghairid ar ábhar na míre sa chonclúid.

### Saincheisteanna a bhaineann leis an múinteoir i bhfeighil san aonad

**Cad a thugtar ar an té atá i gceannas ar an aonad?**

Léiríonn sonraí an taighde seo nach bhfuil na scoileanna ar aon intinn maidir leis na teidil a thugtar ar an múinteoir ar a mbíonn cúraimí an aonaid. Luaigh scoil amháin go seachnaíonn siad an teideal *múinteoir i bhfeighil* toisc go ngabhann easpa údaráis leis. Dar le rannpháirtí eile, cothaíonn an teideal teannas agus easaontas i measc na foirne. Ardaíonn rannpháirtí eile ceist achrannach, is é sin, cé chomh mór i bhfeighil is atá an múinteoir i bhfeighil?

Luaigh rannpháirtí eile go dtugtar ainmneacha éagsúla uirthi agus is minic a chuirtear an cheist *"who are you?"* (Agallamh, Iar-MibhF). D'fhreagair rannpháirtí eile an cheist nuair a dúirt sí *"is spéirbhean mé ach ní superbhean mé"* (Agallamh, MibhF). I gcás eile, léirítear an neamhchinnteacht a bhaineann leis an ról nuair a luaigh rannpháirtí amháin *"...bhíos just mar mhúinteoir agus laethanta áirithe do bhíos i lár an aonaigh mar cheannaire agus laethanta eile bhíos sa chúlra mar cheannaire"* (Agallamh, Iar-MibhF).

I scoileanna eile, tugtar *stiúrthóir* ar an té atá i gceannas ar an aonad. D'aithin príomhoide amháin go raibh údarás agus stádas ag baint leis an teideal seo agus go ndearna sé difríocht shuntasach – *"ó thaobh measa de... agus ó thaobh a róil agus conas a chuaigh a ról ó neart go neart"* (Agallamh, Iar-PO). Aibhsíonn an taighde seo nach bhfuil comhsheasmhacht ag baint leis an teideal atá ar an té atá i gceannas ar aonad agus, ina éagmais sin, cothaítear míthuiscintí agus neamhchinnteacht i measc phobail an aonaid.

**Cad iad na réimsí freagrachtaí atá le cur i bhfeidhm ag an múinteoir i bhfeighil?**

Dearbhaíonn sonraí an taighde seo go bhfuil réimse leathan freagrachtaí le comhlíonadh ag an múinteoir i bhfeighil mar aon lena chuid dualgais teagaisc féin. Aithnítear dhá chatagóir freagrachtaí i dtábla 7 thíos:

**Tábla 7: Réimsí freagrachtaí an mhúinteora i bhfeighil**

| Cúrsaí Riaracháin | Cúrsaí Gaeilge |
|---|---|
| • Múinteoir ceann bliana<br>• Na hábhair agus na ranganna a shocrú do na scoláirí san aonad<br>• Turais go dtí an Ghaeltacht a shocrú<br>• Amchlár an aonaid a rianú<br>• Déileáil le fadbhanna iompair na scoláirí<br>• Bainistiú agus dáileadh acmhainní an aonaid<br>• Forbairt ghairmiúil múinteoirí maidir le múineadh trí Ghaeilge a chur chun cinn<br>• Naisc le bunscoileanna sa cheantar a chothú agus cuairt a thabhairt orthu<br>• Oícheanta oscailte a eagrú agus pacáistí eolais a ullmhú chuige sin<br>• Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí a reáchtáil<br>• Caidreamh a fhorbairt agus a choimeád leis an bpobal áitiúil<br>• Obair riaracháin a chur i gcrích, mar shampla, déileáil le glaonna gutháin, teachtaireachtaí ríomhphoist<br>• Cumarsáid a chothú le tuismitheoirí an aonaid<br>• Aistriúchán a dhéanamh ar litreacha **srl** do bhainistíocht na hóstscoile<br>• Naisc leis na heagraíochtaí Gaeilge a chothú | • Sainmheon na Gaeilge a chothú i measc na foirne<br>• An cultúr Gaelach a chur chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den aonad<br>• Labhairt na Gaeilge a chur chun cinn i measc scoláirí<br>• Imeachtaí seach-churaclaim a reáchtáil trí mheán na Gaeilge |

Aithnítear ó thorthaí an taighde seo go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i measc na n-aonad maidir le méid na ndualgas atá le comhlíonadh ag an múinteoir i bhfeighil. Mar shampla, deir duine de na rannpháirtithe – *"…is múinteoir mé, is príomhoide mé agus is múinteoir i bhfeighil mé. Tá mé faoi bhrú"* (Agallamh, PO). Os a choinne sin, in aonad eile, aithníonn príomhoide na hóstscoile an t-ualach oibre atá bainteach leis an bpost agus mar thacaíocht, ceapadh leas-mhúinteoir i bhfeighil chun na dualgais a roinnt. I scoileanna eile, bíonn tacaíocht ar fáil ó mhúinteoirí Gaeilge i roinn na Gaeilge. Luaitear go minic gur dualgais neamhfhoirmeálta iad a eascraíonn ó bhainistíocht laethúil an aonaid agus gan *"aon rud ar phár"* (Agallamh, Iar-MibhF). Luann príomhoide óstscoile eile go mbíonn sí de shíor ag déanamh ionadaíochta don mhúinteoir i bhfeighil chun deis a thabhairt di a cuid dualgas riaracháin a chur i gcrích. Cé go dtacaíonn an comhoibriú sin le teagasc éifeachtach, tuigtear go gcuireann an nós sin isteach ar riar na scoile i gcoitinne. Deir sí go bhfuil *"an t-uafás oibre i gceist, so tá sé seafóideach a bheith ag ceapadh go ndéanfadh duine é ar 4 huaire. Níl sé indéanta"* (Agallamh, Iar-PO).

**An bhfuil stádas ag an múinteoir i bhfeighil?**

Tagraíonn na sonraí go minic do cheist stádais an mhúinteora i bhfeighil. Tuigtear go bhfuil an múinteoir i bhfeighil mar bhainisteoir laethúil an aonaid a oibríonn faoi stiúir phríomhoide na hóstscoile agus i gcomhpháirtíocht leis. I mbeagnach gach cás, tagann sé chun solais go mbraitheann na múinteoirí i bhfeighil go bhfuil easpa stádais ag baint leis an ról. Ag tagairt do chruinnithe boird, mar shampla, tuairiscíonn rannpháirtí amháin go soláthraíonn sí tuairisc mhíosúil ach nach bhfaigheann sí aon aiseolas riamh, comhartha eile a threisíonn tuairimí na rannpháirtithe nach bhfuil stádas bainistíochta acu i riar an aonaid:

> *Cé go rabhas go hiomlán i gceannas ar an aonad, an príomhoide agus an leas-phríomhoide a bhíonn ag freastal ar chruinnithe bainteach leis an aonad… gan Gaeilge*
> (Agallamh, Iar-MibhF).

Gan uimhir rolla ar leith ag an aonad, creideann na rannpháirtithe nach bhfeabhsódh an scéal maidir le ról an mhúinteora i bhfeighil. Tá an chuma ar an scéal gur gá soiléiriú a thabhairt ar údarás an mhúinteora i bhfeighil laistigh den aonad.

**An bhfuil am riaracháin ag an múinteoir i bhfeighil chun na dualgais a chomhlíonadh?**

De réir na fianaise ó rannpháirtithe an taighde seo, níl a ndóthain ama acu chun a gcuid dualgas a chur i gcrích.

> *Níl dóthain ama againn chun an post a chomhlíonadh i gceart… tá tú i bhfeighil a lán rudaí éagsúla ach, ag an am céanna, tá tú ag múineadh an chuid is mó den am chomh maith*
> (Agallamh, MibhF).

I mbeagnach gach cás, tagraíonn na rannpháirtithe don tráthchlár teagaisc iomlán atá acu, idir 16 uair an chloig agus 22 uair a chloig gan uaireanta riaracháin san áireamh. Tuairiscítear nach leor ceithre uair a chloig chun ról an mhúinteora i bhfeighil a chomhlíonadh – *"Ní fiú faic ceithre uair is cuma cé mhéad daltaí atá ann"* (Agallamh, Iar-PO). Tacaíonn rannpháirtí eile leis an tuairim sin, nuair a deir sí *"Chaitheas an chuid is mó de mo chuid ama ag rith ó sheomra ranga go dtí an oifig agus ar ais arís"* (Agallamh, Iar-PO). Is léir go bhfuil na múinteoirí i bhfeighil faoi bhrú a gcuid dualgas a chomhlíonadh taobh istigh d'uaireanta oibre. Tráchtar chomh maith ar na huaireanta a chaitear i ndiaidh am scoile ag eagrú imeachtaí cultúrtha Gaeilge. Meastar go bhfuil ról an mhúinteora i bhfeighil ró-uaillmhianach.

**An bhfuil freagrachtaí ar an múinteoir i bhfeighil i leith na teanga?**

Rud coiteann a léirigh múinteoirí i bhfeighil i gcoitinne ná – *"The job is to ensure that the best interest of Gaeilge is served, that the language is promoted, that it is looked after, protected and*

*helped"* (Agallamh, PO). In ainneoin na dtuiscintí sin, is annamh a thuairiscíonn na múinteoirí i bhfeighil go mbíonn deis acu sainmheon tumoideachais an aonaid a chur chun cinn – *"Tá sé deacair am a fháil chun Gaeilge a spreagadh. Tá tú ag plé le rudaí eile, ní rudaí Gaeilge iad"* (Agallamh, MibhF). I mbeagnach gach cás, d'aontaigh na múinteoirí i bhfeighil go raibh easpa ama acu chun díriú ar thimpeallacht Ghaelach a chothú, ar labhairt na Gaeilge a chur chun cinn, agus ar mhúnla an tumoideachais a threisiú.

**An bhfuil ról ceannasaíochta ag an múinteoir i bhfeighil ag leibhéal AP1 nó AP2?**

Tá sé le haithint ar shonraí an taighde seo go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha ann maidir le haitheantas an mhúinteora i bhfeighil mar AP1 nó AP2. Chuir líon beag[7] de na rannpháirtí in iúl go bhfuil post AP1 bronnta orthu agus go bhfuil ról ceannasaíochta acu, le laghdú idir 40 nóiméad agus 4 uair a chloig ar na huaireanta teagaisc, chun ról an mhúinteora i bhfeighil a chomhlíonadh. I gcás amháin, 6 uair an chloig a bronnadh. I scoileanna eile, is post AP2 atá ag an múinteoir i bhfeighil gan uaireanta riaracháin chun gnó an aonaid a riar. Mar a dúirt príomhoide óstscoile amháin, *"She has an AP2 position, but there wouldn't be time allocated for it. We don't give time to AP2 positions"* (Agallamh, PO). I scoileanna eile, comhlíontar dualgais AP2 san óstscoil agus déantar gnó an aonaid a riar taobh amuigh d'am scoile. Is léir, chomh maith, go bhfuil éiginnteacht ag baint leis an bpost mar mhúinteoir i bhfeighil nuair nach bhfuil aitheantas buan oifigiúil na Roinne Oideachais ag an aonad.

Níos minice ná eile, tuairiscítear sa taighde seo go bhfuil easpa tuisceana ann maidir leis an bpost aonaránach atá ag an múinteoir i bhfeighil. Cé go dtagann múinteoirí eile isteach chun ábhair a theagasc ó am go chéile, *"tá tú i bhfeighil leat féin… agus ag brath ort féin an t-am ar fad chun a chinntiú go bhfuil gach rud i gceart"* (Agallamh, MibhF). Tá an chuma ar an scéal nach mbraitheann rannpháirtithe an taighde go bhfuil struchtúir chuí thacaíochta ann chun tacú leo i bhforbairt agus i bhfás an aonaid.

**Cad iad na spreagthaí atá ann chun post mar mhúinteoir i bhfeighil a ghlacadh?**

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil cúiseanna éagsúla ag múinteoirí glacadh le post mar cheannaire ar aonad. Aithnítear dhá chatagóir i dtábla 8 thíos:

[7] 16 – 24%

**Tábla 8: Spreagthaí chun post a ghlacadh in aonad**

| Cúrsaí Gaeilge | Cúrsaí Pearsanta |
|---|---|
| • Grá don teanga<br>• Deis an teanga a chur chun cinn i measc daoine óga<br>• Deis a bheith ag obair le daoine óga chun tuiscint a thabhairt dóibh ar chaomhnú na teanga<br>• Scoláirí a fheiceáil ag bláthú agus ag glacadh freagrachtaí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge<br>• Teagasc trí mheán na Gaeilge | • An luach a leagann an té ar an scoil<br>• Cúiseanna pearsanta – forbairt phearsanta, réidh chun glacadh le dúshláin, scileanna ceannaireachta forbartha trí thaithí i scoileanna eile<br>• Céim mháistreachta a bheith bainte amach |

Is iomaí dearbhú a tháinig chun cinn sa taighde seo gurb é grá don teanga agus meas uirthi a spreagann múinteoirí glacadh le post mar cheannaire ar aonad. Mar a dúirt príomhoide amháin agus í ag tagairt don cheapachán is deanaí, *"he has a huge passion for the language and that's what is really needed in the aonad. You really need a person that has that fire"* (Agallamh, PO). Ach é sin ráite, is díol suntais é go bhfuil múinteoirí i bhfeighil ag plé le dualgais nach mbaineann go díreach le cur chun cinn na Gaeilge, go háirithe nuair a aithnítear gurb é an dúshlán is mó a bhíonn san aonad ná an Ghaeilge a chothú agus a neartú. Dealraíonn sé go bhfuil dícheangail áirithe ann idir an obair ba chóir a bheith ar siúl ag an múinteoir i bhfeighil agus an obair a dhéantar.

Is cinnte go bhfuil infheistiú pearsanta i dtreis má tá an t-aonad le forbairt. Dúirt rannpháirtí amháin – *"…ní bréag é nuair a deirim gur chuir mé mo chroí agus m'anam isteach i dtógáil na scoile"* (Agallamh, PO). Ach is baolach, áfach, go bhfuil rian den éadóchas le sonrú i measc na rannpháirtithe nuair a deirtear *"tá sé tuirsiúil agus táimid ag rith amach as fuinneamh"* (Agallamh, MibhF). Ar an ábhar sin, ní haon ionadh go bhfuil múinteoirí i bhfeighil ag ardú ceisteanna achrannacha maidir lena gcúinsí oibre. Tá ábhar conspóideach eile ardaithe ag rannpháirtithe an taighde seo, is é sin, ábhar an liúntais pá, liúntas a bhíodh ar fáil mar chomhartha aitheantais do na dualgais bhreise a bhaineann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge. Níl sé ina chuidiú, dar leo, nach bhfuil liúntas ar fáil anois ag na múinteoirí uilig chun cúiteamh áirithe a dhéanamh ar an dian-saothar a dhéantar. Mar a sheasann sé, níl tarraingt ar bith ann chun múinteoirí nuacháilithe a mhealladh isteach san aonad.

**Cad é an próiseas earcaíochta a chuirtear i bhfeidhm chun múinteoir i bhfeighil a cheapadh?**

Tuairiscítear go ndéanann an chuid is mó de na hóstscoileanna post múinteora a fhógairt i nGaeilge ar an tuiscint go mbeidh an múinteoir in ann na hábhair ábhartha a mhúineadh trí Bhéarla. Mar a dúradh, – *"In an aonad you need your teachers to be able to move between the two… to be able to function in both"* (Agallamh, PO). Léirigh príomhoide óstscoile amháin go

mbíonn sé ag cur is ag cúiteamh leis an bpróiseas fógraíochta – "*We know it (aonad) is poorly defined. So what am I applying for? If I advertise a position in this school, do I advertise it just for the Gaelcholáiste?*" (Agallamh, PO). Más i nGaeilge atá an fógra, tá seans ann nach gcuirfeadh iarrthóirí áirithe isteach ar an bpost agus más i mBéarla atá an fógra tá an fhéidearthacht ann nach dtuigfeadh an té a chuirfeadh isteach ar an bpost go mbeadh air/uirthi soláthar a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ní theastaíonn ó scoileanna an deis a chailliúint múinteoirí a earcú. Agus riachtanais foirne á gcur san áireamh, dealraítear go bhfuil príomhoidí *"ag bailiú"* (Agallamh, MibhF) múinteoirí atá inniúil sa Ghaeilge cé nach bhfuil siad ag teastáil láithreach, comhartha eile go bhfuil géarghá le feachtas earcaíochta cuí chun múinteoirí a fhostú sna haonaid.

Tharla sé in dá chás nár tugadh cead post a fhógairt toisc moratóir ar earcaíocht a bheith ann. Dá thoradh sin, tá aonaid á riar gan múinteoir i bhfeighil agus, mar a dúirt duine acu, tá siad cosúil le *"long gan chaptaen"* (Agallamh, MibhF). Tuigtear chomh maith go gcothaítear deacracht ar leith nuair a théann múinteoir, atá lárnach in imeachtaí an aonaid, ar scor nó ar shos gairme. Sonraítear go bhfuil scála na faidhbe ag méadú agus go bhfuil sé beagnach dodhéanta teacht ar mhúinteoirí chun dul i mbun oibre sna haonaid. I scoileanna áirithe, bhí comórtas oscailte ann agus ceapadh an múinteoir mar AP1. In áiteanna eile, mealladh múinteoirí chun glacadh leis an bpost toisc gur aithníodh go raibh grá agus bá acu don teanga. I gcásanna eile, luaigh an múinteoir go mbeadh suim aige sa phost. I gcás eile, thairg an príomhoide an post don fhoireann. Deimhnítear sa taighde gurb iad easpa muiníne sa teanga agus coinníollacha oibre iomarcacha na cúiseanna is mó a chuireann srian ar mhúinteoirí cur isteach ar phost mar mhúinteoir i bhfeighil.

**An dtreoraíonn an fhís atá ag an múinteoir i bhfeighil an t-aonad?**

Sonraíodh sa taighde seo go bhfuil físeanna uaillmhianacha ag múinteoirí i bhfeighil d'fhorbairt na gaelscolaíochta sna haonaid. Aithnítear trí chatagóir i dtábla 9 thíos:

**Tábla 9: Catagóirí físe ag múinteoirí i bhfeighil**

| | |
|---|---|
| **Soláthar** | • Breis daltaí a mhealladh chuig an aonad<br>• Réimse níos leithne ábhar a sholáthar<br>• Soláthar a chur ar fáil ag leibhéal na hardteistiméireachta<br>• Múinteoirí a earcú a bheidh lonnaithe san aonad<br>• Cúrsaí Gaeilge a reáchtáil d'fhoireann an aonaid le béim ar theagasc ábhar trí mheán na Gaeilge<br>• Scoil neamhspleách atá scartha ón óstscoil<br>• Oideachas den scoth a sholáthar<br>• Foirgneamh agus áiseanna neamhspleácha ag an aonad |
| **Cúrsaí Gaeilge** | • Gaeilge a chothú sa scoil agus sa cheantar |
| **Cúrsaí Pearsanta** | • Forbairt phearsanta a dhéanamh – – scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a fheabhsú |

Tugtar le fios níos minice ná eile go mbíonn lagmhisneach ar na rannpháirtithe i leith chur i bhfeidhm na físe. Mar shampla, deir múinteoir i bhfeighil amháin gur mian léi an t-aonad a fhorbairt *"ach n'fheadar an bhfuil an fhéidearthacht sin ann"* (Agallamh, MibhF). Dar le rannpháirtí eile, – *"Tá sé deacair bealach fáis a fheiceáil nuair atá tú srianta"* (Agallamh, MibhF). Braitheann roinnt de na rannpháirtithe go bhfuil easpa ionchais ann i leith aonaid. Dealraíonn sé, in éagmais polasaithe, gur annamh a bhíonn deis ag múinteoirí i bhfeighil pleananna fadtéarmacha a cheapadh agus a aontú le bainistíocht na scoile.

Tá sé spéisiúil an dearcadh atá léirithe ag na rannpháirtithe maidir leis an aonad a bheith scartha ón óstscoil. Dar le tromlach na rannpháirtithe, ní ann d'aon bhealach eile chun an córas tumoideachais a chur i bhfeidhm ach a bheith i dtimpeallacht iomlán Gaelach atá scartha ón óstscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. I gcúpla cás, ní theastaíonn ón aonad a bheith scartha ón óstscoil ar an tuiscint go gcaillfidh na scoláirí deiseanna a gcuid scileanna sóisialta a fhorbairt. Is iomaí fachtóir comhthéacsúil is gá a chur san áireamh chun freastal ar riachtanais uile na n-aonad.

**Conas mar a dhéantar cumarsáid leis an óstscoil?**

Is léir ó shonraí an taighde seo go bhfuil leibhéil éagsúla cleachtais sna haonaid maidir le cumarsáid a chothú leis an óstscoil. Go hiondúil, is cumarsáid neamhfhoirmeálta a bhíonn idir an t-aonad agus an óstscoil. Mar a dúirt príomhoide amháin:

> *there's no official scheduled meeting but if anything is happening she'll just pop in. And all that stuff that comes in, I always liaise with her... and keep her in the loop"* (Agallamh, PO). Leis na cruinnithe *ad hoc* sin, is minic a *"bhriseann sé sin isteach in am pearsanta na múinteoirí"*
>
> (Agallamh, MibhF).

Cé go mbíonn pleananna ann cruinnithe a reáchtáil, is minic nach dtarlaíonn siad toisc tús áite a bheith tugtha do ghnó na hóstscoile, cleachtas a fhágann rian an dímheasa ar shaothair na n-aonad, dar leis na rannpháirtithe. Tugann fianaise an taighde seo le tuiscint go lorgaíonn múinteoirí i bhfeighil cruinnithe rialta, go háirithe nuair atá an t-aonad ag staid a bhunaithe. Mar a léiríonn duine de na rannpháirtithe – *"Bhíos sa tóir ar chruinnithe ar bhonn seachtainiúil agus uaireanta, d'éirigh linn agus uaireanta eile níor éirigh ach ag tosú amach agus an t-aonad á bhunú bhí géarghá leis sin"* (Agallamh, Iar-MibhF).

Maidir le clár na gcruinnithe, i scoil amháin cinntítear go bhfuil gnó an aonaid ar an gclár chun plé a dhéanamh ar na sainriachtanais éagsúla. I gcásanna eile, áfach, ní bhíonn ionchur ag an

múinteoir i bhfeighil ag cruinnithe. I gcás eile, tá sé luaite ag an múinteoir i bhfeighil nach mbraithfeadh sí go gcuirfear fáilte roimh ionchur uaithi toisc nach bhfuil aitheantas aici mar mhúinteoir i bhfeighil. Tuairiscítear chomh maith go mbíonn sé deacair riachtanais an aonaid a aontú toisc an oiread daoine i láthair nach bhfuil baint acu leis an aonad. Tuigtear go mbeadh sé níos éifeachtaí gnó an aonaid a phlé leis na múinteoirí atá lonnaithe san aonad amháin. Aithnítear go bhfuil ról lárnach ag bainistíocht na scoile i gcothú na cumarsáide idir an t-aonad agus an óstscoil. Ach é sin uilig ráite, tuigtear go mbíonn cúraimí troma bainistíochta ag baint leis an óstscoil. Os a choinne sin, aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an luach a chuireann bainistíocht na scoile ar an aonad.

**Conas mar a dhéantar cumarsáid leis na scoileanna máguaird?**

Tháinig sé chun solais sa taighde go mbaintear úsáid as réimse leathan imeachtaí chun daltaí na mbunscoileanna a spreagadh agus a mhealladh chuig an aonad. Féach tábla 10 thíos.

**Tábla 10: Cumarsáid le scoileanna**

- Cuairteanna chuig na scoileanna máguaird – scoileanna lán-Ghaeilge agus na bunscoileanna príomhshrutha Béarla, ag labhairt le daltaí ó rang 4 go rang 6
- Scoláirí an aonaid ag tabhairt cuairt ar na bunscoileanna sa cheantar
- Ceardlanna éagsúla le linn na bliana chun deis a thabhairt do dhaltaí teacht chuig an aonad
- Campaí samhraidh trí Ghaeilge le linn laethanta saoire
- Laethanta blasaithe agus oícheanta oscailte
- Pacáiste agus leabhrán eolais a roinnt ar thuismitheoirí
- Cuairteanna á dtabhairt ag an bpríomhoide leis féin, an múinteoir i bhfeighil leis féin, nó an príomhoide agus an múinteoir i bhfeighil le chéile

Tá sé léirithe sa taighde seo go bhfuil éagsúlacht sa chleachtas i measc na n-aonad maidir leis an té a thugann cuairt ar na scoileanna sa cheantar. Nuair a thugann an príomhoide agus an múinteoir i bhfeighil cuairt ar na scoileanna le chéile, téann sé i bhfeidhm go mór ar na daltaí agus ar a gcuid tuismitheoirí. I gcásanna eile, téann príomhoide na hóstscoile chuig na scoileanna Béarla agus téann an múinteoir i bhfeighil chuig na scoileanna lán-Ghaeilge. Tarlaíonn sé chomh maith go dtéann an príomhoide chuig na scoileanna ar fad agus go ndéantar an chuid is mó den chumarsáid trí mheán an Bhéarla. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, – *"Má tá tú ag dul amach ag labhairt i mBéarla leo chun teacht go dtí an gaelcholáiste, áit a bhfuil muid ag caint as Gaeilge, ní léiriú cruinn é sin ar an soláthar a bheidh ar fáil dóibh* (Agallamh, MibhF). Luaigh tromlach na múinteoirí i bhfeighil go dtugann siad léiriú réalaíoch ar an soláthar a bheidh ar fáil ionas go mbeidh daltaí sásta lena gcinneadh. I gcásanna éile, áfach, ní roinntear sonraí an tsoláthair go beacht. De thoradh na n-iarrachtaí ar fad, éiríonn le tromlach na n-aonad líon na scoláirí a mhéadú a bheag nó a mhór. Mar a dúirt múinteoir i bhfeighil amháin - *"bhí an t-ádh linn ar shlí, tá na*

*huimhreacha tar éis fás, tháinig dúbailt ar na huimhreacha"* (Agallamh, PO). I gcás scoileanna eile, áfach, ní raibh an t-ádh céanna leo mar theip orthu an tinreamh iontrála a mhéadú nó fiú scoláire ar bith a chlárú. Is léir ón taighde seo gur gá margaíocht a dhéanamh chun daltaí a mhealladh chuig na haonaid agus go dtiteann cuid mhaith den chúram sin ar an múinteoir i bhfeighil.

### Saincheisteanna a bhaineann le príomhoide na hóstscoile

#### An bhfuil fís ag na príomhoidí do na haonaid?

Bíonn pleanáil an phríomhoide riachtanach i bhfíorú na físe san aonad. Bíodh sin mar atá, luaigh tromlach na bpríomhoidí gur mian leo an t-aonad a fhorbairt agus a fhás – *"I gcónaí táimid ag iarraidh fáis ach i ndáiríre tá sé an-deacair"* (Agallamh, PO). Thuairiscigh rannpháirtithe eile gur fearr leo fanacht mar aonad – *"The aim is not a standalone… it's that they are fite fuaite"* (Agallamh, PO). Bhí sé mar shainsprioc ag scoileanna eile an t-aonad a fhorbairt i dtreo neamhspleáchais – *"Shocraíomar go mbeadh sé deich n-uaire níos fearr agus níos ciallmhaire scoil inti féin a bhunú, scoil neamhspleách"* (Agallamh, Iar-PO). Luaigh rannpháirtí eile go bhfuil sé mar fhís go bhfásfadh an sruth i dtreo aonaid – *"Bheadh sé go hiontach dá mbeadh aonad againn agus múinteoir i bhfeighil, duine atá ábalta amharc i ndiaidh cúrsaí Gaeilge sa scoil"* (Agallamh, PO). Go príomha, is fás agus forbairt atá mar bhunaidhm ag na príomhoidí in éagmais pleananna réamhghníomhacha fáis mar threoir acu.

Aithníonn tromlach na bpríomhoidí go bhfuil buntáistí suntasacha ag baint le haonad neamhspleách a chruthú. Creideann na rannpháirtithe, áfach, go bhfuil constaicí tromchúiseacha rompu agus iad ag dul i dtreo fáis. Bhí rannpháirtí amháin cinnte nach mbeadh an milleán ar an scoil dá dteipfeadh uirthi tuilleadh fáis a dhéanamh, nuair a dúirt sí – *"if it does not flourish and I think it's not, I don't think we are totally at fault. It just means that there's something a disconnect… that needs to be strengthened"* (Agallamh, PO). Dealraíonn sé nach bhfuil eolas ná treoir dhóthanach faighte ag scoileanna a stiúrfadh iad i dtreo an mhéadaithe.

Más rogha do scoileanna dul i dtreo neamhspleáchais, bhí na rannpháirtithe ar aon tuairim go gcaithfí aonad a struchtúrú ag staid a bhunaithe ar an tuiscint go mbeidh orthu critéir áirithe a shroicheadh a chinnteodh neamhspleáchas uathoibríoch. Ní foláir, dar leis na rannpháirtithe, na critéir sin a shainaithint ionas go mbeidh sé ar a gcumas pleanáil chuí a dhéanamh chun an t-aistriú go scoil neamhspleách a éascú. In éagmais na gcritéar, tá scoileanna *"in limbo"* (Agallamh, PO). Fíoraíonn torthaí an taighde gurb é an fhís is coitianta agus is láidre i measc na múinteoirí i bhfeighil ná go mbeadh aonad teangeolaíochta ann ina dtumtar na scoláirí sa teanga. Dealraítear ó shonraí an taighde nach bhfuil an soláthar sna haonaid ag réiteach le bunphrionsabail an tumoideachais. Ní shéantar, áfach, nach bhfuil an Ghaeilge mar theanga chumarsáide na n-aonad. Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil roinnt príomhoidí iomlán cinnte faoi conas córas tumtha a chur i bhfeidhm agus chuige sin dúirt príomhoide amháin *"I would love more guidance in terms*

*of how to develop that"* (Agallamh, PO). Tá sé intuigthe mar sin, go ndearfaí agus go n-aontófaí plean forbartha a chuirfeadh an gaeloideachais chun cinn san aonad.

**Cad iad dearcthaí na bpríomhoidí óstscoile i leith an aonaid?**

Léiríonn sonraí an taighde seo an tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach a bheith ag an té atá i gceannas ar an óstscoil. Luaigh formhór[8] na bpríomhoidí go bhfuil ardmheas acu ar an teanga agus ar an soláthar oideachais a chuireann siad ar fáil. Ní hamháin sin, ach léirigh siad bród as an méid atá bainte amach acu. Mar a dúirt príomhoide amháin - "… *tá tú ag dul i gcoinne na taoide i gcónaí mar is é an taoide Béarla atá ann. Ag rá é sin tá an-jab déanta againn san áit mar atáimid ach táimid just always holding our ground"* (Agallamh, PO). Gan aon agó, is mór an taca é dearcadh dearfach na bpríomhoidí le forbairt an aonaid a dheimhniú.

Ar an lámh eile de, i gcúpla cás[9], bhí na príomhoidí amhrasach faoin soláthar tumoideachais mar choincheap oideachasúil. Mheas príomhoide amháin nach buntáiste é na hábhair ar fad a dhéanamh trí mheán na Gaeilge chomh fada leis an ardteistiméireacht. Admhaíonn príomhoide eile go gceistíonn sí í féin go minic – *"can I actually justify timetabling that or not?"* (Agallamh, PO) nuair nach bhfuil ach cohórt beag scoláirí ag iarraidh an t-ábhar a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ach a mhalairt de thuairim a léirigh príomhoide eile nuair a luaigh sí gur sainghné dá gcuid soláthar é an gaeloideachas a chinntíonn méadú ar líon na scoláirí go bliantúil. Tá sé intuigthe ó shonraí an taighde seo go bhfuil rath an aonaid ag brath go seasta ar dhearcadh agus ar dhíograis an phríomhoide.

**Cad iad tuairimí na bpríomhoidí i leith fheasacht na foirne ar oideolaíocht an tumoideachais?**

Aontaíonn na príomhoidí go bhfuil feasacht áirithe i measc na foirne maidir leis na modhanna is éifeachtaí chun ábhar a mhúineadh tríd an dara teanga. Léiríonn sonraí an taighde go bhfuil na príomhoidí den tuairim gur gá tuiscint dhomhain a bheith ag múinteoirí *"maidir leis an tumoideachas, múineadh T1 agus an nasc le T2 agus mar gheall ar fhoclóir ábhair agus go bhfuil tú ag múineadh teanga chomh maith le hábhar"* (Agallamh, Iar-PO). Cé go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le cáilíocht sa Ghaeilge, ní hionann sin agus a bheith in ann ábhar a theagasc tríd an dara teanga, tuairim láidir atá nochta ag príomhoidí óstscoileanna. Ar an mbonn sin, tuigtear an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach a fhreastalaíonn ar shainriachtanais mhúinteoirí an aonaid. Ach é sin ráite, tuairiscítear go dtugtar tús áite do riachtanais oiliúna na hóstscoile agus ní i gcónaí a chuirtear tosaíocht an aonaid san áireamh. Meabhraítear go bhfuil an easpa oiliúna ar cheann de na cúiseanna nár éirigh le roinnt aonad go nuige seo. Ar an gceann caol de, ní mithid a chinntiú go soláthraítear forbairt ghairmiúil leanúnach a fhreastalaíonn go príomha ar chur i bhfeidhm an chórais tumoideachais. Mar a dúirt rannpháirtí amháin – *"it has to*

[8] 51-74%

[9] suas go 15%

*be down to the roots. Ní dóigh liomsa go bhfuil sé ag na fréamhacha faoi láthair"* (Agallamh, Iar-PO).

**Cén tionchar, dar le príomhoidí, atá ag an aonad ar an óstscoil?**

Creideann tromlach na príomhoidí go bhfuil tionchar dearfach ar bhonn inmharthana ag na haonaid ar an nGaeilge mar theanga bheo agus, go háirithe, ar éachtaint níos fearr a chothú i measc na scoláirí ar an gcultúr Gaelach. Mar a dúirt sí – *"The culture in the Gaelcholáiste hugely influences the culture in the mórscoil. It infuses everything you do… in the mórscoil"* (Agallamh, PO). Níos minice ná eile, tagraítear do dhea-thionchar na n-imeachtaí a eagraítear laistigh agus lasmuigh den scoil, imeachtaí a thugann deiseanna do scoláirí na hóstscoile an Ghaeilge a chloisteáil nó a labhairt. Meabhraítear go minic – *"that the Irish culture has really enriched the whole school"* (Agallamh, PO). Is léir go bhfuil buntáistí ann don óstscoil, ach níl sé chomh soiléir céanna go bhfuil buntáistí ann do scoláirí an aonaid.

**Cén tionchar atá ag cumas teanga phríomhoide na hóstscoile ar bhainistiú an aonaid?**

Léiríonn sonraí an taighde go dtuigeann na príomhoidí nach bhfuil sé idéalach in aon chor go bhfuil siad i gceannas ar aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus gan an teanga a bheith go hiomlán ar a dtoil acu. Mar a d'admhaigh príomhoide amháin – "*I am not a Gaeilgeoir"* (Agallamh, PO). Dar le príomhoide eile – "*when you don't have the Irish… I think that could be a huge issue… I think it could be a slight barrier"* (Agallamh, PO). Ní hé sin le rá nach ndéanann príomhoidí óstscoileanna iarracht Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. Tuigtear go bhfuil roinnt príomhoidí tar éis cúrsaí Gaeilge a dhéanamh chun a muinín féin sa teanga chumarsáide a fheabhsú. Ach aithníonn siad chomh maith – *"that the everyday piece is a challenge"* (Agallamh, PO).

Is cinnte go gcothaítear dúshláin sa bhreis nuair nach bhfuil an príomhoide líofa sa teanga. Tugann an fhianaise le tuiscint go mbíonn an príomhoide ag brath ar dhea-thoil na múinteoirí Gaeilge litreacha srl a aistriú agus a scríobh. Tá sé aitheanta go raibh tionchar nach beag ag cumas labhartha na bpríomhoidí i gcás inar theip ar aonad ag staid a bhunaithe. Tuairiscítear chomh maith gur tháinig laghdú ar líon na scoláirí san aonad nuair a d'éirigh príomhoide na hóstscoile, a raibh Gaeilge aige, as a phost agus nuair a ceapadh príomhoide nach raibh an teanga chomh líofa sin aige.

Cé nach bhfuil líofacht teanga ag príomhoidí na n-óstscoileanna ar fad, aithnítear go bhfuil a ndearcadh i leith na teanga chomh tábhachtach céanna lena gcumas sa teanga. Tuigtear ó rannpháirtithe éagsúla go ndéanann siad iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn i dtimpeallacht na scoile. Luaigh príomhoide amháin gur féidir roinnt abairtí a chleachtadh i rith an lae, go háirithe nuair a bhuailtear le scoláirí ar an bpasáiste. Dar léi – *"my Irish is far from good, but everyone can*

*learn and we can give other people that opportunity, that place to develop it a little bit as well"* (Agallamh, PO). Aithnítear na hiarrachtaí a dhéantar timpeallacht Ghaelach a chruthú. Ach, é sin ráite, is é tuairim na rannpháirtithe ná go bhfuil ardchaighdeán inniúlachta sa Ghaeilge de dhíth ar phríomhoidí óstscoile.

**Cad é an próiseas earcaíochta a chleachtann príomhoidí?**

Tuigtear go mba cheart go mbeadh foireann an aonaid in ann sainmheon lán-Ghaeilge a chur chun cinn chomh maith lena ndualgais teagaisc. Aithníonn príomhoidí óstscoile a ghlac páirt sa taighde seo an tábhacht a bhaineann le nasc a chothú le hollscoileanna chun teacht ar mhúinteoirí atá toilteanach teagasc trí mheán na Gaeilge nó múinteoirí ag a bhfuil cáilíochtaí ábhartha acu don phost. Dar leo, ní leor fógra a chur ar na meáin chun múinteoirí a earcú. Níos minice ná a mhalairt, is gá an post a fhógairt cúpla babhta chun teacht ar líon iarrthóirí le cur faoi agallamh. Tuigtear chomh maith gur gá do phríomhoidí a bheith réamhghníomhach agus deiseanna a thapú ag ócáidí Gaeilge líonrú a dhéanamh. Mar a dúirt príomhoide amháin – *"I kept a steady eye on recruitment, I became a little more ruthless about it"* (Agallamh, PO). Dealraíonn sé go mbíonn ar na príomhoidí dul i dtuilleamaí straitéisí éagsúla chun múinteoirí a bhfuil Gaeilge agus na cáilíochtaí cuí acu a earcú.

Tuairiscítear go bhfuil sé níos deacra ná riamh múinteoirí a cheapadh a bhfuil Gaeilge acu. Tuigtear ó na príomhoidí go bhfuil srian le raon na n-ábhar is féidir a sholáthar san aonad toisc easpa múinteoirí. Ar an mbonn sin, bíonn brú millteanach ar phríomhoidí múinteoirí a earcú. Mar atá sách ráite – *"You know, it really goes against the grain to, to even think of having to put a teacher in the class who doesn't have Gaeilge"* (Agallamh, PO). Léirítear chomh maith go bhfuil sé nach mór dodhéanta teacht ar mhúinteoirí atá sásta post a ghlacadh in aonad nó i ngaelcholáiste atá lonnaithe ar oileán. Dar le rannpháirtí amháin, is éagóir é nach bhfuil liúntas Gaeltachta ná liúntas oileáin ar fáil a thuilleadh. Tá lochtú agus cáineadh déanta le tamall anuas ar na deacrachtaí atá ann múinteoirí a bhfuil Gaeilge acu a earcú, ach ní léir go ndearnadh an domhainstaidéar nó an gníomhú ba ghá chun an fhadhb sin a réiteach.

Tugann torthaí an taighde le fios go lorgaítear cáilíochtaí ar leith sula gcuirtear múinteoirí faoi agallamh, cáilíochtaí ar nós ceardteastas nó Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Tá sé aitheanta sa taighde chomh maith nár choinnigh scoileanna múinteoirí *"who didn't reflect the ethos and culture of the school"* (Agallamh, PO). Ach, ar an taobh eile den scéal, luann príomhoide eile:

> *I know tá cuid de na ranganna seo á mhúineadh trí Ghaeilge ach tá go leor b'fhéidir trí Bhéarla. Bhí na múinteoirí ag déanamh a ndíchill… Gaeilge sa chéim… ach ní raibh siad in ann na téarmaí go léir a dhéanamh*
>
> (Agallamh, PO).

Is ceist achrannach é nuair nach bhfuil cumas ag an múinteoir an t-ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ceist phráinneach atá le freagairt.

Is léir go gcuirtear isteach ar fhoghlaim na scoláirí nuair nach bhfuil múinteoirí ar fáil. Tá sé ag dul dian ar phríomhoidí teacht ar mhúinteoirí chun ionadaíocht a dhéanamh. Léirítear sa taighde seo go mbíonn ar phríomhoidí ranganna a ghlacadh nuair a bhíonn múinteoirí as láthair. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn an scoil in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar ábhair éagsúla toisc go ndeachaigh an múinteoir ar shos gairme nó ar shaoire mháithreachais. Bíonn drogall ar mhúinteoirí glacadh le post sealadach in aonad toisc a laghad uaireanta an chloig teagaisc a thairgtear dóibh agus an neamhchinnteacht a bhaineann leis an bpost. D'ainneoin na ndeacrachtaí earcaíochta, tá sé luaite ag roinnt príomhoidí gur mian le múinteoirí a gcuid scileanna teanga féin a fhorbairt ar mhaithe le bheith ag teagasc go lán-aimseartha san aonad. Tuairiscítear go bhfuil cúiseanna ar leith ag baint leis an iarratas sin, mar shampla, ranganna níos lú, dea-iompar na scoláirí, agus deis an teanga a úsáid go laethúil.

#### Cad iad ionchais na bpríomhoidí óstscoile do na haonaid?


An t-ionchas is mó a tháinig chun solais sa taighde seo ná go mbeadh múinteoirí ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Tuigtear go dtagann maolú ar an ionchas sin nuair nach mbíonn múinteoirí ar fáil chun na hábhair éagsúla a mhúineadh. Mar a dúirt rannpháirtí amháin – *"we'll put someone in there teaching RE, they'll be fine"* (Agallamh, PO), léiriú ar an mbrú atá ar phríomhoidí múinteoirí a bhfuil Gaeilge acu a earcú. Dearbhaíonn an taighde seo nach n-éiríonn i gcónaí leis na haonaid freastal ar na hionchais i leith soláthar trí Ghaeilge a chur ar fáil. Dá thoradh sin, tagann lagú ar an gcaighdeán teagaisc, agus cuirtear an scolaíocht trí mheán na Gaeilge i mbaol.

### Saincheisteanna a bhaineann leis an mbord bainistíochta

#### An bhfuil ionadaí foirne nó tuismitheoirí an aonaid ar an mbord bainistíochta?


Léiríonn torthaí cainníochtúla an taighde seo go bhfuil ionadaí foirne ar bhord bainistíochta na scoile i gcás 25% de na haonaid. Sonraíodh a mhacasamhail de thoradh maidir le hionadaí thuismitheoirí an aonaid ar an mbord bainistíochta. Réitíonn a bhfuil sna ceistneoirí leis an aiseolas ó na rannpháirtithe, rud a léiríonn éagsúlacht nósanna imeachta maidir le hionadaíocht mhúinteoirí nó thuismitheoirí an aonaid ar bhord bainistíochta na n-óstscoileanna.

**Fíor 3: Ionadaí tuismitheoirí an aonaid/tsrutha ar bhord bainistíochta na scoile**




I bhformhór na gcásanna, tugtar le fios nach bhfuil aon ionadaithe ag na haonaid ar bhoird bhainistíochta na n-óstscoileanna - *"Níl éinne go hoifigiúil ann ar son an aonaid"* (Agallamh, MibhF). I gcodarsnacht leis sin, tá bord bainistíochta ann ar a bhfuil beirt ionadaithe. I gcás eile, tá an múinteoir Gaeilge, atá ag feidhmiú go páirtaimseartha san aonad, mar chathaoirleach ar an mbord bainistíochta. I scoileanna eile, cinntíonn bainistíocht na scoile go bhfuil duine éigin ag a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ar an mbord. Os a choinne sin, tuairiscítear go bhfuil aonad ann lena bhord bainistíochta féin. Cé nach bord reachtúil aitheanta ag an Roinn Oideachais atá ann, measadh gur tairbheach an ní é go mbeadh léargas ag ionadaithe ar bhainistíocht an aonaid go háirithe agus iad ag dul i dtreo neamhspleáchais. I sampla eile, cuireadh in iúl gur ainmnigh an bord bainistíochta beirt ionadaithe chun fochoiste a bhunú le bainistíocht an aonaid a phlé agus moltaí, a bhaineann go sainiúil leis an aonad, a chur faoi bhráid an bhoird iomláin. Cibé scéal é, nuair nach bhfuil ionadaíocht ag an aonad ar an mbord, braitheann na rannpháirtithe nach bhfuil guth acu i mbainistiú an aonaid nó i bhforbairt na gaelscolaíochta. Creideann na rannpháirtithe go mbíonn forbairt an aonaid níos rathúla nuair a bhíonn ionadaíocht acu ar an mbord bainistíochta. Féach sonraí an cheistneora i bhfíor 4.

**Fíor 4: Ionadaí foirne an aonaid/an tsrutha ar bhord bainistíochta na scoile**




Treisíonn na sonraí cainníochtúla aiseolas na rannpháirtithe nuair a léirítear go staitistiúil nach bhfuil coiste tuismitheoirí ach ag 25% de na haonaid. I gcoinne tuairim choitianta, moladh i dtuairisc chigireachta amháin coiste tuismitheoirí an aonaid a dhíscaoileadh. Cuireadh in iúl nár chóir ach coiste tuismitheoirí amháin a bheith faoi choimirce bhord bainistíochta na scoile. Léiríodh míshástacht leis an moladh sin toisc nach bhféadfadh an t-aonad a ghníomhaíochtaí bailithe airgid féin a dhéanamh chun imeachtaí faoi leith a sholáthar don aonad. Ardaíonn moladh na cigireachta ceisteanna maidir le féiniúlacht, comhpháirtíocht, agus stádas an aonaid. Is léir go gcothaíonn an easpa soiléireachta maidir le struchtúr na mbord agus ionadaíocht na n-aonad ar na boird neamhchinnteacht agus, uaireanta, easpa muintearais i measc na bpobal oideachasúil atá lonnaithe ar an láthair chéanna.

**Cén fhís atá ag boird bhainistíochta na n-óstscoileanna do na haonaid atá faoina gcúram?**

Dar le rannpháirtithe an taighde seo, tá fís na bainistíochta ina gné lárnach de phlean forbartha aonaid agus tá sé riachtanach an fhís sin a roinnt le pobal na scoile. Aithníonn rannpháirtí amháin an deacracht a bhaineann leis an gcleachtas sin, nuair a deir sí – *"ní féidir leis a bheith roinnte má tá sé cosúil le Achilles heel i máthairscoil atá ag feidhmiú go hiomlán trí mheán an Bhéarla"* (Agallamh, Iar-PO). Admhaíonn rannpháirtí eile nach dtugtar mórán airde ar ghnó an aonaid – *"they don't think too hard about it to be honest"* (Agallamh, PO). Tá na rannpháirtithe den tuairim láidir go dtagann riachtanais aonaid agus riachtanais na hóstscoile salach ar a chéile. Is cinnte go bhfuil sé deacair ar an mbord bainistíochta a fhís don aonad a roinnt nuair atá cúraimí na hóstscoile faoi chaibidil aige chomh maith. Ach ní mór a aithint, dar le rannpháirtí amháin – *"go bhfuil níos mó i gceist le haonad ná foirgneamh agus múinteoirí"* (Agallamh, PO). Is é an fhís atá

ag an mbainistíocht a threoraíonn an t-aonad – *"Muna bhfuil fís ann, níl ann ach seirbhís"* (Agallamh, PO).

**Cén dearcadh atá ag an mbainistíocht i leith an aonaid?**

Deimhníonn torthaí an taighde go bhfuil meas ag baill na n-aonad ar na boird bhainistíochta éagsúla ach ceapann tromlach na rannpháirtithe nach bhfuil tuiscint iomlán acu ar choincheap an tumoideachais, ról an mhúinteora i bhfeighil, ná ualach na bhfreagrachtaí atá le comhlíonadh. Luaigh rannpháirtí amháin gurb é a barúil ná – *"nár thuigeadar cad a bhí i gceist ó thaobh spiorad nó féiniúlachta nó cúrsaí teanga de"* (Agallamh, Iar-MibhF) agus, dá bharr, ní raibh sé de mhisneach aici nithe a éileamh ón mbord don aonad. Maidir le cúraimí an mhúinteora i bhfeighil, mar a dúirt rannpháirtí amháin – *"Ní dóigh liom go dtuigeann siad, ach is dócha go bhfuil siadsan teoranta ó thaobh líon na ranganna is féidir leo a bhaint díom, so táid idir cloch agus claí sa chás sin"* (Agallamh, MibhF).

Cáintear na boird bhainistíochta toisc easpa tuisceana agus easpa eolais ar na bealaí is éifeachtaí chun aonad, a sholáthraíonn an t-oideachas trí mhéan an dara teanga, a riar agus a bhainistiú. Mar an gcéanna le cúrsaí airgid, tugtar tús áite don óstscoil agus braitheann na rannpháirtithe go gcuirtear riachtanais na hóstscoile chun tosaigh i gcónaí. Mar a mhínigh rannpháirtí amháin – *"fuair an máthairscoil aon rud a bhí ag imeacht, ní bhfuair mise ach an fuílleach, má bhíonn fuílleach ann"* (Agallamh, PO). Is furasta a thuiscint go mbeadh lagmhisneach ar na rannpháirtithe nuair a fheictear go bhfuil tosaíocht tugtha do ghnó na hóstscoile mórchuid den am.

**An bhfuil tacaíocht ar leith ar fáil don aonad ón mbord bainistíochta?**

Tuairiscíonn na rannpháirtithe go dtugann na boird bhainistíochta tacaíocht dóibh chomh fada agus is féidir – *"Tá an bord bainistíochta cuidiúil agus tacúil"* (Agallamh, PO). Tuigtear chomh maith go mbíonn siad faoi bhrú le gnó na hóstscoile agus dá thoradh, ní bhíonn an oiread sin tacaíochta ar fáil ag an aonad. Creideann tromlach na rannpháirtithe nach gcuirtear iad san áireamh a dhóthain nuair atá cinntí le glacadh, cinntí a bhaineann go sonrach le gnó an aonaid. Ba é barúil na rannpháirtithe gur gá struchtúr tacaíochta a chur ar fáil go sonrach do na haonaid, struchtúr a chuirfeadh sainriachtanais na n-aonad lán-Ghaeilge chun tosaigh.

**Cén chumarsáid a bhíonn ag na haonaid leis na boird bhainistíochta?**

Nocht formhór na rannpháirtithe an tuairim go bhfuil easpa cumarsáide idir iad agus bainistíocht na scoile. Dearbhaítear gurb é an príomhoide an t-idirghabhálaí a labhraíonn ar a son. Tuairiscítear chomh maith go mbíonn ar mhúinteoirí i bhfeighil tuairisc a chur ar fáil do chruinnithe na mbord. Ach goilleann sé orthu nach bhfaigheann siad aon aiseolas thar n-ais ná nach dtugtar aitheantas dá gcuid oibre. Ceistíonn siad an fiúntas a bhaineann le tuairisc a scríobh sa chéad áit. De réir mar a thuigtear, ní nós coitianta é an Ghaeilge a bheith mar mheán cumarsáide ag leibhéal an bhoird.

Dar le rannpháirtí amháin – *"B'fhéidir easpa muiníne sa teanga ag cur isteach ar an bhainistíocht shinsearach teacht go dtí an t-aonad"* (Agallamh, Iar-MibhF). Luaigh na rannpháirtithe a riachtanaí is atá sé go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge i measc bhaill an bhoird agus tuiscint acu ar bhainistiú aonaid tumoideachais.

### Saincheisteanna a bhaineann le na pátrúin

**Conas a thacaíonn an pátrún leis an aonad?**

Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil ról tábhachtach ag an bpátrún i mbunú agus i bhforbairt aonaid. Tuairiscítear go bhfuil treoir agus tacaíocht le fáil ón bpátrún. Moltar na pátrúin ag a bhfuil ardscileanna bainistíochta, misneach, feasacht agus fís do sholáthar na scolaíochta lán-Ghaeilge. Thug na rannpháirtithe aitheantas ar leith don phátrún atá ag déileáil le hearnáil na Gaelscolaíochta toisc a thuiscint ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag na haonaid go laethúil. Mar a luaigh rannpháirtí amháin – *"B'fhéidir nach dtuigeann siad gach rud a bhaineann leis na meánscoileanna ach tuigeann siad na dúshláin ghinearálta a bhíonn ann agus tá sé sin go hiontach dúinne"* (Agallamh, PO). Níl na rannpháirtithe ar aon tuairim faoi thacaíocht na bpátrún óstscoile a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Dearbhaíonn na sonraí, áfach, go bhfuil easpa tuisceana agus feasachta i leith an ghaeloideachais i measc roinnt pátrúin óstscoile. Na dúshláin is mó a tháinig chun solais ná earcú múinteoirí agus soláthar maoinithe.

Tagraítear chomh maith sna sonraí a cláraíodh an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na Roinne Oideachais don phátrún – *"Measaim go bhfuil géarghá… tacaíocht ag an bpátrún ón Roinn"* (Agallamh, PO). Ní chabhraíonn sé, dar leis na rannpháirtithe, nach bhfuil sainmhíniú cuimsitheach ar fáil ar cad is aonad ann ná nach bhfuil critéir chinnte leagtha síos ag an Roinn Oideachais mar threoir do na pátrúin atá dírithe go diongbháilte ar an tumoideachas a chur chun cinn.

### Saincheisteanna a bhaineann leis an Roinn Oideachais

**Cén tuiscint atá ag an Roinn Oideachais ar riachtanais aonaid lán-Ghaeilge?**

Cé go n-aithnítear go bhfuil ról lárnach ag an Roinn Oideachais i mbunú agus i mbuanú aonaid lán-Ghaeilge, dearbhaíonn sonraí an taighde seo nach bhfuil na rannpháirtithe muiníneach as an Roinn Oideachais i leith chur chun cinn na Gaeilge, go háirithe, i leith soláthar oideachais iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge – *"Bhí sé an-deacair a chur ina luí orthu (RO) gur rud maith é oideachas trí Ghaeilge"* (Agallamh, Bunaitheoir Aonaid). Cuirtear locht ar an Roinn Oideachais as an easpa tuisceana a léirítear i leith an chórais tumoideachais. Ní léir go dtuigeann an Roinn Oideachais an riachtanas atá ann go mbeadh an t-aonad scartha amach ón óstscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla – *"Más Gaelscoil é caithfidh sé feidhmiú mar ghael-ionad nó gael-aonad"* (Agallamh, PO). Ó thaobh fhormhór na n-aonad de, ní dócha go bhfuil córas tumtha d'aon chineál inoibrithe nuair atá seomraí nó foirgneamh lonnaithe taobh istigh de thimpeallacht ina bhfuil an

Béarla i réim. Níl ann ach *"cur i gcéill"* (Agallamh, PO) dar leis na rannpháirtithe agus ní bhraitear go bhfuil soláthar oideachais sách maith á fháil ag na scoláirí sna cúinsí sin.

Is bunriachtanas é go mbeadh sé ina aonad lán-Ghaeilge ó lá a bhunaithe, dar leis na rannpháirtithe. Is ábhar tinnis é do bhunaitheoirí aonaid, áfach, go bhfuil an Roinn Oideachais ag súil go bhfeidhmeodh siad i dtimpeallacht an Bhéarla ar feadh na mblianta go dtí go gcruthódh siad iad féin mar aonad teangeolaíochta lán-Ghaeilge le líon áirithe scoláirí cláraithe. Deimhníonn príomhoide amháin an scéal nuair a deir sí – *"má tá tú leath-istigh agus leath-amuigh, níl tú in aon áit. Tá tú ag socrú suas gur teip atá ann ón tús"* (Agallamh, PO).

Is ábhar conspóideach eile é ceist na n-uimhreacha rollaithe maidir le bunú nó buanú aonaid. Creideann na rannpháirtithe – *"that your application is not being processed by the education it's bringing; it's being processed in a formulistic way"* (Agallamh, PO). Tá sé le sonrú go láidir i measc na rannpháirtithe nach n-aithníonn ceannaireacht na Roinne Oideachais go bhfuil níos mó i gceist ná uimhreacha nuair atá coincheap an oideachais lán-Ghaeilge faoi chaibidil mar atá sonraithe ag príomhoide óstscoile – *"Ní cluiche uimhreacha é. Nuair a shuíonn duine síos agus ag cur luach ar oideachas trí Ghaeilge, ní bhfaighidh tú na huimhreacha"* (Agallamh, PO). Dá éis sin agus uile, má ardaítear ceist leis an Roinn Oideachais faoin líon scoláirí atá ag teastáil chun aonad a bhunú nó faoin líon scoláirí atá de dhith chun aistriú isteach ina scoil neamhspleách, tuairiscítear nach fios d'éinne. Níl uimhir ar fáil. Mar a dúirt duine de na rannpháirtithe – *"is uimhir rúnda é"* (Agallamh, PO).

**Cén t-eolas agus treoir atá le fáil ón Roinn Oideachais?**

Tugann torthaí an taighde seo le tuiscint go gcreidtear nach bhfuil tacaíocht leordhóthanach le fáil ón Roinn Oideachais, go háirithe, ag staid bunaithe aonaid. Ba é barúil fhormhór na rannpháirtithe go bhfuil siad ag feidhmiú i bhfolús nuair nach bhfuil critéir chinnte shoiléire leagtha síos ag an Roinn Oideachais do bhunú aonaid. Luíonn sé le réasún, dar le rannpháirtí amháin –

> *má tá critéir ag teastáil ó scoil Ghaeltachta le bheith aitheanta mar scoil Ghaeltachta, mo thuairim phearsanta, ná go mbeadh sé cothrom agus ciallmhar ó thaobh na Roinne de... dá mbeadh ar aon aonad nó meánscoil lán-Ghaeilge critéir a chomhlíonadh*
>
> (Agallamh, PO).

D'fhéadfadh cúrsaí a bheith níos fearr, dar leis na rannpháirtithe, dá mbeadh treoir chinnte agus tacaíocht leanúnach ar fáil ón Roinn Oideachais.

**Cén tacaíocht atá le fáil ón Roinn Oideachais?**

Ceistíonn na rannpháirtithe go minic cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil ón Roinn Oideachais. Déanann siad cur síos ar an áit ar a dtugtar *"limbo"*. Toisc an éiginnteacht, faigheann na rannpháirtithe locht ar an Roinn Oideachais as an easpa tacaíochta a bhraitheann siad go seasta. Ar an gceann caol de, creideann na rannpháirtithe go n-éireodh leis na haonaid dá mbeadh tacaíocht chuí ar fáil ón Roinn Oideachais. Ach é sin ráite, nochtar an tuairim go bhfuil an tacaíocht sin ag teastáil ón tús – *"caithfidh tú tacaíocht a thabhairt len é a fhás. Ní féidir é a fhás muna bhfuil luach air ón tús"* (Agallamh, PO). Ceann de na bealaí is suntasaí is féidir leis an Roinn Oideachais, dar leis na rannpháirtithe, tacaíocht a thabhairt don chóras tumoideachais ná muinín a léiriú go poiblí trí fheachtas feasachta, ag aithint na mbuntáistí a bhaineann le scolaíocht ina dtumtar an scoláire sa dara teanga – *"Ba bhreá liom tacaíocht lárnach a fheiceáil ón Roinn ag rá, tá muinín againn as an múnla seo"* (Agallamh, PO). Chuige sin, tá tacaíocht na Roinne Oideachais ag teastáil ionas go gcinnteofar bláthú agus rathúlacht an aonaid. Ach é sin ráite – *"it is a gamble that may not work"* (Agallamh, Iar-PO).

Tuairiscíonn na rannpháirtithe go mbíonn tacaíocht thairbheach le fáil ó chigirí na Roinne Oideachais, ach tá sé le haithint chomh maith nach é an chomhairle chéanna a thugann gach aon bheirt. Sonraítear go raibh ar scoileanna dul i dtuilleamaí tacaíocht polaiteoirí ina n-iarrachtaí aonad a bhunú.

**Conas a dhéantar cumarsáid leis an Roinn Oideachais?**

Maidir le cumarsáid leis an Roinn Oideachais, luaigh na rannpháirtithe go raibh siad ag brath ar bháúlacht an duine a fhreagraíonn an fón chun cluas éisteachta a fháil agus, níos mince ná a mhalairt, cuirtear iad ó rannóg go rannóg chun freagraí a lorg. Treisítear tuairimí na rannpháirtithe i leith eolas míchruinn na Roinne Oideachais agus líon na n-aonad atá ann nuair a thuigtear go bhfuil aonad ar liostaí oifigiúla na Roinne Oideachais nach bhfuil ag feidhmiú a thuilleadh. Léirigh iar-phríomhoide gaelscoile an aincheist sin go soiléir – *"Mar a sheasann sé, tá an t-aonad ann ach nach bhfuil sé ag feidhmiú... an t-aonad go hoifigiúil oscailte ar pháipéar"* (Agallamh, Iar-PO Gaelscoile). Is furasta a thuiscint go mbeadh rannpháirtithe an taighde in amhras faoi chóras cumarsáide na Roinne Oideachais.

**Cén phleanáil atá ar bun ag an Roinn Oideachais d'fhorbairt aonaid lán-Ghaeilge?**

Aontaíonn na rannpháirtithe go bhfuil pleanáil éifeachtach na Roinne Oideachais riachtanach chun go mbeidh rath ar an scolaíocht tumoideachais. Tá sonraí roinnte ag na rannpháirtithe a léiríonn easpa pleanála i gceantair éagsúla. Mar shampla, cé go bhfuil sé d'acmhainn acu aonad a bhunú, tuigtear gur cuireadh cosc ar óstscoil sruth a fhorbairt ar eagla go gcuirfeadh sé isteach ar rollacháin na scoile lán-Ghaeilge máguaird. Soiléiríonn an rannpháirtí an scéal nuair a deir sí – *"tuigim an fáth ach ag an am céanna ba bhreá forbairt a dhéanamh ar an méid atá againn féin"*

(Agallamh, LPO[10]). In éagmais pleananna forbartha réamhghníomhacha, tá scoileanna meáite ar an soláthar tumoideachais a leathnú. Creideann na rannpháirtithe gur gá plean forbartha réamhghníomhach a cheapadh do na haonaid, plean ina bhfuil spriocanna aitheanta maidir leis an líon scoláirí, soláthar curaclaim agus earcaíocht múinteoirí. Léiríonn torthaí an taighde an ríthábhacht a bhaineann le réamhphleanáil a dhéanamh chun go mbronnfaí aitheantas mar scoil neamhspleách lán-Ghaeilge ar an aonad. Moltar, áfach, an phleanáil sin a dhéanamh ag staid a bhunaithe.

Tá borradh le sonrú i gcúrsaí pleanála de réir rannpháirtí amháin nuair a dhéanann sí cur síos ar an bplean is deanaí chun scoil satailíte a bhunú. Scéim phíolótach atá beartaithe chun an t-éileamh a mheas. Is léiriú suntasach é sin, dar leis na rannpháirtithe, go bhfuil athrú meoin tagtha ar an Roinn Oideachais. Tuigtear *"go bhfeiceann siad (an Roinn) an luach a bhaineann le triail a bhaint as an múnla seo"* (Agallamh, PO). Is tuar dóchais é sin do phobal na Gaeilge agus don soláthar scolaíochta tumoideachais.

## Saincheisteanna a bhaineann leis na heagrais Ghaeilge

### Conas a thacaíonn na heagrais Ghaeilge leis na haonaid?

Aibhsíonn torthaí an taighde go bhfuil foirne na n-aonad sásta go maith leis an soláthar ó na heagrais éagsúla – *"Cuidíonn siad go mór linn ó thaobh treoir a thabhairt dúinn"* (Agallamh, MibhF). Is iomaí dearbhú atá tagtha chun solais maidir leis an tacaíocht atá ar fáil go leanúnach ó na heagrais éagsúla. Moltar, go háirithe, na comhdhálacha agus na deiseanna teacht le chéile a eagraítear. Is tairbheach na hócáidí sin, dar leis na rannpháirtithe, chun bualadh le comhghleacaithe – *"Measaim go bhfuil na ceardlanna agus na comhdhálacha… an-tábhachtach ar fad agus ba chóir go mbeadh béim níos mó orthu"* (Agallamh, PO Gaelcholáiste). Molann na rannpháirtithe níos mó seisiúin oiliúna a eagrú, seisiúin a d'fhreastalódh go príomha ar na sainriachtanais a bhaineann le teagasc trí mheán an dara teanga.

D'ainneoin na moltaí saothraithe, léiríonn rannpháirtí amháin buairt comhchoiteann, nuair a deir sí – "*go bhfuil an tsúil tógtha ón liathróid*" (Agallamh, PO), agus í ag tagairt d'úsáid na Gaeilge sna suíomhanna lán-Ghaeilge. Ní shéantar, áfach, go bhfuil éiginnteacht ag baint le todhchaí na Gaeilge toisc an teanga a bheith imithe i léig, "*distilled down*" (Agallamh, Iar-PO Gaelscoile). Creidtear go bhfuil ról ag na heagrais éagsúla a bheith níos gníomhaí i gcur chun cinn choincheap an tumoideachais ar bhealach a gcinntíonn go bhfuil gaelscolaíocht d'ardchaighdeán ar fáil.

Sa mhéid sin, meabhraíonn rannpháirtí amháin – *"go bhfuil difríocht idir múineadh trí Ghaeilge agus gaelscolaíocht"* (Agallamh, Iar-PO Gaelscoile). Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le réamhoiliúint agus oiliúint ghairmiúil leanúnach ar mhaithe leis an scolaíocht trí Ghaeilge a láidriú.

[10] Leas-phríomhoide

Aithníonn na rannpháirtithe na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag na heagrais éagsúla chun dul i ngleic le caighdeán Gaeilge na dtéacsleabhar. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, is léir gurb iad na téacsleabhair an cnámh spairne is mó atá ag múinteoirí na n-aonad. Tuairiscítear go bhfuil na scoláirí *"ag streachailt"* (Agallamh, PO) leis an téarmaíocht a bhaineann le roinnt ábhar. Tagraíonn na rannpháirtithe don mhéid ama a chaitheann siad ag aistriú nó ag simpliú theanga na leabhar. Luann siad chomh maith an obair in aisce a dhéanann siad nuair a thagann athruithe ar shiollabas na n-ábhar éagsúil – *"tá na cúrsaí uilig úr faoi láthair, so níl maith ar bith i sean-nótaí. Tá tú ag toiseacht arís"* (Agallamh, MibhF). I dtuairimíocht rannpháirtí eile – *"an tslí a gcuirtear iad (ceisteanna), níl fiú na freagraí díreach le fáil sa leabhar"* (Agallamh, MibhF). Ní foláir díriú ar theanga na leabhar a chur in oiriúint do leibhéal foghlama na scoláirí.

Ina dhiaidh sin is uile, cuirtear in iúl go dtugann na múinteoirí faoi aistriúcháin go diongbháilte *"to alley those fears"* (Agallamh, PO) a bhíonn ag tuismitheoirí, tuismitheoirí de chuid lucht na chéad bhliana ach go háirithe. Mar a luaigh rannpháirtí amháin maidir le teanga na dtéacsleabhar, *"parents will jump ship if they don't get it"* (Agallamh, PO). Aithnítear na hiarrachtaí atá déanta ag na múinteoirí chun na dúshláin sin a shárú ach mar a admhaíonn rannpháirtí amháin – *"I don't know what's the best way forward"* (Agallamh, PO). Faraor, is é an réiteach atá aitheanta ag lear mór scoileanna ná leabhair Bhéarla a úsáid – *"táimid ag úsáid an leabhair Bhéarla"* (Agallamh, PO). Tuairiscítear go bhfuil an cleachtas sin comónta i measc na n-aonad. Ardaíonn an réiteach sin ceist faoi oiliúint múinteoirí i leith chomhtháthú an ábhair agus na teanga, ceist atá le freagairt chun soláthar fíorthumthach a chur chun cinn.

### Conclúid

Sa mhír seo, tugtar léargas mionsonraithe ar ról an mhúinteora i bhfeighil, ról phríomhoide na hóstscoile agus ról an bhoird bainistíochta i mbainistiú an aonaid. Tugtar cuntas chomh maith ar fheidhm na bpátrún, na Roinne Oideachais agus na n-eagras Gaeilge i stiúradh na n-aonad. Aithníonn na rannpháirtithe go bhfuil mórán deacrachtaí acu, deacrachtaí a chuireann srian le riar éifeachtach an aonaid. Ina measc, leagtar béim ar easpa comhsheasmhachta i leith cheapacháin an mhúinteora i bhfeighil, mar aon leis an réimse freagrachtaí uaillmhianacha atá le comhlíonadh. Sonraítear nach mbíonn a ndóthain ama acu díriú ar chur chun cinn na Gaeilge agus, dá thoradh sin, braitear nach bhfuil an soláthar tumoideachais ar chaighdeán sách ard. Ina theannta sin, léiríonn an taighde an tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach na bpríomhoidí óstscoile chun rath an aonaid a chinntiú. Tráchtar ar na dúshláin a bhíonn ag na boird bhainistíochta múinteoirí le Gaeilge a earcú. Anuas air sin, i bhfianaise an taighde seo, cuirtear locht ar cheannaireacht na Roinne Oideachais toisc nach leagann siad luach ar an gcóras tumoideachais mar chur chuige chun an teanga a shealbhú. Tagraítear chomh maith do na hiarrachtaí atá déanta ag na heagrais Ghaeilge chun dul i ngleic le dúshláin áirithe.

# Soláthar

## Réamhrá

Tugtar spléachadh ar dtús sa mhír seo ar acmhainneacht an aonaid ábhair a sholáthar trí Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí agus déantar scagadh ar roinnt tosca atá idirnascach agus casta chun léargas breise a thabhairt ar shaincheisteanna agus ar chastachtaí an tsoláthair trí mheán na Gaeilge san aonad. Ina dhiaidh sin, nochtar torthaí a bhaineann go sonrach le foireann teagaisc agus le foghlaimeoirí an aonaid. Ar deireadh, tugtar achoimre ar thorthaí na míre.


## Saincheisteanna a bhaineann le soláthar san aonad

### Cén soláthar trí mheán na Gaeilge atá ar fáil faoi láthair sna haonaid?

Cuirtear in iúl sa taighde seo nach i gcónaí, ar chúiseanna éagsúla, a chuirtear soláthar iomlán ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí san aonad. Cuireann formhór na n-aonad cúig, sé nó seacht n-ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge agus an fuílleach trí Bhéarla. Go minic, is iad na hábhair phraiticiúla mar adhmadóireacht, miotalóireacht, grafaic theicniúil agus eacnamaíocht bhaile a ndéantar staidéar orthu trí Bhéarla. Cuirtear in iúl chomh maith nach i gcónaí a chuirtear soláthar iomlán ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí san aonad agus nach mbíonn tógáil ná leathnú déanta ar an soláthar trí mheán na Gaeilge a dhéantar ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Go minic, tugtar tosaíocht d'ábhair gan scrúduithe mar a léirithe ag múinteoir i bhfeighil – *"Déanann siad corpoideachas agus teagasc críostaí agus cinn eile nach bhfuil scrúduithe ag baint leo"* (Agallamh, MibhF).


Léirítear leis an tuairim sin bearna shuntasach sna hábhair atá ar fáil trí Ghaeilge, go háirithe sa tSraith Shinsearach san aonad. Cuirtear i dtábhacht freisin nach ndearnadh tógáil ná leathnú dóthanach ar an soláthar ábhar trí Ghaeilge ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí ach an oiread. Tugtar le tuiscint gur gá aird níos mó a thabhairt ar an leithdháileadh acmhainní agus ar iarrachtaí ó thaobh leathnú de chun dul i ngleic leis na bearnaí sin d'fhonn soláthar níos cuimsithí agus níos cothroime ábhar a chinntiú. Tá sonraí an cheistneora curtha ar fáil thíos i bhfíor 5 agus i bhfíor 6.

**Fíor 5: Ná hábhair a mhúintear trí mheán na Gaeilge sna haonaid**




Sonraítear i bhfíor 6 thíos na hábhair a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge in ord minicíochta san aonad.

**Fíor 6: Soláthar reatha na n-aonad in ord tosaíochta/minicíochta**




Tuairiscítear ó shonraí an cheistneora nach bhfuil soláthar na n-ábhar seo a leanas ar fáil trí mheán na Gaeilge sna haonaid: an tSean-Ghréigis, Staidéar Clasaiceach, an Iodáilis, Staidéar Giúdach, an Laidin, Polaitíocht agus Sochaí, Eacnamaíocht Talmhaíochta, Ceimic, Léann Eabhrach, an tSeapáinis. Beidh sé ríthábhachtach mar sin, timpeallacht oideachais níos cothromaithe agus níos ionchuimsithí a chothú.

**Cad iad na tosca tionchair a bhaineann le soláthar ábhar trí mheán na Gaeilge san aonad?**
I mbeagnach gach cás, cuireadh in iúl go mbíonn rogha na n-ábhar ag brath ar an líon scoláirí san aonad, i. má tá líon beag scoláirí san aonad, ní bhíonn réimse leathan ábhar trí Ghaeilge ar fáil. An dúshlán a bhaineann le roghanna éagsúla ábhar a thairiscint ag leibhéal na sraithe sóisearaí, tagann sé chun cinn mar bíonn scoláirí agus tuismitheoirí ag súil leis an líon roghanna is mó agus is féidir. Mar sin féin, bíonn srianta praiticiúla i gceist nuair a dhéantar iarracht ábhair a chur ar fáil gan ach beirt nó triúr scoláirí sa rang. Thug rannpháirtí amháin an léargas seo a leanas – *"Tá na scoláirí go léir agus na tuismitheoirí ag lorg na rogha is mó, go mbeadh rogha acu le haghaidh gach ábhar agus ní féidir ábhar a thabhairt le beirt nó triúr sa rang don teastas sóisearach"* (Agallamh, PO).

Thug rannpháirtithe faoi deara go bhfuil comhghaol idir ábhair a chur ar fáil trí Ghaeilge agus an líon scoláirí sa ghrúpa. I mbeagnach gach cás, shonraigh siad gurb éasca an próiseas le líon scoláirí níos mó, agus go mbíonn sé réasúnta simplí déileáil leis an tSraith Shóisearach. Mar sin féin, shonraigh siad go mbíonn dúshláin mhóra ag baint leis an tSraith Shinsearach a bhainistiú, faoi mar a léirítear sa sliocht anseo:

> *So, for example, you've got a group of nine 5th years in the aonad… it is a massive challenge to offer them subjects through Irish as you don't have the nine together for everything. You know, so we have Ceimic (san aonad), for example, four students in it and we've got a chemistry class with 12, 13 students (in the óstscoil). Well, you can't…, that's a huge cost in terms of resources*
>
> (Agallamh, PO).

Bíonn príomhoidí i gcruachás agus iad ag streachailt chun ranganna a leithdháileadh bunaithe ar roghanna na scoláirí ó thaobh ábhar de san aonad, agus bíonn orthu cinntí deacra a dhéanamh bunaithe ar an líon scoláirí. Cuireann na costais i gceist cor eile sa phróiseas cinnteoireachta, rud a fhágann gur deacra arís an cúram sin, mar a mhíníonn an príomhoide seo – *"So do you now double up on your allocation of geography teachers at 5th year and have a geography teacher teaching it through English and a different teacher teaching geography through Irish"* (Agallamh, PO). Costas mór a bhíonn ar an leithdháileadh acmhainní agus ar rudaí a bhaineann leis chun freastal ar roghanna éagsúla na scoláirí maidir le hábhair a dhéanamh trí Ghaeilge.

Léiríodh go soiléir freisin go bhfuil an soláthar múinteoirí atá inniúil ar mhúineadh na n-ábhar trí Ghaeilge ina chonstaic ollmhór d'óstscoileanna chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge sna haonaid. Ina theannta sin, tuairiscítear go bhfuil soláthar na n-ábhar san aonad ag brath ar dháileadh

múinteoirí na hóstscoile, múinteoirí atá inniúil sa Ghaeilge agus cáilithe chun raon leathan ábhar a theagasc trí Ghaeilge mar a léirítear anseo:

> *An rud eile ná múinteoirí a fháil chun an t-ábhar sin a dhéanamh trí Ghaeilge. Faoi láthair, i ndáiríre, tá sé an-deacair múinteoirí le haghaidh ábhair cosúil le hadhmadóireacht, miotalóireacht nó líníocht theicniúil, eacnamaíocht bhaile, nó tíreolaíocht a fháil. Ní bhíonn siad sa scoil, gan trácht ar an aonad*
>
> (Agallamh, PO).

Léiríonn an taighde go bhfuil soláthar trí Ghaeilge san aonad bunaithe ar éileamh scoláirí ar ábhair. Má bhíonn éileamh íseal ar ábhar trí Ghaeilge i gcomparáid le héileamh ar an ábhar céanna trí Bhéarla san óstscoil, ní chuirtear soláthar trí Ghaeilge ar fáil. Ní bhíonn de rogha ag scoláirí an aonaid ach an t-ábhar a dhéanamh trí Bhéarla, ag brath ar éileamh íseal, nó ábhair ar leith a dhéanamh trí Ghaeilge, ag brath ar pholasaí na hóstscoile ina leith. Léiríonn príomhoide óstscoile amháin an aincheist anseo:

> *Déanann siad (i. na scoláirí) go léir teanga, ní thugaimid rogha teanga dóibh san [aonad] anseo. Bíonn orthu go léir Gearmáinis a dhéanamh. San [óstscoil], bíonn Gearmáinis, Fraincis nó Spáinnis ar fáil. Níl an rogha sin ag na scoláirí san [aonad]. Má thugann tú, bheadh cogadh, má thugann tú rogha dóibh Gearmáinis, Fraincis, nó Spáinnis a dhéanamh trí Ghaeilge mar tá seisear i rang amháin ní bheidh aon rang Gearmáinise againn sa séú bliain*
>
> (Agallamh, PO).

Léirítear anseo an chothromaíocht chigilteach idir rogha a thabhairt do na scoláirí agus srianta praiticiúla ar mhéid an ranga. Cuirtear béim ar an ngá atá le cinnteoireacht stuama chun eispéireas oideachasúil atá idir chomhtháite agus chothrom a chinntiú le haghaidh gach aon scoláire san aonad.

Tugtar le fios freisin sa taighde seo go bhfuil acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge faoi thionchar ag roghanna iomaíocha sa chlár ama, i. ábhair trí Ghaeilge a bheith á gcur ar fáil ag an am céanna sa bhanda/bhloc ábhar céanna. An fhadhb a aithnítear, baineann sé le scoláirí a roghnaíonn ábhair shonracha a bhíonn á dteagasc trí Ghaeilge ach go mbíonn ábhair ag teacht salach ar a chéile ó thaobh an chláir ama de, rud a chuireann isteach ar a gcumas clárú sna hábhair sin a bhíonn á dteagasc trí Ghaeilge. Léirítear leis an toradh sin go bhfuil gá le córas sceidealaithe níos solúbtha agus níos áisiúla a bheadh ag teacht níos mó le sainroghanna teanga agus roghanna ábhar na scoláirí, agus a chuirfeadh feabhas ar deireadh thiar ar an eispéireas foghlama trí chéile agus ar na deiseanna acadúla a bheadh ag na scoláirí.

Ina theannta sin, léirigh múinteoirí sa taighde seo go bhfuil acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge faoi thionchar ag cumas teoranta teanga scoláirí chun tabhairt faoi ábhair áirithe, easpa feasachta na múinteoirí i leith an tumoideachais dhéanaigh agus ionchais ísle maidir le gnóthachtáil an scoláire san ábhar. Tugadh le fios go minic gur cheap múinteoirí go raibh *"ábhair áirithe ródheacair do scoláirí áirithe ó chúlraí lán-Bhéarla"* agus go raibh orthu athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar an aonaid bunaithe ar thaithí. Tugann múinteoir i bhfeighil léargas ar an scéal anseo:

> *Theastaigh uainn gach ábhar a chur ar fáil trí Ghaeilge ag an tús ach b'fhéidir nár éirigh linn ach bhí formhór acu i gcónaí trí Ghaeilge agus arís ag machnamh air, maidir le Gaeilge na ndaltaí bhíodar tar éis teacht ó bhunscoileanna lánBhéarla so bhí siad ag streachailt leis na hábhair, go háirithe staidéar gnó, sin iad na gearáin a bhí déanta acu, eolaíocht, agus ina dhiaidh sin b'fhéidir stair nó tíreolaíocht. So uaireanta bhí orainn teacht ar réiteach dóibh siúd, so seans go mbeidh orainn é seo a chur ar fáil trí Bhéarla*
>
> (Agallamh, MibhF).

Is léir go dtéann inniúlacht theoranta teanga na scoláirí i bhfeidhm ar an gcaoi ar féidir leo ábhair áirithe a láimhseáil, mar aon le feasacht easnamhach na múinteoirí ar éilimh oideolaíocha an tumoideachais dhéanaigh (i. scoláirí nár fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge) agus a n-ionchas íseal maidir le gnóthachtáil scoláirí sna hábhair sin. Go háirithe, braitheann múinteoirí arís is arís eile go bhféadfaí ábhair áirithe a bheith róchasta do scoláirí nár fhreastail ar ghaelscoil, rud a spreagann athbhreithniú ar an soláthar san aonad bunaithe ar léargais eispéireasacha. Is léiriú é sin ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an oilteacht teanga, feabhas a chur ar fheasacht múinteoirí, agus ionchais níos airde a chothú chun éifeachtacht an tumoideachais dhéanaigh a bharrfheabhsú i suíomhanna oideachais éagsúla.

#### Cad iad na buarthaí a bhíonn ag tuismitheoirí maidir le soláthar an aonaid?

Sonraítear sa taighde go gcuireann tuismitheoirí imní in iúl nach bhfuil soláthar iomlán ábhar trí Ghaeilge ar fáil dá bpáistí san aonad mar a bhíonn geallta dóibh ar chlárú a bpáistí san aonad. Míníonn príomhoide óstscoile amháin an cás leochaileach *"We weren't being upfront about what [the aonad] was... it created an expectation that you couldn't deliver on sometimes. And then you find yourself trying to backtrack and explain. Well actually, no, we're not really what we said we are"* (Agallamh, PO).

### Saincheisteanna a bhaineann le foireann teagaisc an aonaid

#### An bhfuil fís choiteann mar aon le hionchais arda ag múinteoirí an aonaid i leith an tumoideachais?

I mbeagnach gach cás, tagann sé chun cinn sa taighde seo go bhfuil meascán cleachtais ar bun ag múinteoirí an aonaid maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge ag brath ar fhís agus ar ionchais na foirne. Treoirphrionsabail atá san fhís agus sna hionchais chomhroinnte sin lena dtreoraítear

cur i bhfeidhm cleachtas tumoideachais. Léirigh rannpháirtí amháin na leochaileachtaí sin go soiléir:

> *I mean a dream school domsa ná gach rud trí Ghaeilge ó bhun go barr ach bíonn fadhbanna leis na hábhair, leis na téarmaí teicniúla, agus cé go bhfuil daoine ag iarraidh múineadh trí Ghaeilge agus go bhfuil an grá acu don Ghaeilge, tá sé an-éasca to swing isteach go Béarla ag múineadh rudaí*
>
> (Agallamh, PO).

Is léir an díograis atá ag múinteoirí don Ghaeilge agus an fonn atá orthu eispéireas tumoideachais iomláin a sholáthar. Mar sin féin, léirítear na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag múinteoirí le dúshláin a bhaineann le sealbhú agus úsáid téarmaíochta a bhaineann go sonrach le disciplín, le sealbhú an ábhair, agus leis an aistriú féideartha i dtreo an teagaisc trí Bhéarla. Cé go n-aithnítear na hiarrachtaí leanúnacha chun tacú leis an teagasc trí Ghaeilge, agus chun feabhas a chur air, léirítear éiginnteacht faoi rath na n-iarrachtaí sin trí chéile. Is léiriú é sin ar an ngá atá le meastóireacht leanúnach agus bearta straitéiseacha chun cur i bhfeidhm éifeachtach an tumtheagaisc a chinntiú sna hábhair éagsúla san aonad, cur i bhfeidhm atá faoi stiúir fís chomhroinnte agus ionchais arda.

### Conas a dháiltear foireann teagaisc ar aonad?

Tuairiscítear, i mbeagnach gach cás, go gcuirtear dualgas ar mhúinteoirí an aonaid teagasc san óstscoil freisin, rud a fhágann go mbíonn ganntanas ama agus aire ar fáil acu chun dualgais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas lán-Ghaeilge a chur i gcrích. Tá léargas gonta ar fáil thíos ón taighde a léiríonn go ríshoiléir an tionchar a bhíonn ag na nithe sin ar chur chun cinn an tumoideachais san aonad – *"dá mbeadh roinnt múinteoirí ag múineadh go hiomlán san aonad, an t-am ar fad, bheadh sé sin go hiontach chun an tumoideachas a chur chun cinn. Tá siad roinnte idir scoileanna"* (Agallamh, MibhF).

Is ríléir an brú atá ar acmhainní agus ar an bpríomhchúram, rud a léiríonn an tionchar mór a bhíonn ag na srianta sin ar chur chun cinn agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach cleachtas tumoideachais san aonad. Léirítear leis na torthaí an gá atá le hathmheastóireacht a dhéanamh ar dháileadh an ualaigh oibre ar mhúinteoirí chun forbairt bharrmhaith agus rath an tumoideachais san aonad a chinntiú.

### Conas a chothaítear leanúnachas foirne san aonad?

Léirítear sa taighde seo go gcuireann an easpa leanúnachais foirne san aonad srian ar an soláthar trí Ghaeilge agus ar chur i bhfeidhm an tumoideachais. Faoi mar a rinneadh dul chun cinn san aonad, tháinig dúshláin chun cinn as ar eascair laghdú ar spreagadh agus ar thiomantas na múinteoirí, agus laghdú ar an bhfoireann trí chéile an toradh a bhí air sin sa deireadh thiar –

*"Bhíomar lán le fuinneamh don aonad, ar feadh b'fhéidir dhá bhliain ach ansin n'fheadar an raibh an fuinneamh céanna toisc go raibh riachtanais eile tar éis teacht isteach, agus bhí daoine ag dul i dtreonna éagsúla..."* (Agallamh, MibhF). Míníonn múinteoir eile an chaoi a dtéann síorathrú na foirne i gcion ar an aonad, agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar an soláthar trí Ghaeilge ar deireadh – *"Rinneadar adhmadóireacht uair amháin, ealaín uair amháin ach níl na múinteoirí sin ar fáil a thuilleadh"* (Agallamh, MibhF).

I gcúpla cás, nuair a thagann athrú ar bhainistíocht shinsearach na scoile, sonraítear nach ann d'aon chosaint don aonad agus mura bhfuil spéis ar leith ag an mbainistíocht nua san aonad, déanann sé sin ídiú ar an soláthar lán-Ghaeilge san aonad píosa ar phíosa. Tuairiscítear go mbíonn rath na físe san aonad ag brath ar ról ríthábhachtach phríomhoide na hóstscoile.

**An bhfuil cúiteamh á sholáthar do mhúinteoirí bunaithe ar ualach oibre breise an aonaid?**
Léirítear, i mbeagnach gach cás, go mbíonn ualach oibre sa bhreis ar mhúinteoirí ábhair agus iad ag dul i ngleic le hathruithe curaclaim mar aon leis na héilimh theanga a thagann leo. Ina theannta sin, sonraítear freisin go bhfuil ualach oibre breise i gceist leis an teagasc trí mheán na Gaeilge san aonad, mar shampla, aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge, acmhainní ábhartha atá ailínithe le riachtanais an tumoideachais a dhearadh, tacú le bainistíocht na scoile le cúrsaí Gaeilge.

I gcúpla cás, rinne na múinteoirí cur síos ar an tacaíocht a thugtar do bhaill foirne nua faoina roinntear acmhainní, agus aithnítear na dúshláin bhreise agus an t-ualach oibre breise a bhaineann leis an aonad tumoideachais – *"Tá scéim meantóireachta againn mar tuigimid ar fad na dúshláin sa bhreis a bhaineann le bheith ag múineadh trí Ghaeilge. Mar sin, roinntear na hacmhainní ar fad leis na múinteoirí nua atá ag teacht isteach agus tugann sé sin an t-am agus an spás dóibh, seachas a bheith ag tabhairt faoin réamhullmhúchán ó bhonn"* (Agallamh, MibhF).

Tuairiscítear go mbíonn dúshláin leanúnacha a áiteamh ar bhaill foirne na hóstscoile teacht chun oibre san aonad. Tugann siad sonraí ar an gcaoi a dtéann an t-ualach oibre níos mó agus na dúshláin a bhaineann leis sin i gcion ar chinntí na mball foirne gan dul ag obair san aonad. Míníonn múinteoir i bhfeighil an aincheist anseo:

> *Bhí daoine ag rá – ok ar mhaith liom leanúint ar aghaidh san áit ina bhfuilim le blianta, agus múineadh trí Bhéarla nó an rachaidh mé go dtí an t-aonad anois ag iarraidh gach rud a fhoghlaim arís agus ag múineadh trí Ghaeilge den chéad uair ag bliain XX den ghairm agam agus a rá, ok tá sé seo i bhfad níos deacra, tá sé níos deacra do na daltaí os mo chomhair amach*
>
> (Agallamh, MibhF).

Maidir leis an am breise a sholáthraítear le haghaidh na pleanála agus a dháiltear ar mhionathruithe curaclaim, cuirtear in iúl nach leor an t-am sin a bheag ná a mhór. Mínítear leis nach gcomhlíonann an tréimhse ama seo riachtanais phleanála an aonaid, go háirithe nuair a bhíonn ar mhúinteoirí an dá thrá a fhreastal agus barrfheabhas á chur acu ar a scileanna tumtheagaisc san aonad. Mar a dúirt rannpháirtí amháin – *"Le haghaidh aistriúcháin, chun acmhainní a chur le chéile, pleanáil – ní raibh na múinteoirí sin tar éis a bheith bainteach leis an tumoideachas so bhí gach rud nua dóibh siúd chomh maith leis na daltaí"* (Agallamh, MibhF).

Go hachomair, tá ualach mór oibre i gceist leis an aonad, rud a fhágann gur deacair baill foirne a mhealladh mar gheall ar na héilimh a bhraitear ann. Cé go dtugann aonaid áirithe tacaíocht do mhúinteoirí sa chlár tumoideachais, is ábhar mór imní i gcónaí an leithdháileadh neamhleor ama pleanála le haghaidh an tumoideachais san aonad.

**Cén plean forbartha gairmiúla atá ag múinteoirí an aonaid?**

Tugtar le fios ón taighde seo go dteastaíonn deiseanna nuálacha forbartha gairmiúla ó mhúinteoirí aonaid chomh maith le tacaíocht leanúnach chun croí-inniúlachtaí an tumoideachais a fhorbairt, mar shampla, úsáid na teanga a chur chun cinn i seomra ranga an aonaid agus lasmuigh de araon, comhtháthú na teanga agus an ábhair a fhorbairt, an teanga shonrach atá ag teastáil chun dul i ngleic le foghlaim an ábhair a theagasc.

Tugtar le tuiscint leis na torthaí gurb é an tuiscint atá ag príomhoide na hóstscoile ar na héilimh chasta ó thaobh na hoideolaíochta agus riachtanais teanga de a spreageann na tionscnaimh forbartha gairmiúla agus a thacaíonn leo sin. I líon beag cásanna, cuireadh i bhfeidhm iarrachtaí fairsinge forbartha gairmiúla chun dul i ngleic le gnéithe casta – *"Thóg mé cinneadh go raibh géarghá le hinseirbhís. So fiú na múinteoirí a fuair mé a raibh Gaeilge líofa acu, ní raibh tuiscint iontach acu maidir leis an tumoideachas"* (Agallamh, Iar-PO).

Mar sin féin, aithníodh go raibh gá le dul chun cinn breise. Aithníodh freisin, i líon beag cásanna, castacht bhraite na riachtanas teanga do mhúinteoirí san aonad le bheith in ann ábhar atá dúshlánach ó thaobh na cognaíochta de a theagasc – *"There's a difference between managing to go out to the Gaeltacht for a weekend and be able to converse with everybody and going in to deliver a subject biology in senior cycle – yes? Teaching the subject is not the same as teaching it through Irish"* (Agallamh, Iar-PO).

Ina theannta sin, measadh gur beart ríthábhachtach é cáilíocht ar leith le haghaidh an teagaisc trí Ghaeilge chun cleachtais rathúla tumoideachais a chur chun cinn, ina léireofaí tábhacht an tsaineolais san ábhar agus inniúlacht sa Ghaeilge araon – *"Tá cáilíocht ar leith ag teastáil don teagasc trí Ghaeilge. Ní leor cáilíocht sa Ghaeilge amháin"* (Agallamh, MibhF).

Tuairiscítear, áfach, gur annamh a bhaintear leas as an bpróiséas féinmheastóireachta san aonad chun dul i ngleic le réimsí den fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí atá le forbairt, chun láidreachtaí a cheiliúradh agus chun cultúir fiosrúcháin a ghiniúint.

**Conas a chuireann inniúlacht teanga mhúinteoirí an aonaid le rathúlacht an aonaid?**

Aithnítear sa taighde seo go bhfuil rathúlacht an aonaid ag brath ar inniúlacht teanga mhúinteoirí an aonaid. I mbeagnach gach cás, aithníodh an tábhacht a bhaineann leis an inniúlacht teanga a chothú mar ghné ríthábhachtach le go mbeidh rath ar an aonad. Sonraíodh gur gnéithe ríthábhachtacha iad tionscnaimh forbartha gairmiúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar scileanna teanga múinteoirí sa disciplín shonrach – *"Cúrsa Gaeilge do na múinteoirí, bheadh sé sin tábhachtach. Gaeilge na n-ábhar, sea. Tá go leor is féidir linn a dhéanamh le teanga na múinteoirí"* (Agallamh, MibhF).

I gcúpla cás ina raibh díocas ar mhúinteoirí faoi dhul i mbun teagaisc san aonad ar dtús, thuig roinnt múinteoirí gan mhoill nár leor a n-inniúlacht sa Ghaeilge chun ábhar atá dúshlánach ó thaobh na cognaíochta de a theagasc trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, d'fhill siad ar an teagasc san óstscoil, rud a chuir isteach ar an soláthar san aonad faoi mar atá mínithe ag múinteoir i bhfeighil anseo:

> *Ansin bhí siad a rá, – ok táim ag déileáil leis an saghas dalta céanna ach trí Ghaeilge agus níl a dhóthain Gaeilge agamsa so de réir a chéile, theastaigh ó na daoine a bhí ag rá ag an tús ó is aoibhinn liom a bheith san aonad, bhí siad ag rá ansin, – you know what, b'fhearr liom an líon céanna uaireanta a bheith agam san óstscoil, ach ansin bhí muid i bponc arís* (Agallamh, MibhF).

## Saincheisteanna a bhaineann le foghlaim na scoláirí san aonad

**An gcuirtear Sonraíocht T1 don Ghaeilge i bhfeidhm i ngach aonad?**

Sonraítear sa taighde seo nach i gcónaí a chuirtear Sonraíocht T1 don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm san aonad mar go bhfuil múinteoirí in amhras nach bhfuil a ndóthain inniúlachta ag scoláirí tabhairt fúithi.

**Cad í teanga an mheasúnaithe san aonad?**

Léiríonn an taighde seo go bhfuil scoláirí an tumoideachais dhéanaigh ag déanamh scrúduithe stáit sa Bhéarla mar tá na múinteoirí den tuairim nach bhfuil a ndóthain inniúlachta ag scoláirí na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge – *"Tá níos mó oibre i gceist chun caighdeán sách ard a bhaint amach chun go mbeadh siad in ann a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge. Níl ach cúpla duine acu ábalta iad a dhéanamh i nGaeilge"* (Agallamh, MibhF). Tugtar le fios freisin sa taighde seo go ndéantar na hábhair a mheas i mBéarla, i scrúduithe inmheánacha agus i scrúduithe stáit,

i bhformhór na gcásanna, mar go bhfuil múinteoirí den tuairim nach bhfuil a ndóthain inniúlachta ag scoláirí na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge.

**Conas a chuirtear an Ghaeilge chun cinn mar theanga na cumarsáide, mar theanga an teagaisc agus mar theanga an tsóisialaithe san aonad?**

Nochtar gur dúshlán leanúnach é an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide, mar theanga an teagaisc agus mar theanga an tsóisialaithe de bharr deiseanna teoranta le haghaidh na foghlama, an tsealbhaithe agus na húsáide laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. I gcúpla cás, d'aithin príomhoidí na n-óstscoileanna an tábhacht a bhain le spás tiomnaithe go speisialta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn le haghaidh phobal an aonaid – *"Muna bhfuil scoil iomlán trí Ghaeilge, ní dóigh liom go bhfaigheann tú an caighdeán atá ag teastáil i ndáiríre... tá tú ag dul i gcoinne na taoide i gcónaí mar is é an taoide Béarla atá ann. Ag deireadh an lae mar is taoide Béarla atá sa scoil, tis an English tide and you're just trying to keep ag dul i gcoinne an tide i gcónaí"* (Agallamh, PO).

Mar sin féin, i mbeagnach gach cás, tuairiscítear gur cuireadh isteach ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den aonad tumoideachais i gcás nach raibh spás tiomnaithe sásúil ar fáil don aonad laistigh den óstscoil, faoi mar a léirítear anseo – *"Ceann de na rudaí eile is tábhachtaí ná féiniúlacht ó thaobh sóisialú teanga a chothú. Tá gá go mbeadh na daltaí ábalta Gaeilge a labhairt le chéile, tá sé deacair go leor dóibh é a dhéanamh ach má tá siad measctha leis na scoláirí ón máthairscoil"* (Agallamh, MibhF). Míníonn múinteoir i bhfeighil eile na castachtaí ar leith – *"An teanga labhartha a spreagadh anseo, leis na daltaí atá againn, sin agus muide measctha leis an óstscoil – sin ceann de na deacrachtaí is mó a bheas againn"* (Agallamh, MibhF). Mar sin, cuirtear in iúl sa taighde seo nach i gcónaí a fhorbraítear dílseacht do shainmheon na Gaeilge i dtimpeallacht na hóstscoile i measc scoláirí an aonaid.

**Conas a úsáidtear gníomhaíochtaí seach-churaclaim chun sealbhú agus úsáid na Gaeilge a chothú san aonad?**

I gcúpla cás, léirítear go mbíonn gníomhaíochtaí seach-churaclaim a bhaineann le húsáid agus sealbhú na Gaeilge ar siúl san aonad mar a shonraítear anseo – *"Tá nasc againn anois, tá plean againn dul go dtí an Ghaeltacht níos minice. Chuaigh muid ann i mbliana le dream ón idirbhliain... agus bhain siad an-taitneamh as. Labhair siad Gaeilge linn fad a bhí siad ansin. Nuair a tháinig siad ar ais b'fhéidir go raibh sé difriúil, tá an spreagadh ann"* (Agallamh, MibhF). I bhformhór na n-aonad, tuairiscítear nach mbíonn gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge ar siúl iontu.

## Conclúid

Tosca amhail an líon scoláirí, fáil ar mhúinteoirí, agus inniúlacht teanga na scoláirí, téann siad i gcion ar acmhainneacht an aonaid ábhair a sholáthar trí Ghaeilge. Léirítear sna torthaí easpa

béime ar fhís shoiléir a aithint le haghaidh an tumoideachais laistigh den óstscoil, mar aon le hiarrachtaí neamhleora chun dul i ngleic le dúshláin, mar shampla, acmhainneacht, coinneáil foirne, agus an t-ualach oibre san aonad. Is easnamhach go háirithe an fhorbairt ghairmiúil in oideolaíochtaí an tumoideachais agus san inniúlacht sa Ghaeilge. Níl forbairt déanta fós ar straitéis chuimsitheach chun feabhas a chur ar inniúlacht teanga na scoláirí, béim a leagan ar an nGaeilge i measúnuithe, gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a chur chun cinn, agus an Ghaeilge a spreagadh mar phríomhtheanga na cumarsáide. Ina theannta sin, is ábhar imní do thuismitheoirí é an dúshlán a bhaineann leis an soláthar ábhar trí Ghaeilge san aonad.

### Achoimre

Sa chaibidil seo, cuirtear torthaí i láthair faoi na téamaí seo a leanas – bunú agus buanú, bainistiú, agus soláthar. Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil tionchar dearfach ar bhonn inmharthana ag na haonaid ar an nGaeilge mar theanga bheo agus ar an gcultúr Gaelach san hóstscoileanna. Deimhníonn an taighde go láidir go bhfuil deacrachtaí agus dúshláin suntasacha fós le sárú sna haonaid lán-Ghaeilge atá faoi bhainistíocht óstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Sa chéad chaibidil eile, déantar achoimre ar chonclúidí an taighde agus cuirtear moltaí chun cinn bunaithe ar na dúshláin aitheanta.

## Caibidil 5: Conclúidí agus moltaí do na haonaid reatha

### Réamhrá

Le fócas ar na haonaid reatha agus i bhfianaise thorthaí an taighde seo, cuirtear conclúidí agus moltaí ábhartha i láthair sa chaibidil seo. Leagtar na moltaí amach agus iad ailínithe le conclúidí a bhaineann go sonrach leis na réimsí seo a leanas: bunú agus buanú, bainistiú, agus soláthar. Ós rud é go léiríonn torthaí an taighde seo nach tairbheach d'aonaid a bheith faoi bhainistíocht óstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, níl aon mholadh á dhéanamh do bhunú aonaid i dtábla 11 thíos.

### Conclúidí agus moltaí mar a bhaineann leis na haonaid reatha

**Tábla 11: Bunú aonaid: Conclúidí[11]**

| BUNÚ | |
|---|---|
| **Réimse** | **Conclúid** |
| **Sainmhíniú** | Tá fianaise sa staidéar seo nach mbíonn na haonaid ar aon fhocal faoin sainmhíniú a chuireann siad ar fáil ar a bhfuil ar siúl acu. I gcúpla cás, úsáidtear an téarma 'Gaelcholáiste' fiú, agus tagairt á déanamh don aonad féin. |
| **Éileamh** | Is iad brú agus éileamh ó thuismitheoirí ar thumoideachas iar-bhunleibhéil a bhíonn laistiar de bhunú aonaid níos minice ná eile. Níl polasaí trédhearcach ann maidir le haonaid a bhunú. |
| | Níl aon chomhaontú coiteann ann maidir leis an ionrollú faoi leith ná faoin líon scoláirí is gá a bheith ann sula dtugtar faomhadh do bhunú aonaid. |
| **Fís** | Bíonn fís agus tiomantas na ceannaireachta fíorthábhachtach maidir le bunú agus buanú aonaid. De ghnáth, bíonn "fís" tumoideachais ag duine nó beirt agus éiríonn leo an fhís sin a roinnt le coiste nó le grúpa timpeall orthu. An fuinneamh pearsanta, an fhís |

[11] Ós rud é go léiríonn torthaí an taighde seo nach tairbheach d'aonaid a bheith faoi bhainistíocht óstscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, níl aon mholadh á dhéanamh do bhunú aonaid.

| | |
|---|---|
| | fhadradharcach agus an tiomantas a shlógann an tacaíocht ar an talamh agus a thiomáineann na hiarrachtaí go léir. |
| **Feasacht agus cumarsáid** | Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil an-tábhacht ag baint le bolscaireacht agus le feachtas feasachta agus cumarsáide le bunscoileanna friothálacha agus aonad á bhunú. Léirítear chomh maith gur cabhair é gaelscoil a bheith sa cheantar mar scoil fhriothálach. |
| | Tá fianaise i sonraí an taighde seo go ndearnadh feachtas feasachta agus cumarsáide le gaelscoileanna trí mheán an Bhéarla amháin nuair nach raibh baill foirne ar fáil a raibh Gaeilge ar a dtoil acu chuige sin. |
| **An Roinn Oideachais** | Léiríonn torthaí an taighde seo nach bhfuil na rannpháirtithe muiníneach as an Roinn Oideachais i leith sholáthar an mhúnla tumoideachais iar-bhunscoile, go háirithe an easpa tuisceana a léirítear i leith feidhmiú aonaid i bhfoirgneamh lonnaithe taobh istigh de thimpeallacht ina bhfuil an Béarla i réim. |
| | Cuireann cuid de rannpháirtithe an taighde seo locht ar cheannaireacht na Roinne Oideachais toisc nach leagann siad luach ar an gcóras tumoideachais mar chur chuige chun an teanga a shealbhú agus a chaomhnú. Maidir le cinntí i leith an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge, tuairiscítear go ndéantar iad bunaithe ar uimhreacha amháin. |
| | Luaitear go minic i sonraí an taighde seo go mbraitheann na rannpháirtithe go bhfuil siad ag feidhmiú i bhfolús nuair nach bhfuil pleananna forbartha réamhghníomhacha ná critéir chinnte shoiléire leagtha síos ag an Roinn Oideachais do bhunú agus do bhuanú na n-aonad. |
| | Léiríonn torthaí an taighde seo nach bhfuil aon pholasaí ná comhaontú coiteann ag an Roinn Oideachais faoin rollachán is gá a bheith ann chun aonad a bhunú. |

| | |
|---|---|
| | |
| | Léiríonn sonraí an taighde seo nach bhfuil comhairle, treoir ná tacaíocht atá comhsheasamh agus aontaithe, agus bonn eolais fúthu, curtha ar fáil do bhunaitheoirí aonaid ón Roinn Oideachais. Bítear ag brath ar bháúlacht an duine a fhreagraíonn an fón nó a bhíonn i mbun comhfhreagrais chun treoir agus cabhair a thabhairt. Ní i gcónaí a bhíonn aon bheirt ar aon fhocal. |
| | Sonraítear chomh maith nach mbíonn d'acmhainn i gcónaí ag stáitseirbhísigh atá ag plé leis na haonaid a bheith in ann gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Sonraíodh, i mbeagnach gach cás, nach gcuirtear an t-aonad san áireamh nuair a thugtar faoi mheastóireacht óstscoile. Anuas air sin, tuairiscíonn rannpháirtithe an taighde nach mbíonn comhsheasmhacht i gcomhairle agus i gcleachtais na gcigirí agus iad ag plé leis na haonaid. |
| **Pátrúin** | Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil ról tábhachtach ag an bpátrún i mbunú agus i bhforbairt an aonaid. Tuairiscítear go bhfuil treoir agus tacaíocht thábhachtach le fáil ón bpátrún. |
| | Níl aon fhianaise sa taighde seo go bhfuil treoir ar fáil do phátrúin na n-aonad ón Roinn Oideachais chun tacú leo i mbunú aonaid. Dá bhrí sin, sonraítear easpa tuisceana agus feasachta i leith an ghaeloideachais i measc roinnt pátrúin óstscoile. Sa bhreis air sin, aithníonn na rannpháirtithe na deacrachtaí atá ag na pátrúin an múnla tumoideachais a fhorbairt in éagmais treoir agus critéir chinnte ón Roinn Oideachais. |
| Na hEagrais Ghaeilge | Aithnítear an tacaíocht agus an chomhairle leanúnach atá ar fáil ó na heagrais Gaeilge, go háirithe na comhdhálacha agus na ceardlanna um fhorbairt ghairmiúil a eagraítear. |

**Tábla 12: Buanú aonaid: Conclúidí agus moltaí**

| **BUANÚ** | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Conclúid** | **Moltaí** |
| **Féiniúlacht** | Tugann sonraí an taighde seo le fios go bhfuil an-chuid dúshlán ag an aonad maidir lena fhéiniúlacht mar shuíomh tumoideachais a chothú agus a bhuanú. Léirítear go bhfuil leibhéal an spleáchais ag an aonad ar an óstscoil mar bhac i gcothú agus i mbuanú na féiniúlachta. | Moltar go mbeadh féiniúlacht[12] dá chuid féin ag an aonad go neamhspleách ar an óstscoil. Ní foláir go n-aithneodh an óstscoil an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht neamhspleách an aonaid mar shuíomh tumoideachais agus tacú leis dá réir. |
| **Polasaithe agus pleanáil** | I mbeagnach gach cás, léirítear nach mbíonn polasaí ná plean teanga dá cuid féin ag an aonad mar shuíomh tumoideachais. | Moltar polasaí agus plean teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm san aonad mar shuíomh tumoideachais ó staid bhunaithe. |
| | I mbeagnach gach cás, léirítear nach mbíonn polasaithe/beartais ná plean gníomhaíochta dá cuid féin ag an aonad neamhspleách ar an óstscoil. | Moltar go mbeadh polasaithe/beartais mar aon le plean gníomhaíochta dá chuid féin ag an aonad neamhspleách ar an óstscoil chun feidhmiú an aonaid mar shuíomh tumoideachais a chur chun cinn go héifeachtúil. Ní mór ról lárnach a bheith ag foireann an aonaid i gcumadh, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú na bpolasaithe éagsúla/na mbeartas éagsúil. |
| | I mbeagnach gach cás, ní bhíonn polasaithe/beartais a bhaineann go sonrach leis an aonad mar shuíomh tumoideachais ar fáil seachas polasaithe/beartais na hóstscoile a bhíonn scríofa as Béarla. | Is gá polasaithe/beartais atá scríofa i nGaeilge agus ina gcuimsítear prionsabail uile an tumoideachais a bheith ag gach aonad, lena n-áirítear polasaí teanga chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, polasaí soláthair ábhar trí mheán na Gaeilge, polasaí |

[12] Moltar féiniúlacht a chur in iúl trí na gnéithe seo a leanas: ainm faoi leith don aonad, fís, éide scoile, suíomh gréasáin, páipéarachas/ceann litreach, dialanna, bileoga faisnéise, seoladh ríomhphoist ar leith.

| | | |
|---|---|---|
| | | teagaisc trí mheán na Gaeilge, polasaí iontrála, polasaí earcaíochta, polasaí margaíochta, polasaí maidir le hidirghníomhú an aonaid leis an óstscoil. |
| | Ní ann d'aon fhianaise go mbaintear leas as próiséas na féinmheastóireachta scoile mar ghné lárnach d'obair an aonaid, mar atá molta ag an Roinn Oideachais (*Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026*, lena n-áirítear Ciorclán 0056/2022) chun an teagasc agus an fhoghlaim a mheas ar mhaithe le cáilíocht an tsoláthair a neartú. | Is den tábhacht é leas a bhaint as an bpróiséas féinmheastóireachta mar atá molta ag an Roinn Oideachais (*Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026*, lena n-áirítear Ciorclán 0056/2022). Moltar don Roinn Oideachais táscairí córasacha trédhearcacha a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas a dhearadh agus a sholáthar do na haonaid ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a mheas mar aon le cáilíocht an tsoláthair san aonad a neartú. |
| **Rollachán** | Léiríonn torthaí an taighde seo nach bhfuil aon pholasaí ná comhaontú coiteann ag an Roinn Oideachais faoin rollachán is gá a bheith ann chun inbhuanaitheacht an aonaid a dheimhniú. | Moltar don Roinn Oideachais polasaí rollacháin a cheapadh lena soiléireofaí an líon leordhóthanach scoláirí chun inbhuanaitheacht aonaid a dheimhniú, agus comhthéacsanna agus tosca éagsúla logánta á gcur san áireamh. |
| | Sonraítear sa taighde gur bagairt i gcónaí do bhuanú aonaid é aon ísliú ar an rollachán. | Agus comhthéacsanna agus tosca éagsúla logánta an aonaid a gcur san áireamh, ní mór don Roinn Oideachais plean straitéiseach a chumadh agus a chur i bhfeidhm chun táscairí rollacháin ar leith a bhaint amach, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht an aonaid a dheimhniú. |

| | | |
|---|---|---|
| **Bainistiú ar athruithe** | Sa taighde seo, tuairiscítear athruithe gan choinne i measc na foirne a bheith ina mbac do bhuanú rathúil agus do dhul chun cinn an aonaid, i. d'fhéadfadh imeacht múinteora aonair ón aonad cur isteach ar fhorbairt an aonaid. | Moltar don óstscoil sainriachtanais an aonaid a chur san áireamh sa pholasaí ionadaíochta le cinntiú go bhfuil fáil ag an aonad, nuair is gá, ar an líon is airde múinteoirí ionaid a bhfuil Gaeilge acu agus atá oilte chun ábhair éagsúla a theagasc i suíomh tumoideachais. Ní foláir don óstscoil a bheith réamhghníomhach le múinteoirí a chumasú teagasc trí mheán na Gaeilge mar chuid de phlean na scoile um fhorbairt ghairmiúil. |
| | Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil ról tábhachtach ag an bpátrún i mbuanú agus i bhforbairt an aonaid. Tuairiscítear go bhfuil treoir agus tacaíocht leanúnach de dhíth ar bhainistíocht na hóstscoile chun an córas tumoideachais san aonad a chur i bhfeidhm agus a neartú. | Ní mór do phátrúin treoir agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do bhainistíocht na hóstscoile le cinntiú go mbeadh tuiscint ag baill áirithe an bhoird ar chur i bhfeidhm phrionsabail an tumoideachais chun riar agus éifeacht an aonaid a neartú. |
| **Inbhuanaitheacht** | Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil treoir na Roinne Oideachais easnamhach chun inbhuanaitheacht na n-aonad a dheimhniú. | Ní mór don Roinn Oideachais, i gcomhar le pátrúin, treoir chinnte mar aon le tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun inbhuanaitheacht na n-aonad a dheimhniú. Moltar dá réir sin, saintreoir a chur ar fáil don aonad ina ndírítear ar thosca inbhuanaitheachta ar leith, ina measc, soláthar trí mheán na Gaeilge, forbairt ghairmiúil, leithdháileadh acmhainní, measúnú, rannpháirtíocht an phobail, margaíocht, maoiniú caipitiúil, cóiríocht oiriúnach. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá fianaise sa taighde seo nach ann do phleanáil chomhordaithe ná nósanna imeachta maidir le forbairt agus le buanú an tsoláthair oideachas trí mheán na Gaeilge san aonad. | Ní foláir don Roinn Oideachais pleanáil chomhordaithe mar aon le struchtúr, comhsheasmhacht agus nósanna imeachta a aithint agus a chinntiú chun forbairt agus buanú an tsoláthair oideachas trí mheán na Gaeilge san aonad a threisiú. |
| | Sonraítear sa taighde go bhfuil easpa freagrachta glactha agus easpa forbartha déanta ag tromlach na n-aonad i leith polasaithe/beartas, cuir chuige agus cleachtais reatha a thacaíonn le hinbhuanaitheacht a chinntiú. | Chun hinbhuanaitheacht a chinntiú, moltar do na haonaid a bheith féinriartha le freagracht a ghlacadh agus le forbairt a dhéanamh i leith polasaithe/beartas, cuir chuige agus cleachtais reatha le go mbeadh siad ag feidhmiú ar bharr a n-éifeachtachta mar shuíomhanna tumoideachais. |
| | Tá fianaise sa taighde seo nach ndéantar meastóireacht sheachtrach ar sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge sna haonaid. | Chun an inbhuanaitheacht a chinntiú, is den riachtanas é go ndéanfadh an Roinn Oideachais meastóireacht sheachtrach thráthrialta ar sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge sna haonaid chun feasacht a chothú i leith na réimsí ar gá iad a fhorbairt agus ar gá tacú leo dul i dtreo feabhsúcháin. |
| | Cuirtear in iúl sa taighde go mbítear lán le fuinneamh na físe ag staid bhunaithe an aonaid ach feictear go dtránn an díograis i leaba a chéile de bharr na dúshlán leanúnach a bhíonn le sárú ag an aonad. | In ainneoin na ndúshlán leanúnach a bhíonn le sárú, is den tábhacht é don aonad fanacht dílis d'fhís a bhunaithe (i. soiléireacht a chinntiú maidir leis an gcuspóir tumoideachais i leith curaclaim a sholáthar trí mheán na Gaeilge). |
| | Tá fianaise sa taighde seo nach bhfuil aon phlean forbartha réamhghníomhach ag an Roinn | Is gá don Roinn Oideachais plean forbartha réamhghníomhach a cheapadh do na haonaid a bhfuil |

| | | |
|---|---|---|
| | Oideachais do na haonaid reatha agus le haghaidh chur chun cinn an tumoideachais. | spriocanna aitheanta ann chun an tumoideachas a chur chun cinn. |
| | Sonraítear sa taighde seo go bhfuil an chóiríocht (i. foirgneamh agus spásanna aitheanta an aonaid) a bhíonn lonnaithe i dtimpeallacht lán-Bhéarla ina bac do spreagadh, do chur i bhfeidhm agus do threisiú an tumoideachais san aonad. | Agus comhthéacsanna agus tosca éagsúla logánta á gcur san áireamh, moltar don Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar chóiríocht reatha na n-aonad, cás ar chás, caiteachas caipitiúil san áireamh. I gcás na n-aonad nach bhfuil sainchóiríocht neamhspleách dá gcuid féin acu, moltar spás(anna) buan(a) ar leith a shainiú dóibh le go mbeadh ionaid teagaisc agus sóisialaithe inaitheanta ar fáil do scoláirí agus d'fhoireann an aonaid. Sa tslí sin, féachtar chuige go gcaomhnaítear an t-aonad mar thearmann teanga chun fíor-thimpeallacht Ghaelach a éascú. |

**Tábla 13: Bainistiú aonaid: Conclúidí agus moltaí**

| BAINISTIÚ | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Conclúid** | **Moltaí** |
| **Múinteoir i bhfeighil** | Is iomaí dearbhú atá tagtha chun cinn sa taighde seo gurb é grá don teanga agus meas uirthi a spreagann múinteoirí glacadh le post mar mhúinteoir i bhfeighil ar aonad lán-Ghaeilge. | Ní mór feachtas earcaíochta a chur ar bun do mhúinteoirí chun na buntáistí a bhaineann le teagasc trí mhéan na Gaeilge a léiriú mar aon le deiseanna forbartha gairmiúla i raon |

| | | |
|---|---|---|
| | | scileanna bainistíochta agus teanga a fhorbairt. |
| | Aithnítear sa taighde seo go bhfuil doiléireacht ag baint le stádas an mhúinteora i bhfeighil agus go bhfuil teidil éagsúla in úsáid. | Moltar comhsheasmhacht a chur chun cinn i leith theideal an té atá i gceannas ar an aonad, is é sin, 'stiúrthóir' in ionad 'múinteoir i bhfeighil', ceapachán ag leibhéal phríomhoide chúnta 1, ceapachán seach-chuóta leis an liúntas cuí. |
| | Aithnítear sa taighde seo go bhfuil doiléireacht ag baint le ról an mhúinteora i bhfeighil mar aon le heaspa comhsheasmhachta i leith raon agus mhéid na bhfreagrachtaí atá le cur i bhfeidhm. | Ba chóir ról an mhúinteora i bhfeighil a bheith leagtha amach i gcomhpháirt le príomhoide na hóstscoile lena n-áirítear rollachán, curaclam, riachtanais foirne, earcú múinteoirí, forbairt ghairmiúil múinteoirí, eagrú amchláir, cóiríocht, cothabháil, cúram do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cumarsáid le tuismitheoirí, agus féiniúlacht an aonaid a chur chun cinn. Ní mór an ról sin a aontú i bhfoirm conartha. |
| | Tagraítear go minic sa taighde seo don easpa ama a bhíonn ag múinteoirí i bhfeighil díriú ar an múnla tumoideachais a threisiú, ar labhairt na Gaeilge a chur chun cinn agus ar thimpeallacht Ghaelach a chothú. | Moltar réimsí freagrachtaí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge a bheith in ngné lárnach d'obair an mhúinteora i bhfeighil lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an teagaisc, teanga na cumarsáide agus teanga an tsóisialaithe, sainmheon na Gaeilge i measc na foirne a shaibhriú, an cultúr Gaelach taobh amuigh agus taobh istigh den aonad a chothú, gníomhaíochtaí agus imeachtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a eagrú, caidreamh leis na |

<table>
<tr><td></td><td></td><td>heagrais Ghaeilge agus leis an bpobal áitiúil a neartú.</td></tr>
<tr><td></td><td>Léiríonn an taighde seo go raibh sé deacair ar mhúinteoirí i bhfeighil a gcuid dualgas a chomhlíonadh taobh istigh d’uaireanta oibre, ar dualgais iad, dar leo, atá ró-uaillmhianach.</td><td>Moltar na huaireanta teagaisc in aghaidh na seachtaine a laghdú don mhúinteoir i bhfeighil agus, de réir mar a fhásann an t-aonad (i. coibhéis na n-uaireanta lánaimseartha), líon na n-uaireanta teagaisc a laghdú.<br>Is ar an mbonn seo a leanas a mholtar an laghdú ar uaireanta:<br><table>
<tr><th>Líon scoláirí san aonad</th><th>Laghdú ar uaireanta sa tseachtain</th></tr>
<tr><td>1-59</td><td>11 (50%)</td></tr>
<tr><td>60-99</td><td>15 (70%)</td></tr>
<tr><td>100-139</td><td>19 (85%)</td></tr>
<tr><td>>140</td><td>22 (100%)</td></tr>
</table><br>Baineann na figiúirí sa cholún ar chlé le ciorclán 0003/2018.</td></tr>
<tr><td></td><td>Deimhníonn an taighde seo go mbíonn ar mhúinteoirí i bhfeighil dualgais a ghlacadh a bhaineann leis an óstscoil anuas ar dhualgais an aonaid lán-Ghaeilge.</td><td>Ní mór feidhm agus freagrachtaí an mhúinteora i bhfeighil a bheith bainteach leis an aonad amháin.</td></tr>
<tr><td></td><td>Deimhníonn torthaí an taighde seo gur ábhar conspóideach é i gcónaí an liúntas a bhíodh ar fáil do theagasc trí mheán na Gaeilge, liúntas nach bhfuil ar fáil a thuilleadh.</td><td>Moltar an liúntas do theagasc trí mheán na Gaeilge a thabhairt ar ais do mhúinteoirí aonaid chun dul i dtreo na dúshláin earcaíochta san earnáil oideachais lán-Ghaeilge a shárú.</td></tr>
<tr><td></td><td>Léirítear sa taighde seo go mbíonn deacrachtaí ag óstscoileanna an próiseas fógraíochta a dhearadh ar</td><td>Moltar próiseas ceaptha an mhúinteora i bhfeighil trí chomórtas oscailte a reáchtáil ina n-aithneofaí</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td></td><td>mhaithe le múinteoirí i bhfeighil a earcú.</td><td>mar chritéir cheapacháin cáilíochtaí an iarrthóra sa Ghaeilge mar aon lena t(h)aithí i dteagasc trí mheán na Gaeilge.</td></tr>
<tr><td></td><td>Soiléirítear sa taighde seo nach mbíonn ionadaíocht ag an múinteoir i bhfeighil ar an mbord bainistíochta chun feidhmiú an aonaid a chur chun cinn.</td><td>Ba chóir don mhúinteoir i bhfeighil a bheith mar bhall de bhord bainistíochta na hóstscoile. Moltar mír sheasmhach a bhaineann leis an aonad a bheith ar chlár na gcruinnithe boird.</td></tr>
<tr><td></td><td>Léiríonn an taighde go mbíonn tacaíocht leanúnach de dhíth ar an múinteoir i bhfeighil.</td><td>Moltar múinteoir i bhfeighil tánaisteach a cheapadh i gcás ina bhfuil breis agus 59 scoláire ar rolla na scoile, agus gur cheapachán ag leibhéal phríomhoide cúnta II a bheadh ann. Is ar an mbonn seo a leanas a mholtar an laghdú ar uaireanta:
<table>
<tr><th>Líon scoláirí san aonad</th><th>Laghdú ar uaireanta sa tseachtain</th></tr>
<tr><td>1-59</td><td>0</td></tr>
<tr><td>60-99</td><td>4.4 (20%)</td></tr>
<tr><td>100-139</td><td>7.7 (35%)</td></tr>
<tr><td>>140</td><td>11 (50%)</td></tr>
</table>
Baineann na figiúirí sa cholún ar chlé le ciorclán 0003/2018.</td></tr>
<tr><td></td><td>Nochtar sa taighde seo go bhfuil easpa deiseanna ag múinteoirí i bhfeighil dul i gcomhairle le príomhoidí óstscoile ar bhonn foirmeálta tráthrialta mar tugtar tús áite do ghnó na hóstscoile go hiondúil.</td><td>B'inmhianaithe cruinnithe tráthrialta a eagrú idir príomhoide na hóstscoile agus an múinteoir i bhfeighil ionas go mbeadh deiseanna foirmeálta ann cinntí a ghlacadh a bhaineann go sonrach leis an aonad amháin.</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhoidí óstscoile** | Léirítear sa taighde seo bhfuil tionchar dearfach ar bhonn inmharthana ag na haonaid ar an nGaeilge mar theanga bheo agus ar an gcultúr Gaelach sna hóstscoileanna. Tá bród le haithint i measc na bpríomhoidí as a bhfuil bainte amach acu. | Moltar ócáidí agus imeachtaí a eagrú go tráthrialta ionas go mbeidh deis ag scoláirí na n-aonad meascadh le scoláirí na n-óstscoileanna ar mhaithe leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach a chur chun cinn. |
| | Léirítear sa taighde seo go bhfuil rath an aonaid ag brath go láidir ar phríomhoidí óstscoile a bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus i leith an tumoideachais acu. | Is gá go mbeadh príomhoidí óstscoile lán-fhabhrach d'fhorbairt agus do bhuanú aonaid agus go mbeadh siad eolach ar phrionsabail agus ar chleachtais an tumoideachais. |
| | Sonraítear sa taighde seo go dteastaíonn ó fhormhór na bpríomhoidí na haonaid a fhorbairt i dtreo neamhspleáchais ach nach bhfuil pleananna réamhghníomhacha fáis agus forbartha deartha acu. Léirítear i sonraí an taighde gur easpa treorach na Roinne Oideachais atá mar bhunús leis an easnamh pleanála sin. | Ní mór pleananna réamhghníomhacha fáis agus forbartha, atá treoraithe ag an Roinn Oideachais, a bheith deartha ag príomhoidí óstscoile agus aontaithe ag leibhéal an bhoird chun aonaid a threorú i dtreo neamhspleáchais. |
| | Baineadh de thátal as an taighde seo go mbraitheann an chuid is mó[13] de phríomhoidí óstscoile easpa muiníne i leith a gcumais sa Ghaeilge. | Is den riachtanas é go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge ag príomhoidí óstscoile agus go mbeadh siad tiomanta an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i measc scoláirí na scoile uile (i. an t-aonad agus an óstscoil). |

[13] 75-90%

| | | |
|---|---|---|
| | Deimhnítear sa taighde seo go bhfuil níos mó ná leath[14] de phríomhoidí óstscoile neamhchinnte faoi conas córas tumoideachais a chur i bhfeidhm in aonaid. | Ba chóir go mbeadh ar phríomhoidí a bhfuil aonad faoina gcúram acu freastal go rialta ar fhorbairt ghairmiúil a bhaineann go sonrach le bainistiú agus le feidhmiú aonaid agus páirt a ghlacadh i líonraí éagsúla mar thaca dóibh féin. |
| | Áirítear sna sonraí nach bhfreastalaíonn na seisiúin forbartha gairmiúla, a reáchtálann an óstscoil, i gcónaí ar shainriachtanais oiliúna múinteoirí mar ní i gcónaí a chuirtear tosaíocht an aonaid san áireamh. | Moltar forbairt ghairmiúil leanúnach a eagrú a d'fhreastalódh go sonrach ar shainriachtanais múinteoirí atá ag teagasc san aonad. |
| | Sonraíodh sa taighde seo nach n-éiríonn i gcónaí leis na haonaid na hionchais i leith an tsoláthair trí mheán na Gaeilge a chur i bhfeidhm, rud a bhfuil impleachtaí aige ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama san aonad. | Ní foláir go gcinnteodh an príomhoide go bhfuil ionchais arda i measc na foirne maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge ionas go mbeidh na múinteoirí dílis do choincheap an tumoideachais. |
| **Bord bainistíochta** | Tráchtar go rialta sa taighde seo ar na dúshláin roimh na boird bhainistíochta múinteoirí a earcú a bhfuil Gaeilge acu agus atá oilte agus ábalta teagasc trí mheán na Gaeilge. | Ní mór don bhord bainistíochta polasaí earcaíochta ar leith a cheapadh don aonad ina gcuirtear béim ar inniúlacht an iarrthóra sa Ghaeilge agus ar an teagasc trí mheán na Gaeilge. |
| | Léiríonn torthaí an taighde seo na dúshláin a bhíonn roimh na boird bhainistíochta foireann tacaíochta agus foireann neamhtheagaisc a bhfuil Gaeilge acu a earcú. | Ní mór don bhord bainistíochta polasaí earcaíochta ar leith a cheapadh don aonad le cinntiú go bhfuil Gaeilge ag foireann tacaíochta agus ag foireann neamhtheagaisc an aonaid. |

[14] 51-74%

| | | |
|---|---|---|
| | Tugann an taighde seo le fios nach i gcónaí a bhíonn ionadaíocht ag an múinteoir i bhfeighil ar bhord bainistíochta na hóstscoile, ceal struchtúr ábhartha a bheith ann chuige sin. | Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha agus ar struchtúr bhord bainistíochta na hóstscoile le cinntiú go bhfuil ionadaíocht ag an múinteoir i bhfeighil ar an mbord. |
| | Léirítear, i mbeagnach gach cás, nach mbíonn ionadaíocht ag tuismitheoirí an aonaid ar bhord bainistíochta na hóstscoile. | Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha agus ar struchtúr bhord bainistíochta na hóstscoile le cinntiú go bhfuil ionadaíocht ag tuismitheoirí an aonaid ar an mbord. |
| | Tháinig sé chun cinn sa taighde seo, i mbeagnach gach cás, nach bhfuil struchtúr tacaíochta cuí curtha ar fáil ag bainistíocht na n-óstscoileanna chun freastal ar shainriachtanais na n-aonad. | Moltar fochoiste[15] de bhord bainistíochta na hóstscoile a cheapadh, a mbeidh d'acmhainn aige feidhmiú trí mheán na Gaeilge, chun comhairle a chur ar an mbord maidir le polasaithe, curaclam, riachtanais foirne, riachtanais acmhainní, cóiríocht agus cothabháil an aonaid. |
| | Léirítear go bhfuil easpa eolais agus tuisceana ag baill bhoird bainistíochta na n-óstscoileanna i gcoitinne ar phrionsabail agus ar chleachtais an tumoideachais. | Ní mór go mbeadh baill áirithe de bhoird bainistíochta na n-óstscoileanna eolach agus inniúil i leith phrionsabail agus chleachtais an tumoideachais. |
| | Deimhnítear sa taighde seo go mbíonn easpa cumarsáide idir bainistíocht na hóstscoile agus an t-aonad agus nach gcuirtear sainriachtanais an aonaid san áireamh go seasmhach nuair atá cinntí le déanamh. | Ní mór struchtúr foirmeálta cumarsáide a aontú idir bainistíocht na hóstscoile agus an t-aonad le cinntiú go gcuirtear sainriachtanais an aonaid san áireamh go seasta i gclár oibre na scoile. |

[15] Moltar mar bhaill an fhochoiste: stiúrthóir an aonaid, príomhoide na hóstscoile, beirt thuismitheoirí, ionadaí foirne an aonaid, ionadaí ón bpobal áitiúil

| | | |
|---|---|---|
| | Sonraítear sa taighde nach i gcónaí a chuirtear sainriachtanais an tumoideachais san áireamh i bpróiseas ceapacháin do mhúinteoirí an aonaid. | Nuair a bhíonn folúntais san aonad, ní mór ionadaíocht a bheith ag an múinteoir i bhfeighil ar phainéil cheapacháin na hóstscoile. |

**Tábla 14: Soláthar aonaid: Conclúidí agus moltaí**

| **SOLÁTHAR** | | |
|---|---|---|
| **Réimse** | **Conclúid** | **Moltaí** |
| **Soláthar ábhar**<br><br>*(Tá acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí ag brath ar roinnt tosca atá idirnascach agus casta mar atá curtha i láthair anseo.)* | I measc tosca atá idirnascach agus casta, sonraítear ón taighde go bhfuil an soláthar múinteoirí atá inniúil ar mhúineadh na n-ábhar trí Ghaeilge ina chonstaic ollmhór ag óstscoileanna chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge sna haonaid. | Tá sé den riachtanas infheistíocht phráinneach a dhéanamh ar oideachas tosaigh múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí chun cur lena n-inniúlacht i múineadh ábhar éagsúil trí Ghaeilge. |
| | I measc tosca atá idirnascach agus casta, tuairiscítear sa taighde seo go bhfuil soláthar na n-ábhar san aonad ag brath ar leithdháileadh múinteoirí atá inniúil sa Ghaeilge agus cáilithe chun raon leathan ábhar a theagasc trí Ghaeilge. | Moltar polasaí um leithdháileadh múinteoirí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina gcinntítear go bhfuil líon imleor múinteoirí ann atá inniúil sa Ghaeilge agus cáilithe chun raon leathan ábhar a theagasc trí Ghaeilge san aonad. Ina theannta sin, moltar measúnú leanúnach a dhéanamh ar mhianach na foirne óstscoile ábhair éagsúla a theagasc trí Ghaeilge san aonad. |
| | I measc tosca atá idirnascach agus casta, léiríonn an taighde go bhfuil soláthar trí Ghaeilge san aonad bunaithe ar éileamh scoláirí ar ábhair. Má bhíonn éileamh íseal ar ábhar trí Ghaeilge i gcomparáid le | Moltar d'óstscoileanna, i gcomhairle leis na haonaid, anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na cúiseanna atá taobh thiar den éileamh íseal ar ábhair a chuirtear ar fáil i nGaeilge, bacainní a fhiosrú agus aghaidh a thabhairt orthu, |

| | | |
|---|---|---|
| | héileamh ar an ábhar céanna trí Bhéarla san óstscoil, ní chuirtear soláthar trí Ghaeilge ar fáil. Mar sin, ní bhíonn de rogha ag scoláirí an aonaid ach an t-ábhar a dhéanamh trí Bhéarla. | buntáistí uathúla an tumoideachais a chur faoi bhráid an phobail scoile, comhoibriú le scoileanna eile atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin chomhchosúla. |
| | I measc tosca atá idirnascach agus casta, tugtar le fios sa taighde seo go bhfuil acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge faoi thionchar ag roghanna iomaíocha sa chlár-ama, i. ábhair trí Ghaeilge curtha ar fáil ag an am céanna sa bhanda/bhloc ábhar céanna. | Ní foláir don aonad a chinntiú go bhfuil dóthain solúbthachta sa chlár-ama ionas go mbeidh rochtain ag scoláirí an aonaid ar ábhair trí Ghaeilge. |
| | I measc tosca atá idirnascach agus casta, léirigh na múinteoirí sa taighde seo go bhfuil acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge faoi thionchar ag cumas teoranta teanga scoláirí chun tabhairt faoi hábhair áirithe, easpa feasachta na múinteoirí i leith an tumoideachais dhéanaigh agus ionchais ísle maidir le gnóthachtáil an scoláire san ábhar. | Moltar do na haonaid tumadh iomlán sa Ghaeilge a chinntiú d'fhoghlaimeoirí an tumoideachais dhéanaigh, mar aon le cleachtadh ar a húsáid chun gnóthachtáil an scoláire san ábhar a chinntiú. Ina theannta sin, ní mór forbairt ghairmiúil leanúnach atá dírithe ar shainriachtanais teagaisc agus foghlama an tumoideachais dhéanaigh a sholáthar do mhúinteoirí an aonaid chun ardú feasachta agus ionchais a chinntiú. |
| | Cuirtear in iúl sa taighde seo nach i gcónaí a chuirtear soláthar iomlán ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí san aonad. | Ní foláir soláthar iomlán ábhar a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí san aonad. |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuirtear in iúl sa taighde seo nach i gcónaí a chuirtear soláthar iomlán ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí san aonad. | Is den riachtanas é gach ábhar a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí san aonad, i. ag tógáil agus ag leathnú ar an soláthar trí mheán na Gaeilge a dhéantar ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. |
| **Múinteoirí an aonaid** | Tagann sé chun cinn sa taighde seo go bhfuil meascán cleachtas ar bun ag múinteoirí an aonaid maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge ag brath ar fhís agus ar ionchais na foirne i gcur i bhfeidhm an tumoideachais. | Moltar go mbeadh deis, mar chuid de chruinniú foirne an aonaid, fís choiteann mar aon le hionchais arda i leith an tumoideachais a phlé, a aontú, a chur i bhfeidhm agus a mheas go rialta. |
| | Tuairiscítear sa taighde seo go gcuirtear dualgas ar mhúinteoirí an aonaid teagasc san óstscoil freisin, rud a fhágann go mbíonn ganntanas ama agus aire ar fáil acu chun dualgais teagaisc a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas lán-Ghaeilge san aonad a chur i gcrích. | Moltar baill foirne thiomnaithe a lonnú san aonad amháin ar mhaithe le comhsheasmhacht san ionchur teanga a chur chun cinn, ailíniú curaclaim le prionsabail an tumoideachais a chinntiú mar aon le dea-chleachtais a roinnt agus riar straitéiseach ar shainriachtanais an aonaid a dhéanamh. |
| | Léirítear sa taighde seo go gcuireann easpa leanúnachais foirne an aonaid srian ar an soláthar trí Ghaeilge agus ar chur i bhfeidhm an tumoideachais. Sonraíonn rannpháirtithe an taighde go bhfuil ualach oibre breise i gceist leis an teagasc trí mheán na Gaeilge san aonad, mar shampla, aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge, acmhainní ábhartha ailínithe le riachtanais an tumoideachais a dhearadh, | Moltar plean coinneála foirne agus forbartha gairmiúla a bheith ag gach aonad, lena n-áirítear clár ionduchtúcháin do bhaill nua, cláir mheantóireachta agus deiseanna oiliúna leanúnacha don fhoireann uilig. Moltar an t-ualach oibre breise a bhíonn ar mhúinteoirí san aonad a aithint trí chúiteamh cuí a sholáthar, mar shampla, am a thabhairt do chomhoibriú pleanála, do mhachnamh foirne agus don fhorbairt cumais teanga agus teagaisc. |

| | | |
|---|---|---|
| | tacú le bainistíocht na scoile le cúrsaí Gaeilge. | |
| | Tugtar le fios sa taighde seo go dteastaíonn deiseanna nuálacha forbartha gairmiúla ó mhúinteoirí aonaid chomh maith le tacaíocht leanúnach chun croí-inniúlachtaí an tumoideachais a fhorbairt, mar shampla, úsáid na teanga i seomra ranga an aonaid agus lasmuigh de araon a chur chun cinn, comhtháthú na teanga agus an ábhair a fhorbairt, an teanga shonrach atá ag teastáil chun dul i ngleic le foghlaim an ábhair a theagasc. | Moltar plean maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le riachtanais aitheanta na foirne ó thaobh na foghlama gairmiúla de san aonad. Moltar chomh maith leas a bhaint as an bpróiséas féinmheastóireachta scoile san aonad chun dul i ngleic le réimsí den fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí atá le forbairt, chun láidreachtaí a cheiliúradh agus chun cultúir fiosrúcháin a ghiniúint. |
| | Aithnítear sa taighde seo go bhfuil rathúlacht an aonaid ag brath ar inniúlacht teanga mhúinteoirí an aonaid. | Ní mór do mhúinteoirí an aonaid leibhéil arda inniúlachta teanga sa Ghaeilge a bheith acu, ailínithe le táscairí reatha aitheanta (i. C1 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha), le go mbeidh ar a gcumas an t-ionchur agus an t-aiseolas is gá a thabhairt chun inniúlacht na scoláirí sa tumtheanga a fhorbairt mar aon le timpeallacht shaibhrithe foghlama teanga atá éifeachtach a chruthú. |
| **Foghlaim** | Sonraítear sa taighde seo nach i gcónaí a chuirtear Sonraíocht T1 don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm san aonad mar bíonn múinteoirí in amhras faoin easpa inniúlachta atá ag scoláirí le tabhairt fúithi. | Is den tábhacht é go mbeadh ionchais níos airde ag múinteoirí an aonaid ó thús maidir le cumas scoláirí tabhairt faoi Shonraíocht T1 don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Moltar do mhúinteoirí athbhreithniú agus saibhriú a dhéanamh ar a gcleachtais teagaisc ionas go mbeadh scoláirí in ann |

| | | |
|---|---|---|
| | | Sonraíocht T1 don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh. |
| | Tugtar le fios sa taighde seo go ndéantar na hábhair a mheas i mBéarla, i scrúduithe inmheánacha agus i scrúduithe stáit, mar bíonn múinteoirí den tuairim nach bhfuil a ndóthain inniúlachta ag scoláirí na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge. | Moltar do mhúinteoirí an aonaid ionchais níos airde a bheith acu ó thús maidir le cumas scoláirí an aonaid scrúduithe a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Chuige sin, moltar do mhúinteoirí athbhreithniú agus saibhriú a dhéanamh ar chleachtais teagaisc le béim ar leith ar chomhtháthú na teanga agus an ábhair chun go mbeadh ar chumas scoláirí tabhairt faoi scrúduithe go lán-mhuiníneach trí mheán na Gaeilge. Ina theannta sin, ba chóir do Choimisiún na Scrúduithe Stáit cúram a dhéanamh ar shaincheist na téarmaíochta i nGaeilge sna scrúduithe stáit sna hábhair éagsúla. |
| | Léiríonn an taighde seo go mbíonn scoláirí an tumoideachais dhéanaigh (i. scoláirí nár fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge) ag déanamh scrúduithe stáit sa Bhéarla mar bíonn na múinteoirí den tuairim nach bhfuil a ndóthain inniúlachta ag scoláirí | Moltar don Roinn Oideachais uaireanta breise do thacaíocht teanga a dháileadh ar aonaid ar mhaithe le sprioc-chláir tacaíochta teanga[16] a fhorbairt chun tacú le scoláirí an tumoideachais dhéanaigh. Is ar an mbonn seo a leanas a mholtar líon na n-uaireanta breise a sholáthar. |

[16] Moltar na réimsí seo a leanas do sprioc-chláir tacaíochta teanga: measúnú foirmitheach/suimitheach; teagasc agus tacaíocht aonair; deiseanna foghlama leathnaithe; eispéiris tumoideachais sa Ghaeltacht; monatóireacht rialta ar dhul chun cinn; forbairt ghairmiúil an mhúinteora; rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí.

<table>
<tr><td></td><td>na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge.</td><td><table><tr><th>Líon scoláirí san aonad</th><th>Uaireanta breise do thacaíocht teanga sa tseachtain</th></tr><tr><td>1-59</td><td>11</td></tr><tr><td>60-99</td><td>15</td></tr><tr><td>100-139</td><td>19</td></tr><tr><td>>140</td><td>22</td></tr></table><br>Cuireadh ciorclán 0053/2007 san áireamh anseo.</td></tr>
<tr><td></td><td>Nochtar gur dúshlán leanúnach é an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide, mar theanga an teagaisc agus mar theanga an tsóisialaithe de bharr deiseanna teoranta le haghaidh foghlaim, sealbhú agus úsáid laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.</td><td>Moltar tionscnaimh chuimsitheacha um nochtadh teanga a bhunú san aonad agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh: imeachtaí tumoideachais teanga, tacaíocht piaraí don Ghaeilge a chothú trí chórais charad teanga nó cláir phiarmheantóireachta a chruthú, ardáin dhigiteacha a úsáid chun nochtadh teanga a leathnú lasmuigh den seomra ranga, clár ambasadóirí teanga[17] a bhunú, measúnuithe teanga rialta a chur i bhfeidhm chun leibhéil inniúlachta a mheas agus réimsí le feabhsú a aithint, gnóthachtálacha teanga san aonad a aithint agus a cheiliúradh.</td></tr>
<tr><td></td><td>Aithnítear sa taighde seo go bhfuil deacrachtaí suntasacha ag scoláirí le hoiriúntacht na teanga sna téacleabhair Ghaeilge agus mar thoradh, úsáidtear téacsleabhair Bhéarla go tráthrialta.</td><td>Moltar don Roinn Oideachais polasaí ar leith a dhréachtadh dírithe ar: critéir a aithint i dtaca le héilimh teanga i dteagasc ábharbhunaithe d'fhoilsitheoirí na dtéacsleabhar, stíl agus réim teanga a chur in oiriúint sna téacsleabhair, sainfhoclóir agus foirm na teanga a bheith mar chuid</td></tr>
</table>

[17] scoláirí a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn go gníomhach san aonad

| | | |
|---|---|---|
| | | lárnach i ngach mír sna leabhair ábhair éagsúla. |
| | Aithnítear go bhfuil teorainn le gníomhaíochtaí seach-churaclaim a bhaineann le húsáid agus le sealbhú na Gaeilge san aonad. | Moltar bearta réamhghníomhacha chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim a leathnú agus a éagsúlú, ina measc, imeachtaí rialta a eagrú a éilíonn úsáid na Gaeilge, comhpháirtíochtaí a chothú le pobail nó eagraíochtaí áitiúla Gaeilge, campaí tumoideachais teanga nó campaí deireadh seachtaine a eagrú sa Ghaeltacht inar féidir le scoláirí dul i ngleic le timpeallacht lán-tumtha Gaeilge, cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí, filí, údair, nó ealaíontóirí atá inniúil sa Ghaeilge ceardlanna nó seimineáir a stiúradh, comórtais Ghaeilge a eagrú, ar nós díospóireachtaí, comórtais scéalaíochta, nó léirithe drámaíochta, an Ghaeilge a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí spóirt agus caithimh aimsire, leas a bhaint as an teicneolaíocht chun tionscnaimh atá dírithe ar theanga a chruthú, amhail fóraim ar líne, blaganna nó podchraoltaí, comhoibriú le cumainn tuismitheoirí chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim teanga a thacú agus a eagrú, éileamh agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim a mheas go rialta, agus gníomhaíochtaí a sholáthar bunaithe ar roghanna agus aiseolas na scoláirí. |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuirtear in iúl sa taighde seo nach i gcónaí a fhorbraítear dílseacht do shainmheon na Gaeilge i dtimpeallacht na hóstscoile i measc scoláirí an aonaid. | Moltar do mhúinteoirí scoláirí an aonaid a threorú agus a chumasú chun scileanna feasachta aistrithe teanga (i. ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla) a úsáid, le bheith dílis do nósanna imeachta teanga an aonaid, i. go gcasfadh scoláirí ar ais go nádúrtha ar an nGaeilge más gá dóibh Béarla a úsáid i dtimpeallacht na hóstscoile. |
| **Tuismitheoirí** | Sonraítear sa taighde go gcuireann tuismitheoirí imní in iúl nach bhfuil soláthar iomlán ábhar trí Ghaeilge ar fáil dá bpáistí san aonad. | Moltar eolas cruinn beacht maidir leis an soláthar ábhar trí Ghaeilge a roinnt le tuismitheoirí ar chlárú a bpáistí san aonad. Chuige sin, moltar leas a bhaint as oíche oscailte an aonaid, bróisiúr an aonaid, lámhleabhar an aonaid, suíomh idirlín an aonaid, srl. |
| | Léirítear sa taighde go gcuireann tuismitheoirí imní in iúl, ceal eolais agus tacaíochta, faoi na bealaí is éifeachtaí chun tacú lena bpáistí san aonad. | Ní mór clár tacaíochta cuimsitheach do thuismitheoirí a bhunú lena n-áirítear ceardlanna agus seisiúin eolais, soláthar acmhainní teanga, líonraí tacaíochta, ardáin foghlama teanga ar líne, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus seomra tuismitheoirí. |

## Conclúid

Sa chaibidil seo, cuirtear conclúidí agus moltaí ábhartha i láthair mar a bhaineann leis na haonaid reatha. Sa chéad chaibidil eile, aithnítear múnla athchoincheapaithe tumoideachais iar-bhunleibhéil agus cuirtear táscairí feabhsúcháin i láthair chun fís agus straitéis an tumoideachais lán-Ghaeilge a threorú, a shaibhriú agus a neartú sa tír seo.

## Caibidil 6: Múnla athchoincheapaithe don todhchaí

### Réamhrá

Aithnítear múnla nua tumoideachais sa chaibidil seo. I bhfianaise na hanailíse a rinneadh ar shonraí an taighde áirithe seo, aithnítear múnla nua athchoincheapaithe tumoideachais. Ina theannta sin, cuirtear moltaí i láthair an léitheora a bhaineann go sonrach le bunú an mhúnla athchoincheapaithe seo. Chomh maith leis sin, rianaítear táscairí a thacóidh leis an múnla athchoincheapaithe a chur i bhfeidhm agus dul i dtreo feabhsúcháin. Úsáidtear *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* mar léiriú ar an múnla athchoincheapaithe, mar shampla, 'Gaelcholáiste Fhionnbarra, scoil de chuid Choláiste na Laoi'.

### Moltaí a bhaineann leis an múnla athchoincheapaithe

**Tábla 15: Moltaí a bhaineann le múnla athchoincheapaithe an tumoideachais**

| BUNÚ | |
|---|---|
| **Réimse** | **Moltaí** |
| **Sainmhíniú** | Is den tábhacht é go dtabharfaidh *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*, faoi shainmhíniú a dhéanamh air féin i dtéarmaí féiniúlacht agus éiteas ar leith mar shuíomh tumoideachais. |
| | Moltar go leagfar síos téarmaíocht chinnte maidir le sainmhínithe agus róil fhoireann *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* agus go gcloífear leis an téarmaíocht sin, ní hamháin sa chleachtas laethúil ach sa chomhfhreagras agus sa cháipéisíocht uile a bhaineann leis chomh maith, i dtreo is go mbeidh an léamh agus an tuiscint cheannann chéanna ag na páirtithe leasmhara ar an téarmaíocht sin. |
| **Éileamh** | Moltar go mbeadh critéir chinnte agus polasaí trédhearcach i bhfeidhm maidir le bunú *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* amach anseo. |
| | Is den tábhacht é go soiléireofar an t-ionrollú faoi leith nó an líon scoláirí is gá a bheith ann sula dtugtar faomhadh do bhunú *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. |
| **Fís** | Táthar ag moladh go bhforbrófar fís chomhaontaithe an tumoideachais ar bhunú *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* agus go neartófar fís an tumoideachais de réir mar a thagann forbairt ar *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. Moltar go |

| | |
|---|---|
| | ndéanfar treisiú ar an bhfís sin trí phróiseas na féinmheastóireachta scoile agus i gcur i bhfeidhm aon phlean gníomhaíochta a leagfar amach. |
| **Feasacht agus cumarsáid** | Moltar don Roinn Oideachais, i gcomhar le *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*, straitéis mhargaíochta, rollacháin agus chumarsáide a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina gcuirtear béim shonrach ar luach, ar phrionsabail agus ar bhuntáistí an tumoideachais i dtreo is go mbeidh bunscoileanna friothálacha ar an eolas fúthu. |
| **Pátrúin** | Ní mór ról réamhghníomhach a bheith ag na pátrúin i mbunú agus i mbuanú *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*, ról faoina ndéantar beartais an tumoideachais a chur chun cinn. |
| | Moltar do phátrúin go sainítear an comhghaol idir na páirtithe leasmhara uile ó staid a bhunaithe (mar shampla, an Roinn Oideachais, an chigireacht san áireamh, an pobal áitiúil agus na heagrais ábhartha Ghaeilge) ar mhaithe le hionchais na bpáirtithe leasmhara a chomhaontú maidir leis an soláthar tumoideachais. |
| | Ní foláir do phátrúin treoir agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* agus é ag dul i dtreo neamhspleáchais. |
| **An Roinn Oideachais** | Is gá don Roinn Oideachais plean forbartha réamhghníomhach mar aon le saintreoir a chur ar fáil dírithe ar thosca inbhuanaitheachta ar leith, ina measc, soláthar trí mheán na Gaeilge, earcaíocht múinteoirí, forbairt ghairmiúil, leithdháileadh acmhainní, measúnú, rannpháirtíocht an phobail, margaíocht, maoiniú caipitiúil agus cóiríocht oiriúnach. |
| | Ní foláir don Roinn Oideachais, i gcomhairle le pátrúin, pleanáil chomhordaithe mar aon le struchtúr, comhsheasmhacht agus nósanna imeachta a aithint agus a chinntiú chun forbairt agus buanú an tsoláthair oideachas trí mheán na Gaeilge i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a threisiú. |
| | Moltar don Roinn Oideachais uimhir rolla ar leith a bhronnadh ar *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* ó staid a bhunaithe ar aghaidh. |

Ní mór don Roinn Oideachais sainchóiríocht bhuan a chur ar fáil do *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* ó staid bhunaithe.

Moltar don Roinn Oideachais polasaí rollacháin a dhearadh ina soiléirítear líon leordhóthanach scoláirí chun inbhuanaitheacht *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a dheimhniú, agus comhthéacsanna agus tosca éagsúla logánta á gcur san áireamh.

Ní mór don Roinn Oideachais feachtas feasachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun foireann teagaisc agus neamhtheagaisc a mhealladh agus a earcú do *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*.

Moltar don Roinn Oideachais uaireanta breise do thacaíocht teanga a leithdháileadh ar *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* ar mhaithe le sprioc-chláir tacaíochta teanga[18] a fhorbairt chun an tumoideachas a neartú. Is ar an mbonn seo a leanas a mholtar líon na n-uaireanta breise a sholáthar.

| Líon scoláirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* | Uaireanta breise do thacaíocht teanga sa tseachtain |
|---|---|
| 1-59 | 11 |
| 60-99 | 15 |
| 100-139 | 19 |
| >140 | 22 |

Cuireadh ciorclán 0053/2007 san áireamh anseo.

Ní foláir don Roinn Oideachais critéir chinnte thrédhearcacha a chur ar fáil do phátrúin chun tacú leo an tumoideachas a chur chun cinn i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*.

Moltar don Roinn Oideachais táscairí córasacha trédhearcacha a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas a dhearadh agus a sholáthar ar mhaithe le teagasc agus foghlaim a mheas mar aon le cáilíocht an tsoláthair i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a neartú.

[18] Moltar na réimsí seo a leanas do sprioc-chláir tacaíochta teanga: measúnú foirmitheach/suimitheach; teagasc agus tacaíocht aonair; deiseanna foghlama leathnaithe; eispéiris tumoideachais sa Ghaeltacht; monatóireacht rialta ar dhul chun cinn; forbairt ghairmiúil an mhúinteora; rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí.

| | |
|---|---|
| | |
| | Is den riachtanas é go mbeadh meastóireacht sheachtrach leanúnach ar siúl agus tacaíocht chuí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais (i. an Chigireacht) chun tacú le *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* feasacht a chothú i leith na réimsí ar gá iad a fhorbairt agus ar gá tacú leo dul i dtreo feabhsúcháin. |
| | Ní mór don Roinn Oideachais comhsheasmhacht cleachtais a chinntiú i measc na gcigirí mar a bhaineann le meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. |
| | Moltar don Roinn Oideachais abhcóideacht a dhéanamh i measc an phobail i gcoitinne maidir le rath an tumoideachais. |
| | Ní mór don Roinn Oideachais rannóg ar leith a aithint, a fheidhmíonn trí Ghaeilge, le freastal ar shainriachtanais scoileanna tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal chun comhairle, treoir agus tacaíocht atá comhsheasamh agus a bhfuil bonn eolais fúthu a chur ar fáil. |
| | Moltar an liúntas don teagasc trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do mhúinteoirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* chun tacú le dúshláin earcaíochta san earnáil oideachais lán-Ghaeilge a shárú. |
| | Tá sé den riachtanas infheistíocht phráinneach a dhéanamh ar oideachas tosaigh múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí chun cur lena n-inniúlacht i múineadh ábhar éagsúil trí Ghaeilge. |

### Táscairí i dtreo feabhsúcháin a bhaineann leis an múnla athchoincheapaithe

Léiríodh mar thoradh ar an taighde seo go bhfuil athchoincheapú riachtanach do thodhchaí an tumoideachais. Rianaítear anseo thíos táscairí mar threoir chun an t-athchoincheapú a chur a bhfeidhm, athchoincheapú a dhaingníonn dea-chleachtais an tumoideachais.

Is féidir leis na táscairí tacú le *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* cáilíocht an tsoláthair reatha a mheas. Moltar aghaidh a thabhairt ar na táscairí, ceann ar cheann, agus mion-iniúchadh a dhéanamh orthu trí ghabháil do phróiseas atriallach na féinmheastóireachta scoile.

Is féidir leas a bhaint as na táscairí aitheanta chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tacú leis an mbainistíocht fís a bhunaithe a fhorbairt agus a chur in iúl;
- bonn eolais a chur faoin gceannaireacht agus faoin gcleachtas tumoideachais ar leibhéal na bainistíochta, na forbartha curaclaim, an dearaidh ábhair, an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe;
- múinteoirí a spreagadh agus a chumasú chun iniúchadh a dhéanamh ar a gcleachtas ar bhealach domhain, córasach agus machnamhach mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil leanúnach;
- plean *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a dhearadh chun prionsabail an tumoideachais a chur i bhfeidhm agus chun caílíocht an tsoláthair a dhearbhú.

**Tábla 16: Táscairí i dtreo feabhsúcháin: Bainistiú**

| BAINISTIÚ | |
|---|---|
| **Réimse** | **Táscairí** |
| **Príomhoide Tánaisteach** | Tá polasaí earcaíochta i bhfeidhm ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* chun múinteoirí atá inniúil sa Ghaeilge agus sa teagasc trí mheán na Gaeilge a earcú. |
| | Tá plean straitéiseach ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* ina léirítear buntáistí agus sainriachtanais a bhaineann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge mar aon le deiseanna forbartha gairmiúla i raon scileanna bainistíochta, oideolaíochta agus teanga. |
| | Tá príomhoide tánaisteach ceaptha, agus an liúntas cuí á íoc leis, ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* Tá údarás agus stádas ar leith ag an bpríomhoide tánaisteach i mbainistiú laethúil *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |
| | Tá ról an phríomhoide thánaistigh leagtha amach, i gcomhpháirt le príomhoide na hóstscoile, agus cuimsítear ann rollachán, curaclam, riachtanais foirne, earcú múinteoirí, forbairt ghairmiúil múinteoirí, eagrú amchláir, cóiríocht, cothabháil, buiséadú, straitéis mhargaíochta trí Ghaeilge, scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais speisialta acu, cumarsáid le tuismitheoirí, agus féiniúlacht *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a chur chun cinn. Tá an ról sin aontaithe i bhfoirm conartha. |

Cinntítear réimsí freagrachtaí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge mar ghné lárnach d'obair an phríomhoide thánaistigh. I measc na bhfreagrachtaí, aithnítear an Ghaeilge mar theanga an teagaisc, teanga na cumarsáide agus teanga an tsóisialaithe a threisiú, sainmheon na Gaeilge i measc na foirne a shaibhriú, an cultúr Gaelach taobh amuigh agus taobh istigh de *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a chothú, gníomhaíochtaí agus imeachtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a eagrú, caidreamh leis na heagrais Ghaeilge agus an pobal áitiúil a neartú.

Leithdháiltear líon uaireanta teagaisc an phríomhoide thánaistigh mar seo a leanas:

| Líon scoláirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* | Laghdú ar uaireanta teagaisc sa tseachtain don phríomhoide tánaisteach |
|---|---|
| 1-59 | 11 (50%) |
| 60-99 | 15 (70%) |
| 100-139 | 19 (85%) |
| >140 | 22 (100%) |

Baineann na figiúirí sa cholún ar chlé le ciorclán 0003/2018.

Baineann feidhm agus freagrachtaí an phríomhoide thánaistigh le *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* agus leis sin amháin. Cinntítear nach bhfuil aon dualgais bhreise ag an bpríomhoide tánaisteach san óstscoil.

Ceaptar an príomhoide tánaisteach trí chomórtas oscailte. Aithnítear an Ghaeilge mar aon lena t(h)aithí sa teagasc trí mheán na Gaeilge mar chritéir riachtanacha cheapacháin.

Tá príomhoide tánaisteach *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* mar bhall de bhord bainistíochta na hóstscoile.

Tá mír sheasmhach a bhaineann le héiteas, sainriachtanais agus riar *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* ar chlár na gcruinnithe boird óstscoile ar bhonn leanúnach.

Tá príomhoide chúnta I ceaptha mar chuid den bhainistíocht inmheánach scoile chun tacú leis an bpríomhoide tánaisteach *gaelcholáiste X, scoil de*

<table>
<tr><td></td><td>chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge, a bhainistiú. Leithdháiltear na huaireanta ar an mbonn seo:<br><br>
<table>
<tr><th>Líon scoláirí i ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge</th><th>Laghdú ar uaireanta teagaisc sa tseachtain do phríomhoide chúnta I</th></tr>
<tr><td>1-59</td><td>0</td></tr>
<tr><td>60-99</td><td>4.4 (20%)</td></tr>
<tr><td>100-139</td><td>7.7 (35%)</td></tr>
<tr><td>>140</td><td>11 (50%)</td></tr>
</table>
Baineann na figiúirí sa cholún ar chlé le ciorclán 0003/2018.</td></tr>
<tr><td></td><td>Eagraítear cruinnithe tráthrialta idir príomhoide na hóstscoile agus an príomhoide tánaisteach ionas go mbeidh deiseanna foirmeálta ann cinntí a ghlacadh a bhaineann go sonrach le gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge, agus leis sin amháin.</td></tr>
<tr><td></td><td>I gcomhairle le príomhoide na hóstscoile, eagraíonn an príomhoide tánaisteach clár forbartha gairmiúla leanúnaí a fhreastalaíonn ar shainriachtanais múinteoirí atá ag teagasc i ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.</td></tr>
<tr><td>Príomhoidí óstscoile</td><td>Tá an príomhoide óstscoile lán-fhabhrach d'fhorbairt agus do bhuanú ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.</td></tr>
<tr><td></td><td>I gcomhairle leis an bpríomhoide tánaisteach, tá pleananna réamhghníomhacha fáis agus forbartha deartha ag an bpríomhoide óstscoile agus aontaithe ag leibhéal an bhoird, chun gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge, a threorú i dtreo neamhspleáchais.</td></tr>
<tr><td></td><td>Freastalaíonn príomhoidí óstscoile go rialta ar fhorbairt ghairmiúil a bhaineann go sonrach le bainistiú agus le feidhmiú ionaid tumoideachais nach bhfuil lonnaithe ar láthair na hóstscoile agus glacann siad páirt i líonraí éagsúla mar thaca dóibh féin.</td></tr>
<tr><td></td><td>Cinntíonn an príomhoide óstscoile go bhfuil ionchais arda i measc na foirne, foireann ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge ina measc, maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Bord bainistíochta** | Tá polasaí earcaíochta ar leith ceaptha ag bord bainistíochta na hóstscoile do *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* ina gcuirtear béim ar inniúlacht an iarrthóra sa Ghaeilge agus sa teagasc trí mheán na Gaeilge. |
| | Tá polasaí earcaíochta ar leith ceaptha ag an mbord bainistíochta do *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* le cinntiú go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ag an bhfoireann neamhtheagaisc. |
| | Tá tuismitheoir ó *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* mar bhall den bhord bainistíochta. |
| | Tá fochoiste de Bhord Bainistíochta na hóstscoile[19], a bhfuil d'acmhainn aige feidhmiú trí mheán na Gaeilge, freagrach as comhairle a chur ar an mbord maidir le polasaithe, curaclam, riachtanais foirne, riachtanais acmhainní, cóiríocht agus cothabháil *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. |
| | Tá baill an bhoird bainistíochta eolach agus inniúil i leith phrionsabail agus chleachtais an tumoideachais. |
| | Tá struchtúr foirmeálta cumarsáide aontaithe idir bainistíocht na hóstscoile agus *gaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* le cinntiú go gcuirtear a chuid sainriachtanais san áireamh go seasta i gclár oibre na scoile. |
| | Tá an príomhoide tánaisteach mar bhall den bhord ceapacháin d'fholúntais i *ngaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |

[19] Moltar mar bhaill an fhochoiste: an príomhoide tántaisteach, príomhoide na hóstscoile, beirt thuismitheoirí, ionadaí foirne an aonaid, ionadaí ón bpobal áitiúil

**Tábla 17: Táscairí i dtreo feabhsúcháin: Soláthar**

| SOLÁTHAR | |
|---|---|
| Réimse | Táscairí |
| **Soláthar ábhair**<br><br>(Tá acmhainn an aonaid chun ábhair a sholáthar trí Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí ag brath ar roinnt tosca atá idirnascach agus casta mar atá curtha i láthair anseo.) | Tá polasaí um leithdháileadh múinteoirí deartha agus curtha i bhfeidhm a chinntíonn go bhfuil líon imleor múinteoirí inniúil sa Ghaeilge cáilithe chun raon leathan ábhar a theagasc trí mheán na Gaeilge i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |
| | Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ar mhianach na foirne óstscoile lán-Ghaeilge chun bearnaí soláthair i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a aithint agus a líonadh. |
| | Tá tumadh iomlán sa Ghaeilge ar bun d'fhoghlaimeoirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* mar aon le cleachtadh ar a húsáid chun gnóthachtáil na scoláirí san ábhar a chinntiú. |
| | Cuirtear gach ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |
| **Foireann teagaisc *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*** | Tá fís choiteann mar aon le hionchais arda i leith an tumoideachais pléite, aontaithe agus curtha i bhfeidhm ag foireann *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |
| | Tá forbairt ghairmiúil leanúnach dírithe ar shainriachtanais teagaisc agus foghlama an tumoideachais, le béim shonrach ar an tumoideachas déanach, á cur ar fáil do mhúinteoirí *ghaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* chun ardú feasachta agus ionchais arda a chinntiú. |
| | Tá baill foirne thiomnaithe lonnaithe i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* amháin ar mhaithe le dea-chleachtais a roinnt agus le riar straitéiseach a dhéanamh ar shainriachtanais fáis agus forbartha. |
| | Tá plean coinneála foirne agus forbartha gairmiúla ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*, lena n-áirítear clár ionduchtúcháin, cláir mheantóireachta agus deiseanna oiliúna leanúnacha do na baill foirne uilig. |

| | |
|---|---|
| | |
| | Tá polasaí ionadaíochta ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a chinntíonn go bhfuil fáil ar an líon is airde múinteoirí ionaid a bhfuil Gaeilge acu agus atá oilte chun ábhair éagsúla a theagasc i suíomh tumoideachais. |
| | Tugtar am le haghaidh comhoibriú pleanála, machnamh foirne agus forbairt cumais teanga agus teagaisc do mhúinteoirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge,* chun freastal ar shainriachtanais teagaisc agus foghlama an tumoideachais. |
| | Baintear leas as an bpróiséas féinmheastóireachta scoile i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* chun láidreachtaí a cheiliúradh agus cultúr fiosrúcháin a ghiniúint, mar aon le freastal a dhéanamh ar réimsí feabhais. |
| | Tá leibhéil arda inniúlachta teanga sa Ghaeilge ag múinteoirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*, atá ailínithe le táscairí reatha aitheanta (i. C1 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha), chun inniúlacht na scoláirí sa tumtheanga a fhorbairt mar aon le timpeallacht shaibhrithe foghlama teanga a chruthú. |
| **Foghlaim** | Tá athbhreithniú leanúnach ar cháilíocht an tsoláthair ar siúl ag múinteoirí i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* le cinntiú go bhfuil cáilíocht na foghlama tumoideachais ar ardchaighdeán. |
| | Tá béim shonrach á cur ar chomhtháthú na teanga agus an ábhair le cinntiú go bhfuil sé ar chumas scoláirí scrúduithe sna hábhair uilig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. |
| | Tá réimse leathan téacsleabhair Ghaeilge in úsáid chun nochtadh, sealbhú agus úsáid teanga a chur chun cinn sna hábhair éagsúla. |

| | |
|---|---|
| | Tá tionscnaimh chuimsitheacha um nochtadh teanga ar bun i *ngaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas: imeachtaí tumoideachais teanga, tacaíocht piaraí don Ghaeilge a chothú trí chórais charad teanga nó cláir phiarmheantóireachta a chruthú, ardáin dhigiteacha a úsáid chun nochtadh teanga a leathnú lasmuigh den seomra ranga, clár ambasadóirí teanga a bhunú i. scoláirí a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn go gníomhach, measúnuithe teanga rialta a chur i bhfeidhm chun leibhéil inniúlachta a mheas agus réimsí le feabhsú a aithint, gnóthachtálacha teanga i *ngaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* a aithint agus a cheiliúradh. |
| | Tá bearta réamhghníomhacha deartha agus á gcur i bhfeidhm i *ngaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim a leathnú agus a éagsúlú, ina measc, imeachtaí rialta a eagrú a éilíonn úsáid na Gaeilge, comhpháirtíochtaí a chothú le pobail nó eagraíochtaí áitiúla Gaeilge, campaí tumoideachais teanga nó campaí deireadh seachtaine a eagrú sa Ghaeltacht inar féidir le scoláirí dul i ngleic le timpeallacht lán-tumtha Gaeilge, cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí, filí, údair, nó ealaíontóirí atá inniúil sa Ghaeilge ceardlanna nó seimineáir a stiúradh, comórtais Ghaeilge a eagrú, ar nós díospóireachtaí, comórtais scéalaíochta, nó léirithe drámaíochta, an Ghaeilge a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí spóirt agus caithimh aimsire, leas a bhaint as an teicneolaíocht chun tionscnaimh atá dírithe ar theanga a chruthú, amhail fóraim ar líne, blaganna nó podchraoltaí, comhoibriú le cumainn tuismitheoirí chun tacú le gníomhaíochtaí seach-churaclaim teanga agus chun iad a eagrú, éileamh agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim a mheas go rialta, agus gníomhaíochtaí a sholáthar bunaithe ar roghanna agus aiseolas na scoláirí. |
| | Déanann múinteoirí scoláirí a threorú agus a chumasú chun scileanna trasteangaithe (i. ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla) a úsáid, le bheith dílis do nósanna imeachta teanga *ghaelcholáiste X*, *scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge.* |

| | |
|---|---|
| **Tuismitheoirí** | Tá clár tacaíochta cuimsitheach do thuismitheoirí i bhfeidhm i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* lena n-áirítear ceardlanna agus seisiúin eolais, soláthar acmhainní teanga, líonraí tacaíochta, ardáin foghlama teanga ar líne, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus seomra tuismitheoirí. |

**Tábla 18: Táscairí i dtreo feabhsúcháin: Buanú**

| BUANÚ | |
|---|---|
| **Réimse** | **Táscairí** |
| **Féiniúlacht** | Tá féiniúlacht dá chuid féin á cur chun cinn ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. |
| **Polasaithe agus pleanáil** | Polasaithe tumoideachais lena n-áirítear polasaí teanga chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, polasaí soláthair ábhar trí mheán na Gaeilge, polasaí teagaisc trí mheán na Gaeilge, polasaí iontrála, polasaí earcaíochta, polasaí margaíochta, polasaí maidir le hidirghníomhú leis an óstscoil lán-Ghaeilge, tá na polasaithe sin forbartha agus á gcur i bhfeidhm i *ngaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge*. |
| | Tá polasaithe/beartais mar aon le plean gníomhaíochta dá chuid féin ag *gaelcholáiste X, scoil de chuid na hóstscoile lán-Ghaeilge* neamhspleách ar an óstscoil lán-Ghaeilge agus ról lárnach ag an bhfoireann i gcumadh, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú na bpolasaithe/mbeartas éagsúil. |
| | Úsáidtear an próiséas féinmheastóireachta scoile mar atá molta ag an Roinn Oideachais (*Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026,* lena n-áirítear Ciorclán 0056/2022) chun cáilíocht an tsoláthair trí mheán na Gaeilge a threisiú. |

## Conclúid

Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair moltaí a bhaineann go sonrach le bunú múnla athchoincheapaithe tumoideachais. Ina dhiaidh sin, rianaítear táscairí i dtreo feabhsúcháin mar threoir chun an t-athchoincheapú a dhaingniú ar mhaithe le dea-chleachtais an tumoideachais a chur chun cinn. Ina theannta sin, tugtar treoir ar conas leas a bhaint as na táscairí chun an próiséas féinmheastóireachta scoile a neartú. Tá túsphointe le haghaidh gníomhaíochta le fáil sa tuarascáil seo chun borradh a chur faoin tumoideachas lán-Ghaeilge iar-bhunleibhéil agus chun é a fhairsingiú sa tír seo.

## Tagairtí


Alencastre, M., & Kawaiʻaeʻa, K. (2018). Distinctive pathways of preparing Hawaiian language medium-immersion educators. In P. Whitinui, M. Rodríguez de France, agus O. McIvor (Eag.), *Promising practices in Indigenous teacher education* (lgh. 131–147). Springer.

An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna (CCS) (2004). *Critéir agus nósanna imeachta chun soláthar trí mheán na Gaeilge a bhunú agus a choimeád ar siúl i scoileanna aonair dara leibhéal nó i gcnuasaigh scoileanna.* Baile Átha Cliath: An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna.

An Roinn Oideachais (2022). *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht Soláthar Reatha agus Réamh-mheastacháin don Todhchaí*, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Baker, C., agus Jones, S. P. (1998). *Encyclopaedia of bilingualism and bilingual education.* Clevedon: Multilingual Matters.

Brown, R. agus Bennett, K. (2017). *Elementary French Immersion Program Review.* Mississauga: Peel District School Board, le fáil ar: https://www.peelschools.org/documents/Elementary-FI-Program-Review.pdf/Elementary-FI-Program-Review.pdf

Cammarata, L. agus Haley, C. (2018). Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: A professional development *journey. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3), 332–348.

Cammarata, L. agus Ó Ceallaigh, T.J. (eag.) (2020). *Teacher development for immersion and content-based instruction*. Benjamins.

Cohen, L., Manion, L. agus Morrison, K. (2007). *Research Methods in Education*, London: Taylor & Francis Group.

Dörnyei, Z. (2007). *Research methods in applied linguistics*. Oxford: Oxford Applied Linguistics.

Dörnyei, Z. agus Csizér, K. (2012). 'How to design and analyze surveys in second language acquisition research' in Mackey, A. agus Gass, S. M., (eag.), *Research Methods in Second Language Acquisition: A practical guide*, Blackwell Publishing Ltd.

Gaeloideachas (2020). *Polasaí Gaeloideachas maidir le hAonaid lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.

Genesee, F. agus Lindholm-Leary, K (2013). Two cases of content-based education*. Journal of Immersion and Content-based Language Education.* 1(1) 3-33.

Genesee, F., Lindholm-Leary, K. J., Saunders, W. agus Christian, D. (2006). *Educating English language learners.* Nua-Eabhrac, NY: Cambridge University Press.

Guba, E. G. (1981). ERIC/ECTJ Annual Review Paper: Criteria for Assessing the Trustworthiness of Naturalistic Inquiries. *Educational Communication and Technology*, *29*(2), 75–91. http://www.jstor.org/stable/30219811

Harris, J. agus Ó Laoire, M. (2006). *Language and literacy in Irish-medium primary schools: A review of the literature.* Baile Átha Cliath: CNCM

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S agus O' Gorman, M. (2006). *An Ghaeilge sna bunscoileanna. Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Hill, R. (2022). The pedagogical practices of Māori partial immersion bilingual programmes in Aotearoa/New Zealand, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 25:3, 895-904, DOI: 10.1080/13670050.2020.1729693

Hunt V. (2011). Learning from success stories. Leadership structures that support dual language programs over time in New York City. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 14(2): 187-206.

Johnson, R.B. agus Onwuegbuzie, A.J. (2004). Mixed methods research: A research paradigm whose time has come' *Educational Researcher,* 33(7), 14-26, le fáil ar: http://dx.doi.org/10.3102/0013189X033007014.

Johnstone, R. (2001). *Immersion in a second or additional language at school: Evidence from International research*. Sterling: Scottish Centre for Teaching and Research.

Lambert, W. E., & Tucker, G. R. (1972) *The bilingual education of children: The St. Lambert experiment.* Rowley, MA: Newbury House.

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach.* Amstardam: John Benjamins.

Maguire, G. (1990) *Our Own Language*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Maguire, G. (2006) *St Mary's University College and Irish-Medium Teacher Training.* In D. Ó Riagáin, (eag.), *Voces Diversae: Lesser-Used Language Education in Europe*. Belfast Studies in Language, Culture and Politics, 15. Béal Feirste: QUB

Mhic Aoidh, E. (2021) *Inniúlachtaí teanga na múinteoirí sa lántumadh luath.* In Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.), *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais? An Dara Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Chlochasaigh, K., Shiel, G. agus Ó Duibhir, P. (2020). *Iniúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste* [An investigation into immersion education for pupils in Irish-medium schools in areas in social disadvantage]. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Ní Longaigh, E. (2016). Scileanna teanga a fheabhsú i bpáistí ar ardchaighdeán Gaeilge: Scagadh ar na dea-chleachtais atá i bhfeidhm i ngaelscoileanna. In Ó Ceallaigh, TJ agus Ó Laoire, M (2021) *An tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais*. Baile Átha Cliath: COGG lgh. 41-53.

Nig Uidhir, G. agus Ó Ceallaigh, T.J. (2023). Unmasking essential Irish-medium immersion-specific teacher competences. *Irish Journal of Education (IJE)*, 47(6), 53-75. www.erc.ie/IJE/special-issue.

Ó Cathalláin, S., Nig Uidhir, G., Ó Duibhir, P. (2016) An Gaeloideachas: Aistear fáis agus forbartha. Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Laoire, M (2016) *An tumoideachas: Bua nó Dua*. Baile Átha Cliath: COGG lgh 132-142.

Ó Ceallaigh T.J., Ó Laoire M. & Uí Chonghaile, M. (2019). *Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh*. Tuarascáil Taighde, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ní Shéagdha, A. (2017). *I dtreo barr feabhais. Dea-chleachtais san Oideachas lán-Ghaeilge.* Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Laoire, M (2016). *An tumoideachas. Bua nó dua*? Baile Átha Cliath: COGG.

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Laoire, M (2021). *An tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais*. Baile Átha Cliath: COGG lgh. 132-141.

Ó Ceallaigh, T.J. agus Shéaghdha, A. (2021). Leadership and school self-evaluation in Irish-medium immersion: A roadmap for success. *Educational Management Administration & Leadership*, https://doi.org/10.1177/17411432211015218

Ó Ceallaigh, T.J., Leavy, A. agus Hourigan, M. (2018). Developing potentiality: Pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* DOI:10.1080/13670050.2018.1489779.

Ó Ceallaigh, T.J., Ní Mhurchú, S. agus Ní Chróinín, D. (2016). Balancing content and language in CLIL: The experiences of teachers and learners. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education,* 5(1) 58-86, DOI:10.1075/jicb.5.1.03oce.

Ó Duibhir, P., (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Multilingual Matters.

Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L. agus Cosgrove, J. (2017). *An analysis of models of provision for Irish-medium Education*. Baile Átha Cliath: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas

Ó Freaghaile, S. (2021). *Cad iad na dúshláin uathúla atá le sárú ag Aonaid lán-Ghaeilge nuair a bhíonn sruth Béarla agus sruth Gaeilge ar fáil ar aon láthair amháin*? Tráchtas M.Oid. neamhfhoilsithe, Coláiste Mhuire gan Smál.

Ó hAiniféin, D. (2007) *Iniúchadh ar na múnlaí tumoideachais reatha i nGaelscoileanna i bPoblacht na hÉireann agus ar na caighdeáin ghnóthachtála i léitheoireacht an Bhéarla iontu*. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tráchtas M.Oid., neamhfhoilsithe.

O' Hanlon, F., McLeow, W. agus Patterson, L. (2010) *Gaelic-medium education in Scotland: choice and attainment at the primary and early secondary school stages*, Dún Éideann: University of Edinburgh.

Skenton, A.K. (2004). Strategies for ensuring trustworthiness in qualitative research projects. *Education for Information* 22: 63-75.

Swain, M, agus Johnson, R. (1997). Immersion education: A category within bilingual education. In Swain, M, agus Johnson, R. (Eag.) *Immersion education: International perspectives.* Cambridge. Cambridge University Press.

Tedick, D.J. agus Lyster, R. (2020). *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms.* Nua-Eabhrac: Routledge.

Walsh, C (2007).*Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

White, P. (2017) *Developing Research Questions,* 2ú heag., Hampshire: Palgrave Macmillan.

## Aguisín 1

**Scagadh ar thuairiscí meastóireachta ar na haonaid lán-Ghaeilge**

| | Uimhir Rolla | Ainm na Scoile | Ainm an Aonad | Dáta agus Ábhair | Ráiteas |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 70830N | Ennis Community College | Gaelcholáiste an Chláir (A) | 2023 Corpoideachas | *Mainstream provision takes place in both an English-medium school and an Irish-language Aonad, known as Gaelcholáiste an Chláir.* |
| | | | | MSU 2017<br>15 tagairt don Ghaelcholáiste sa tuairisc | *The Board acknowledges the Inspectorate's affirmation of the following in particular: The high quality of learning and teaching in Ennis Community College/Gaelcholáiste an Chláir.*<br>*Based on analysis of certificate examination results, which were analysed both collectively and separately to recognise the differences between the community college and gaelcholáiste cohorts, achievable targets were set by the teachers to improve uptake and attainment.*<br>*The overall quality of assessment across the community college and the gaelcholáiste was satisfactory.*<br>*Many instances of effective use of information and communications technology (ICT) as a pedagogical tool were observed in both the community college and the gaelcholáiste.*<br>*A whole-school assessment policy needs to be developed, agreed and implemented across the community college and the gaelcholáiste.* |
| | | | | 2020<br>Matamaitic | *The school comprises an English-medium school and a Gaelcholáiste, with a total enrolment of 1353 students. Mathematics lessons through the medium of Irish were not evaluated during the course of this inspection.* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | 71103K | Coláiste Choilm | Gaelcholáiste Choilm (A) | 2014 Tíreolaíocht | *Students can study Geography through the medium of Irish in the Gaelcholáiste. Geography teachers in the Gaelcholáiste work very closely with their colleagues in the mainstream English-medium school and share the same subject department, policies and planning structures.* |
| | | | | 2014 MSU | *In effect, each year cohort, including those in Gaelcholáiste Choilm, is a sub-school, led by the year head and with designated responsibilities assumed by class tutors, members of the guidance department and other staff.*<br>*In addition to formal and informal board meetings, a sub-committee of Cork ETB has been established also, as the board of management of Gaelcholáiste Choilm, to consider issues that support the Gaelcholáiste within the whole school framework.* |
| 3 | 76068N | Coláiste na Sceilige | Coláiste na Sceilige (A) | 2017 MSU | *The school's All-Irish Unit (An tAonad Lán-Ghaeilge) provides for students who wish to pursue their junior cycle education through Irish. Planning is also underway to provide a separate student and classroom spaces for students attending the all-Irish unit (Aonad lán-Ghaeilge). Teachers in the All-Irish Unit (An tAonad lán-Ghaeilge) work very hard at preparing resources. These teachers should now maximise opportunities to access and share resources with supporting organisations and agencies, and to create links with other schools.* |
| 4 | 91513S | Pobalscoil na Tríonóide | Pobalscoil na Tríonóide (A) | 2015 Tíreolaíocht | *The school also has an* ***Ionad*** *where Tíreolas is taught as a curricular subject.* |
| 5 | 71020G | Davis College | Gaelcholáiste Dáibhís | 2023 Eolaíocht | Níl aon tagairt don aonad/sruth sa tuairisc. |
| | | | | 2018 Mata | Níl tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 2013 MSU | Níl tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| 6 | 71123Q | Terence McSwiney Community College | Gaelcholáiste Mhic Shuibhne (A) | 2022 Gaeilge | *Bunaíodh aonad lán-Ghaeilge, ar a dtugtar Gaelcholáiste Mhic Shuibhne sa scoil in 2019. Bhí 29 scoláire rollaithe san aonad agus bhí rang-ghrúpaí na chéad bhliana agus an dara bliain ag gabháil do shonraíocht Ghaeilge T1.*<br>*Ba mhaith an ní é freisin nasc inbhuanaithe a chothú idir an mháthairscoil agus an t-aonad lán-Ghaeilge.* |
| 7 | 76090G | Coláiste Pobail Bheanntraí | Coláiste Pobail Bheanntraí (S) | 2016 MSU | *A sruth lán-Ghaeilge (Irish-medium stream) is provided in junior cycle to facilitate students to progress from primary school through the medium of Irish.* |
| 8 | 91400F | Mayfield Community School (S) | | 2023 OSPS | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| | | | | 2016 MSU | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| 9 | 62970K | Coláiste Iognáid S.J. | Coláiste Iognáid S.J. (s) | 2018 Eolaíocht agus Ceimic | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| | | | | 2012 MSU | *A Sraith Ghaeilge, which operates up to Junior Certificate level, provides an enriching dimension to the school's activities.*<br>*Students sit an assessment test after having accepted a place in the school, and with the exception of students applying for the Sraith Ghaeilge, the results of these tests are used to assign all students to mixed-ability class groups.* |
| 10 | 70691C | Confey College | Confey College (S) | 2018 WSE | *In September 2017, an Irish language stream, An Sruth, was introduced to the school with the support of KWETB, as a means of providing additional choice to students from local primary Gaelscoileanna. Teachers providing instruction through the medium of Irish in An Sruth are either degree-level qualified in Irish or have undertaken* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | *initial CPD in Irish language training in order to further their linguistic skills. The ongoing provision of such CPD is recommended in order to ensure that students in the programme receive a consistently high quality teaching and learning experience. Numbers opting for admission to An Sruth in this initial year were low. To ensure the ongoing viability of the programme, as well as to observe the school's admission policy, SMT should closely monitor the numbers applying for participation in the programme and adopt a more structured approach to the long-term planning for the programme.* |
| **11** | 76193Q | Maynooth Community | Maynooth Community College (A) | 2023 Mata | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| **12** | 76474B | Dunmase College | Coláiste Dhún Másc | 2023 Mata | *The school operates an Aonad for one class grouping from first year through to sixth year, where the educational provision is offered through the medium of Irish.* |
| **13** | 71790J | Desmond College | Gaelcholáiste Uí Chonbá (A) | 2014 MSU | *The school has a Gaelcholáiste, a post-leaving certificate (PLC) section as well as specialist groups catering for students with mild learning disabilities and autism spectrum disorder (ASD).* |
| **14** | 76195U | Pobalcholáiste Chú Chulainn | Coláiste Lú (A) | 2019 Eacnamaíocht Baile | *The school includes a separate all-Irish provision which operates as Coláiste Lú.* |
| | | | | | *Coláiste Rís is a co-educational secondary school with an optional sruth Gaeilge (Irish-language stream) in the junior cycle. The optional sruth Gaeilge at junior cycle enjoys a long and proud tradition and is intrinsic to the school's identity. The vast majority of students in the sruth come from English-medium primary schools and some of them struggle initially with subject-specific terminology in Irish. While the school provides* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **15** | 63880O | Coláiste Rís | Coláiste Rís (S) | 2017 WSE | *them with a special induction day, it is evident that students would benefit from a more comprehensive induction programme and enhanced resources to build up their linguistic competence. During the evaluation, it was noted that while students of the sruth in first year and third year were studying three subjects through Irish, second year students were only studying one. School management reported that this was due to the complexity of providing additional subject options. It is recommended that the school make appropriate arrangements to ensure that students are offered an optimal number of subject options through Irish at junior cycle. It is also recommended that these students be provided with a more comprehensive induction course from the outset, to include subject-specific terminology in the target language. The school should also plan for enhanced resources and supports for the sruth from the school's general allocation, if they wish to secure its future.* |
| **16** | 65181V | Mercy College | Aonad Loch Gile | 2014 WSE | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc. |
| **17** | 72420E | Central Technical Institute | Gaelcholáiste Chéitinn | | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc |
| **18** | 76233C | Clare Galway | Coláiste Bhaile an Cláir | 2019 MSU | Níl aon tagairt d'aonad/sruth sa tuairisc |